

*Comhairle Contae Chorcaí
Tuarascáil Bhliantúil 2018*



**COUNTY HALL
50
YEARS**

A stylized, golden graphic of County Hall, showing the building's grid-like facade and a small tree in the foreground.

*Cork County Council
Annual Report 2018*



Clár Ábhair

Teachtaireacht ó Mhéara Chontae Chorcaí, an Comhairleoir Patrick Gerard Murphy agus ó Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chorcaí Tim Lucey	2
Ionadaithe Poiblí agus a dToghcheantair 2018.....	4
Comhaltaí Coistí agus Fochomhlachtaí.....	9
An Clár um Aistriú Teorann	12
Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair	13
Bóithre, Iompar & Sábháilteacht.....	14
Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Uisce	17
Tithíocht	18
Comhshaol.....	20
Pleanáil	24
Rialú Dóiteáin & Foirgníochta	29
Forbairt Gheilleagrach, Fiontar agus Turasóireacht.....	33
Airgeadas.....	43
Oibríochtaí na gCeantar Bardasach & Forbairt Tuaithe.....	46
Seirbhísí Corparáideacha	59
Aguisín 1 - Costais Comhaltaí 2018	62
Aguisín 2 - Comhdhálacha ar ar Freastalaíodh in 2018	62
Aguisín 3 - Comhdhálacha Oiliúna a nDearnadh Freastail orthu in 2018.....	63
Aguisín 4 - Taisteal Eile 2018	63





*Príomhfheidhmeannach
Chomhairle Contae Chorcaí
An tUasal Tim Lucey*



*Méara Contae Chorcaí
An Comhairleoir
Patrick Gerard Murphy*

Teachtaireacht ó Mhéara Chontae Chorcaí, an Comhairleoir Patrick Gerard Murphy agus ó Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chorcaí Tim Lucey

Cuirimid i láthair anseo Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Chorcaí 2018 ina leagtar amach an raon leathan seirbhísí poiblí agus tionscadal bonneagair a cuireadh i gcrích i rith na bliana seo. Mar Chomhairle, leanaimid d'éifeachtúlacht suntasach a sholáthar ar fud na seirbhísí sin, fad a choimeádaimid leibhéil ard seirbhíse. Tá ár gcuid saoránach, pobal agus gnóthas ag croílár ár n-eagraíochta. Tá sé mar thosaíocht againn, agus beidh i gcónaí, tacaíocht agus cúnaimh a thabhairt do na páirtithe leasmhara ríthábhachtacha sin.

Bliain i ndiaidh a chéile, tá ról ríthábhachtach glactha ag Comhairle Contae Chorcaí san ardcháilíocht bheatha a sholáthar as a mbaineann muintir Chorcaí leas. Cheiliúir ceann de na sainchomharthaí is aitheanta i gCorcaigh, agus Ceanncheathrú na Comhairle, cothrom 50 bliain I mbliana. Bhí Halla Contae Chorcaí ar cheann de na foirgnimh ba shofaisticiúla ag an am agus tá sé ina tsiombail ar uailmhian na Comhairle maidir le planáil chun cinn agus cur i gcrích straitéiseach. Osclaíodh go hoifigiúil Mol Chomhairle Contae Chorcaí um Fhás Gnó, ar ar tugadh an Oifig Mhótarchánach roimhe sin, i mbliana, agus tá ról lárnach ag an ionad cheana féin maidir le cuir chuige chruthaitheacha agus nuálacha i leith poist a chruthú sa cheantar áitiúil.

Tá an turasóireacht fós faoi bhláth i gCorcaigh agus oibríonn muidne, mar Chomhairle, go dlúth le Fáilte Éireann chun deiseanna Chorcaí a uasmhéadú mar chuid de Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus Sean-Oirthear Éireann. Freisin, tá rath dár gcuid féin á chruthú againn, agus tháinig méadú tapa ar líon na gcuaríteoirí ar Camden Fort Meagher agus Dún Inis Píc agus tá an dá háit chomh tábhachtach lena chéile; lenár dtacaíocht d'fhéilte ar fud Chontae Chorcaí, cabhraímid le himeachtaí a fhorbairt a tharraingíonn cuairteoirí ó gach cearn den domhan, rud a chruthaíonn deiseanna eacnamaíocha dár gcuid gnóthas áitiúil.

Bhí planáil i gcomhair Athrú Teorann Chorcaí i measc na gcúraimí ba thábhachtaí a bhí ar Chomhairle Contae Chorcaí in 2018. Is ionann an t-athrú sin ar rialachas áitiúil i gCorcaigh agus pointe stairiúil agus ríthábhachtach do Chontae Chorcaí. Mar Chomhairle, tá sé mar thosaíocht againn aistriú réidh seirbhísí a chinntiú le haghaidh saoránach, ghnóthas agus phobail Chorcaí a bhfuil cónaí orthu laistigh de cheantar an aistrithe. Ceadóidh an próiseas seo dúinn freisin díriú ar Chomhairle Contae Chorcaí nua ina mbeidh deiseanna nua d'fhorbairt tuaithe agus d'fhás eacnamaíoch.



Tá Seirbhísí Tithíochta agus tithíocht oiriúnach a chur ar fáil fós mar ábhar inmí Náisiúnta agus áitiúil. Mar Chomhairle, tá muid an-ghníomhach ó thaobh úsáid a bhaint as réitigh nuálacha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais tithíochta Chontae Chorcaí. Trí chinnteoireacht straitéiseach ó thaobh tógála agus fála i dteannta le leas a bhaint as comhpháirtíochtaí dearfacha le Comhlachtaí Tithíochta Faofa agus leis an tionscal príobháideach, chomhlíon Comhairle Contae Chorcaí 126% dá sprioc iomlán don bhliain. Táimid leagtha ar leanúint orainn ag cur i gcrích an chláir uallmhianach sin um sholáthar agus ar thithe a chur ar fáil dóibh siúd is mó a bhfuil gá acu leo.

Tá ar gcuid Comhaltaí Tofa geallta chun ionadaíocht a dhéanamh ar riachtanais na bpobal iomaí i gCorcaigh, fad a chinntítear go mbíonn seirbhísí lárnacha, agus go mbeidh siad I gcónaí, mar réimse lárnach béime. Rud atá ríthábhachtach dár gcumas na seirbhísí sin a sholáthar chomh rathúil ná ár bhfoireann dhíograiseach a oibríonn go cruá. Mar eagraíocht tá an t-ádh linn go bhfuil foireann againn a chuireann spéis san obair a dhéanaimid, na rudaí a bhainimid amach agus na daoine a mbíimid ag freastal orthu.

Ábhar bróid dúinn é go dtugann muid caighdeán ard seirbhíse do mhuintir Chorcaí a mbaineann siad leas as. Freisin bíimid ag iarraidh timpeallacht a chruthú a thugann deiseanna do chách. De réir mar a fhorbróidh an Chomhairle, forbróidh muidne chomh maith.









Ionadaithe Poiblí agus a dToghcheantair 2018

Toghcheantar na Blarnan/Mhaigh Chromtha

	<p>An Comhairleoir Gobnait Moynihan - FF Cúil Aodha, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí. Guthán póca: 086 868 5094 R-phost: clrgobnaitmoynihan@gmail.com</p>		<p>An Comhairleoir Ted Lucey - FG 14 Ard na Gréine, Coill na nGoirtíní, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí. Guthán póca: 086 870 3812 R-phost: tedluceyccc@eircom.net</p>
	<p>An Comhairleoir Michael Creed - FG Carraig an Phúca, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí. Obair: 021 – 485 1400 Guthán póca: 086 – 805 2792 R-phost: michaellacreed@eircom.net</p>		<p>An Comhairleoir Bob Ryan - FF An Lochán Thiar, Baile an Bhiocáire, An Bhlarna, Co. Chorcaí. Guthán póca: 087 258 4651 R-phost: bobryanelec@gmail.com</p>
	<p>An Comhairleoir Des O'Grady - SF An Fearann Íochtarach, Na hUamhanna, Co. Chorcaí. Guthán póca: 086 364 4317 R-phost: desogradysf@gmail.com</p>		<p>An Comhairleoir Kevin Conway - Neamhspleách Cúil Eoghain, An Bhlarna, Co. Chorcaí. Guthán póca: 087 279 5814 R-phost: kevinbconway@gmail.com</p>

Toghcheantar Dhroichead na Bandan/Chionn tSáile

	<p>An Comhairleoir Rachel McCarthy - SF 34 Ard an Chuilinn, Cnoc Brógáin, Droichead na Bandan, Co. Chorcaí. - Guthán: 087 765 9085 R-phost: rachelmmccarthy2003@yahoo.com</p>		<p>An Comhairleoir Kevin Murphy - FG Muileann an Untigh, Cill Anna, Cionn tSáile, Co. Chorcaí. Guthán: 021 477 2590 Guthán póca: 087 241 7843 R-phost: kevinmurphyw@gmail.com</p>
	<p>An Comhairleoir Alan Coleman - Neamhspleách 3 Na Spuaiceanna, Inis Eonáin, Co. Chorcaí Guthán: 087 234 1022 R-phost: alancolemanccc@gmail.com</p>		<p>An Comhairleoir Gillian Coughlan - FF Bóthar Dhún Mánmhaí, Droichead na Bandan, Co. Chorcaí. Guthán: 086 881 4196 R-phost: inionnimhathuna@colaisteaphiarsaigh.ie</p>
	<p>An Comhairleoir Aidan Lombard - FG Baile an Lúigh, Droichead an Mhionnáin, Co. Chorcaí Guthán: 086 362 0047 R-phost: aidanlombard80@gmail.com</p>		<p>An Comhairleoir James O'Donovan - FG Bóthar Chill Briotáin, Droichead na Bandan, Contae Chorcaí Guthán: 087 621 9122 R-phost: jamesodonovan87@gmail.com</p>



Toghcheantar Iarthar Chorcaí







	<p>An Comhairleoir John O'Sullivan - FG Cúirt Lios Lao, Cúirt Mhic Sheáfraidh, Contae Chorcaí, - Guthán: 086 262 0165 R-phost: jpgosullivan@gmail.com</p>		<p>An Comhairleoir Christopher O'Sullivan - FF 'Hillside', An Tamhnaigh, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí Guthán: 023 33 465 Guthán Póca 087 901 6534 R-phost: christopherosullivan@eircom.net</p>
	<p>An Comhairleoir Joe Carroll - FF The Arches, Cora an Fhéich, An Sciobairín, Co. Chorcaí. Guthán: 086 3631212 R-phost: carrolljoe@hotmail.com</p>		<p>An Comhairleoir Patrick Gerard Murphy - FF Brambles Cottage, Béal Átha Leice, Beanntraí, Co. Chorcaí. Guthán: 027 51027 Guthán Póca 086 252 7058 R-phost: patmurph@eircom.net</p>
	<p>An Comhairleoir Danny Collins - Neamhspleách Boston Bar, 1 Sráid Liam, Beanntraí, Co. Chorcaí. Guthán: 087 2956225 R-phost: bostondanny1975@gmail.com</p>		<p>An Comhairleoir Mary Hegarty - FG Hillcrest, Ard Na Gaoithe, Beanntraí, Co. Chorcaí. Guthán: 086 305 4862 R-phost: maryhegartycllr@gmail.com</p>
	<p>An Comhairleoir Paul Hayes - SF Baile an Churraigh, Cúirt Mhic Sheáfraidh, Co. Chorcaí. Guthán: 086 858 9019 R-phost: paul.hayes@sinnfein.ie</p>		<p>An Comhairleoir Declan Hurley - Neamhspleách Hillgrove House, Nedineagh East, Dún Mánmhaí, Co. Chorcaí. Guthán: 086 363 4592 & Facs: 023 884 5534 R-phost: declanj@eircom.net</p>

Toghroinn Baile an Chollaigh Carraig Uí Leighin

	<p>An Comhairleoir Séamus McGrath - FF 21 The Pines, Bridgemount, Carraig Uí Leighin, Co Chorcaí. Guthán: 086 391 6328 R-phost: cllrseamusmcgrath@eircom.net</p>		<p>An Comhairleoir Deirdre Forde - FG 12 Bóthar Lios Lao, Baile Fearainn, An Dúghlaise, Corcaigh Guthán: 087 916 1952 R-phost: info@deirdreforde.ie / www.deirdreforde.ie</p>
	<p>An Comhairleoir Eoghan Jeffers - SF 42 Newton Court, An Ghráinseach, An Dúghlaise, Corcaigh Guthán: 086 3436708 R-phost: eoghan.jeffers@gmail.com</p>		<p>An Comhairleoir Daithí O'Donnabháin - FF 11 The Grove, Coolroe Meadows, Baile an Chollaigh, Co. Chorcaigh. Guthán: 087 967 0591 R-phost: daithiod1@gmail.com</p>
	<p>An Comhairleoir Marcia D'Alton - Neamhspleách 22 Hillcrest, Pembroke Wood, An Pasáiste, Co. Chorcaí. Guthán: 085 7333852 R-phost: info@marciadalton.net</p>		<p>An Comhairleoir Mary Rose Desmond - FF 13 Ashwood, Bóthar Dhúglaise Theas, Corcaigh Guthán: 087 232 4515 R-phost: desmondmaryrose@gmail.com</p>
	<p>An Comhairleoir Derry Cauty - FG 24 Beech Rd, Eastáit Thiarna Mhúscraí, Baile an Chollaigh, Co. Chorcaí. Guthán: 086 243 6795 Facs: 021 487 1383 R-phost: derry.cauty@corkcoco.ie</p>		<p>An Comhairleoir John A Collins - FG Waterpark Stores, Carraig Uí Leighin, Co. Chorcaí. Guthán: 086 238 6692 R-phost: jacwps@eircom.net</p>
	<p>An Comhairleoir Michael Murphy - SF 14 Ardmore Estate, An Pasáiste, Co. Chorcaí. Guthán: 086 166 3311 R-phost: michaelfrickmurphy@gmail.com</p>		<p>An Comhairleoir Joe Harris - Na Daonlathaí Sóisialta 31 Elm Drive, Shamrock Lawn, An Dúghlaise, Corcaigh. Guthán: 087 958 1321 R-phost: joeharris@eircom.net</p>



Toghroinn Mhainistir Fhear Maí







	<p>An Comhairleoir Noel McCarthy - Fine Gael 3 The Meadows, Bóthar Dhún Táithín Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí Guthán: 025 49162 Guthán póca: R-phost: noelmccarthy28@hotmail.com</p>		<p>An Comhairleoir Ian Doyle - FF Clonmore, An Baile Nua, An Ráth, Co. Chorcaí Guthán: 087 664 4654 R-phost: iandoyle245@gmail.com</p>
	<p>An Comhairleoir Deirdre O'Brien - FF Killicane, Baile Mhistéala, Co. Chorcaí. Guthán: 087 682 3514 R-phost: deirdreobrienccc@gmail.com</p>		<p>An Comhairleoir Kay Dawson - FG Demesne, Baile Mhistéala, Co. Chorcaí. Guthán: 087 830 5649 R-phost: kaydawsonfinegael@gmail.com</p>
	<p>An Comhairleoir Frank O'Flynn - FF Baile Sheáin, Gleannúir, Contae Chorcaí. Guthán: 025 24411 Facs: 025 46967 Guthán póca: 086 852 0793 R-phost: frankoflynnccc@eircom.net</p>		<p>An Comhairleoir June Murphy - Na Daonlathaí Sóisialta 3 Mandeville Park, Baile Mhistéala, Co. Chorcaí. Guthán: 086 067 7002 R-phost: junemurphy2014@yahoo.ie</p>

Toghroinn Cheann Toirc/Mhala








	<p>An Comhairleoir John Paul O'Shea - FG Laharn, Baile Lombaird, Mala, Co. Chorcaí Guthán: 086 890 3154 R-phost: oshea_ip@hotmail.com</p>		<p>An Comhairleoir Bernard Moynihan - FF Dromscarra, Coiscéim na Caillí, Mala, Co. Chorcaí. Guthán: 087 772 2828 R-phost: bernardmoynihan1@gmail.com</p>
	<p>An Comhairleoir Gearoid Murphy - FF 139 Bank Place, Mala, Co. Chorcaí. – Guthán: 087 660 2868 R-phost: g.murphy.bl@hotmail.com</p>		<p>An Comhairleoir Melissa Mullane - SF Oakdale House, Upper Duhallow Park, Mala, Co. Chorcaí. Guthán: 086 062 3697 R-phost: melissa.mullane@sinnfein.ie</p>
	<p>An Comhairleoir Gerard Murphy - FG Oifig an Phoist, Áth Trasna, Co Chorcaí. Guthán: 029 60 001 Facs: 029 60 780 Guthán póca: 086 853 0836 R-phost: gmurphycork@gmail.com</p>		<p>An Comhairleoir Timmy Collins - Neamhspleách Meelin Village, Áth Trasna, Co. Chorcaí. Guthán: 087 263 2158 R-phost: collinstimmy1@gmail.com</p>



Toghroinn Chorcaí Thoir

	<p>An Comhairleoir Noel Collins - Neamhspleách St. Jude's, Mainistir na Corann, Contae Chorcaí.</p>		<p>An Comhairleoir Michael Hegarty - FG Moanroe, Ladysbridge, Contae Chorcaí. Obair: 021 466 7385 Facs: 021 466 7698 Guthán póca: 086 811 5150 R-phost: michael.hegarty@corkcoco.ie</p>
	<p>An Comhairleoir Michael Ahern - FF "Libermann", Cúirt an Bharraigh, Carraig Thuathail, Co. Chorcaí Guthán: 087 2484538 R-phost: michaelahern1911@gmail.com</p>		<p>An Comhairleoir Susan McCarthy - FG 43 An tSráid Mhór, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí. Guthán: 087 224 0377 R-phost: susan.finegael@outlook.ie</p>
	<p>An Comhairleoir Danielle Twomey - SF 28 Willowbank, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí. Guthán: 083 165 4606 R-phost: clldaniellewomey@gmail.com</p>		<p>An Comhairleoir Mary Linehan Foley - Neamhspleách "St. Martins", Bóthar Chill Chuaráin, Eochail, Co. Chorcaí. Guthán: 086 823 7905 R-phost: mlinehanfoley@hotmail.com</p>

Toghroinn An Chóibh

	<p>An Comhairleoir Padraig O'Sullivan - FF 8 The Courtyard, Woodville, Dún Citil, Gleann Maghair, Co. Chorcaí. Guthán: 087 785 9314 R-phost: posullivan00@hotmail.com</p>		<p>An Comhairleoir Sinead Sheppard - FG 1 The Park, An Cóbh, Co. Chorcaí. Guthán: 087 260 2091 R-phost: sinead.sheppard@gmail.com</p>
	<p>An Comhairleoir Kieran McCarthy - Neamhspleách 32 Assumption Place, An Cóbh, Co. Chorcaí. Guthán: 087 684 5249 R-phost: cllrkieranmccarthysf@gmail.com</p>		<p>An Comhairleoir Anthony Barry - FG Baile na Baintrí, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí. Guthán: 086 074 0394 R-phost: anthonybarry2014@gmail.com</p>
	<p>An Comhairleoir Ger Keohane - Neamhspleách 13 The Hermitage, Gleann Maghair, Co. Chorcaí. Guthán: 086 026 3046 R-phost: gerkeohane68@gmail.com</p>		<p>An Comhairleoir Diarmaid Ó Cadhla - : Neamhspleách 8 Cabhsa Beaumont Uachtarach, Baile an Teampaill, Corcaigh. Guthán: 086 380 5005 R-phost: docadhla@gmail.com</p>
	<p>An Comhairleoir Cathal Rasmussen - Páirtí an Lucht Oibre Rosemount, An Cóbh, Co. Chorcaí. Guthán: 086 887 8421 R-phost: rosemountcobh1@eircom.net</p>		



Ceantair Bhardasacha

Baile an Chollaigh/Carraig Uí Leighin –

Oifigeach an Cheantair Bhardasaigh: Kevin O'Regan

Cathaoirleach: An Comhairleoir Joe Harris

Droichead na Bandan/Cionn tSáile –

Oifigeach an Cheantair Bhardasaigh: Enda O'Halloran

Cathaoirleach: An Comhairleoir Aidan Lombard

Blarna/Maigh Chromtha –

Oifigeach an Cheantair Bhardasaigh: Marie O'Leary

Cathaoirleach: An Comhairleoir Ted Lucey

An Cóbh –

Oifigeach an Cheantair Bhardasaigh: Paraig Lynch

Cathaoirleach: An Comhairleoir Ger Keohane

Oirthear Chorcaí –

Oifigeach an Cheantair Bhardasaigh: Joe McCarthy

Cathaoirleach: An Comhairleoir Noel Collins

Mainistir Fhear Maí –

Oifigeach an Cheantair Bhardasaigh: Pauline Moriarty

Cathaoirleach: An Comhairleoir Frank O'Flynn

Ceann Toirc/Mala –

Oifigeach an Cheantair Bhardasaigh: Liz Donovan

Cathaoirleach: An Comhairleoir Timmy Collins

Iarthar Chorcaí –

Oifigeach an Cheantair Bhardasaigh: Justin England

Cathaoirleach: An Comhairleoir Danny Collins



Comhaltaí Coistí agus Fochomhlachtaí

Coiste an Tuaiscirt

An Comhairleoir Frank O'Flynn
An Comhairleoir Deirdre O'Brien
An Comhairleoir Noel McCarthy
An Comhairleoir June Murphy
An Comhairleoir Ian Doyle
An Comhairleoir Kay Dawson
An Comhairleoir Gerard Murphy
An Comhairleoir Timmy Collins
An Comhairleoir Gearóid Murphy
An Comhairleoir John Paul O'Shea
An Comhairleoir Bernard Moynihan
An Comhairleoir Melissa Mullane

Coiste an Deiscirt

An Comhairleoir Deirdre Forde
An Comhairleoir John A. Collins
An Comhairleoir Seamus McGrath
An Comhairleoir Marcia D'Alton
An Comhairleoir Derry Canty
An Comhairleoir Eoghan Jeffers
An Comhairleoir Daithí O Donnabháin
An Comhairleoir Mary Rose Desmond
An Comhairleoir Michael Murphy
An Comhairleoir Joe Harris
An Comhairleoir Gobnait Moynihan
An Comhairleoir Michael Creed
An Comhairleoir Des O'Grady
An Comhairleoir Ted Lucey
An Comhairleoir Bob Ryan
An Comhairleoir Kevin Conway
An Comhairleoir Pádraig O'Sullivan
An Comhairleoir Cathal Rasmussen
An Comhairleoir Kieran McCarthy
An Comhairleoir Ger Keohane
An Comhairleoir Anthony Barry
An Comhairleoir Sinéad Sheppard
An Comhairleoir Diarmaid O'Cadhla
An Comhairleoir Michael Hegarty
An Comhairleoir Noel Collins
An Comhairleoir Michael Ahern
An Comhairleoir Danielle Twomey
An Comhairleoir Susan McCarthy
An Comhairleoir Mary Linehan Foley

Coiste an Iarthair

An Comhairleoir Kevin Murphy
An Comhairleoir Alan Coleman
An Comhairleoir Aidan Lombard
An Comhairleoir Rachel McCarthy
An Comhairleoir Gillian Coughlan
An Comhairleoir James O'Donovan
An Comhairleoir Christopher O'Sullivan
An Comhairleoir Danny Collins
An Comhairleoir John O'Sullivan
An Comhairleoir Declan Hurley
An Comhairleoir Patrick Gerard Murphy
An Comhairleoir Mary Hegarty
An Comhairleoir Joe Carroll
An Comhairleoir Paul Hayes

Grúpa Beartais Chorpáraidigh

An Comhairleoir Patrick Gerard Murphy
An Comhairleoir Declan Hurley
An Comhairleoir Michael Hegarty
An Comhairleoir Kevin Murphy
An Comhairleoir Frank O'Flynn
An Comhairleoir Alan Coleman
An Comhairleoir John Paul O'Shea
An Comhairleoir Des O'Grady
Comhalta den Cheantar Bardasach aistrithe chuig an nGrúpa Beartais Chorpáraidigh:
An Comhairleoir Anthony Barry

Coistí um Beartais Straitéiseacha:

(1) Pleanáil & Forbairt Straitéiseach

An Comhairleoir Michael Hegarty (Cathaoirleach)
An Comhairleoir Aidan Lombard
An Comhairleoir Deirdre Forde
An Comhairleoir Seamus McGrath
An Comhairleoir Marcia D'Alton
An Comhairleoir Michael Murphy
An Comhairleoir James O'Donovan
An Comhairleoir Des O'Grady
An Comhairleoir Bob Ryan
An Comhairleoir Pádraig O'Sullivan
An Comhairleoir Cathal Rasmussen
An Comhairleoir Aaron O'Sullivan
An Comhairleoir Timmy Collins
An Comhairleoir Bernard Moynihan
Comhaltaí neamh-thofa
David O'Brien (Talmhaíocht)
Tony McGrath (Gnó. & Fostóirí)
Dan Boyle (Comhshaol/Caomhnú)
Michael O'Flynn (Forbairt/Tógáil)
Finbarr Harrington (Pobal & Deonach)
Tim O'Leary (Ionchuimsiú Sóisialta)

(2) Comhshaol

An Comhairleoir Kevin Murphy (Cathaoirleach)
An Comhairleoir Marcia D'Alton
An Comhairleoir Michael Murphy
An Comhairleoir James O'Donovan
An Comhairleoir Gobnait Moynihan
An Comhairleoir Ted Lucey
An Comhairleoir Cathal Rasmussen
An Comhairleoir Anthony Barry
An Comhairleoir Diarmaid O'Cadhla
An Comhairleoir Frank O'Flynn
An Comhairleoir Deirdre O'Brien
An Comhairleoir Kay Dawson
An Comhairleoir Bernard Moynihan
An Comhairleoir Melissa Mullane
Comhaltaí neamh-thofa
John Coughlan (Talmhaíocht)
Cian Murphy (Gnó. & Fostóirí)

Bernadette Connolly (Comhshaol/Caomhnú)
Michael Doyle (Comhshaol/Caomhnú)
Michael O'Shea (Forbairt/Tógáil)
Judith Green (Pobal & Deonach)

(3) Forbairt Gheilleagrach & Fiontar

An Comhairleoir Frank O'Flynn (Cathaoirleach)
An Comhairleoir Deirdre Forde
An Comhairleoir Daithí O Donnabháin
An Comhairleoir Mary Rose Desmond
An Comhairleoir Joe Harris
An Comhairleoir Aidan Lombard
An Comhairleoir Rachel McCarthy
An Comhairleoir Bob Ryan
An Comhairleoir Michael Hegarty
An Comhairleoir June Murphy
An Comhairleoir Ian Doyle
An Comhairleoir Gerard Murphy
An Comhairleoir John Paul O'Shea
Comhaltaí neamh-thofa
John O'Brien (Talmhaíocht)
Brendan Keane (Gnó. & Fostóirí)
Michael Delargey (Ceardchumann)
Stephen McCarthy (Forbairt/Tógáil)
Sean O'Riordan (Pobal & Deonach)
Bernie Connolly
Maura Walsh
Enda McDonnell

(4) Turasóireacht

An Comhairleoir Alan Coleman (Cathaoirleach)
An Comhairleoir Derry Canty
An Comhairleoir Kieran McCarthy
An Comhairleoir Sinéad Sheppard
An Comhairleoir Susan McCarthy
An Comhairleoir Deirdre O'Brien
An Comhairleoir Kevin Conway
An Comhairleoir Christopher O'Sullivan



An Comhairleoir Declan Hurley
An Comhairleoir Mary Hegarty
An Comhairleoir Joe Carroll
An Comhairleoir Paul Hayes
(Coiste um Beartaí Straitéiseacha
don Turasóireacht Ar Lean -)
An Comhairleoir Paul Hayes
Comhaltaí neamh-thofa
Vanessa Kiely O'Connor
(Talmhaíocht)
Aaron Mansworth (Gnó. & Fostóirí)
Derry Cronin (Gnó. & Fostóirí)
Anne Finch (Pobal & Deonach)
Clayton Love (RCYC)
Fáilte Éireann
Valerie Murphy (Comhpháirtíocht
Avondhu Blackwater)

(5) Tithíocht

An Comhairleoir Seamus McGrath
(Cathaoirleach)
An Comhairleoir Melissa Mullane
An Comhairleoir Gillian Coughlan
An Comhairleoir Rachel McCarthy
An Comhairleoir Noel McCarthy
An Comhairleoir Susan McCarthy
An Comhairleoir Noel O'Donovan
An Comhairleoir Gerard Murphy
An Comhairleoir Sinead Sheppard
An Comhairleoir Mary Linehan Foley
An Comhairleoir Eoghan Jeffers
An Comhairleoir Gearóid Murphy
An Comhairleoir Danny Collins
An Comhairleoir Patrick
Gerard Murphy
Comhaltaí neamh-thofa
Colm Cronin (Ceardchumann)
Finbarr Gannon (Forbairt/Tógáil)
Joan Twomey O'Sullivan
(Pobal & Deonach)
Liam O'Connor (Pobal & Deonach)
Jose Ospina (Ionchuimsiú Sóisialta)
Pat Dooley (Ionchuimsiú Sóisialta)

(6) Bóithre & Iompar

An Comhairleoir Declan Hurley
(Cathaoirleach)
An Comhairleoir Kieran McCarthy
An Comhairleoir Paul Hayes
An Comhairleoir Ger Keohane
An Comhairleoir Noel McCarthy
An Comhairleoir Michael Creed
An Comhairleoir Anthony Barry
An Comhairleoir Kevin Murphy
An Comhairleoir Ted Lucey
An Comhairleoir Timmy Collins
An Comhairleoir Christopher
O'Sullivan
An Comhairleoir Gillian Coughlan
An Comhairleoir Pádraig O'Sullivan
An Comhairleoir Patrick
Gerard Murphy
Comhaltaí neamh-thofa
John Daly (Talmhaíocht)

Brendan Keating (Gnó. & Fostóirí)
John Bowen (Ceardchumann)
Donal O'Leary (Comhshaol/Caomhnú)
John Boylan (Forbairt/Tógáil)
Brid Coakley (Pobal & Deonach)
Tim O'Leary (Ionchuimsiú Sóisialta)
Supt. Patrick Lehane
(An Garda Síochána)
Martin Walsh (Bus Éireann)

(7) Ionchuimsiú Sóisialta & Pobal

An Comhairleoir John Paul O'Shea
(Cathaoirleach)
An Comhairleoir June Murphy
An Comhairleoir Eoghan Jeffers
An Comhairleoir Danielle Twomey
An Comhairleoir Michael Creed
An Comhairleoir Kay Dawson
An Comhairleoir John A. Collins
An Comhairleoir Kevin Conway
An Comhairleoir Danny Collins
An Comhairleoir Noel Collins
An Comhairleoir Ian Doyle
An Comhairleoir Mary Rose Desmond
An Comhairleoir Daithí
Ó Donnabháin
Comhaltaí neamh-thofa
Eddie Mullins (Ceardchumann)
Helen Barrett (Comhshaol/Caomhnú)
Dan Mulvihill (Forbairt/Tógáil)
Theresa Barrett Bourke
(Pobal & Deonach)
Gavin Falk (Pobal & Deonach)
Diarmuid Cronin (Pobal & Deonach)
Pat Dooley (Ionchuimsiú Sóisialta)
Usanga Inioborg (Pobal & Deonach)

(8) Ealaíona, Cultúr & Teangacha

An Comhairleoir Des O'Grady
(Cathaoirleach)
An Comhairleoir Ger Keohane
An Comhairleoir Gobnait Moynihan
An Comhairleoir John A Collins
An Comhairleoir Mary Hegarty
An Comhairleoir Noel O'Donovan
An Comhairleoir Derry Canty
An Comhairleoir Mary Linehan Foley
An Comhairleoir Noel Collins
An Comhairleoir Joe Harris
An Comhairleoir Danielly Twomey
An Comhairleoir Alan Coleman
An Comhairleoir Joe Carroll
Comhaltaí neamh-thofa
Ken Buckley (Gnó. & Fostóirí)
Jim Murphy (Pobal & Deonach)
Christine Lane (Pobal & Deonach)
Therese Burke (Pobal & Deonach)
Geoff Gould
Dr. Eamon Lankford
Anne Davoran
Eugene O'Hea

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Thuaidh

An Comhairleoir
Noel McCarthy
An Comhairleoir
Gerard Murphy
An Comhairleoir John
Paul O'Shea
An Comhairleoir
Bernard Moynihan

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Theas

An Comhairleoir Marcia
D'Alton
An Comhairleoir Cathal
Rasmussen
An Comhairleoir Ger Keohane
An Comhairleoir Michael Hegarty

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Thiar

An Comhairleoir Rachel McCarthy
An Comhairleoir John O'Sullivan
An Comhairleoir Declan Hurley
An Comhairleoir Patrick
Gerard Murphy

Coiste Iníúcháireachta

An Comhairleoir Mary
Rose Desmond
An Comhairleoir Susan McCarthy
An Comhairleoir Declan Hurley
Comhaltaí Neamh-Thofa
Larry O'Dwyer
An tOllamh Ciaran Murphy
Edel Clancy
Eileen O'Shea

Coiste Bainistíochta na Limistéar Cósta

An Comhairleoir Marcia
D'Alton
An Comhairleoir Alan Coleman
An Comhairleoir Gillian Coughlan
An Comhairleoir James
O'Donovan
An Comhairleoir Kieran McCarthy
An Comhairleoir Anthony Barry
An Comhairleoir Mary
Linehan Foley
An Comhairleoir Michael Hegarty
An Comhairleoir Aaron
O'Sullivan
An Comhairleoir Danny Collins
An Comhairleoir Patrick
Gerard Murphy
An Comhairleoir Mary Hegarty
An Comhairleoir Joe Carroll
An Comhairleoir Paul Hayes



Coiste Leabharlannaíochta an Chontae

An Comhairleoir Seamus McGrath
An Comhairleoir Noel Collins
An Comhairleoir Mary Linehan Foley
An Comhairleoir Noel McCarthy
An Comhairleoir June Murphy
An Comhairleoir Ian Doyle
An Comhairleoir Gearóid Murphy
An Comhairleoir Mary Hegarty

Gnóthaí Eorpacha

An Comhairleoir Michael Murphy
An Comhairleoir Joe Harris
An Comhairleoir Alan Coleman
An Comhairleoir Aidan Lombard
An Comhairleoir Rachel McCarthy
An Comhairleoir Michael Hegarty
An Comhairleoir Frank O'Flynn
An Comhairleoir Deirdre O'Brien
An Comhairleoir Noel McCarthy
An Comhairleoir Kay Dawson
An Comhairleoir Ian Doyle
An Comhairleoir John Paul O'Shea
An Comhairleoir Deirdre Forde

Coiste na Séadchomharthaí Náisiúnta

An Comhairleoir Marcia D'Alton
An Comhairleoir Kevin Murphy
An Comhairleoir Bob Ryan
An Comhairleoir Kevin Conway
An Comhairleoir Susan McCarthy
An Comhairleoir Deirdre O'Brien
An Comhairleoir Melissa Mullane
An Comhairleoir Joe Carroll

An Coiste Monatóireachta Áitiúil maidir le hUisce Tuaithe

An Comhairleoir Daithí O Donnabháin
An Comhairleoir Aidan Lombard
An Comhairleoir Des O'Grady
An Comhairleoir Sinéad Sheppard
An Comhairleoir Michael Hegarty
An Comhairleoir Deirdre O'Brien
An Comhairleoir Timmy Collins
An Comhairleoir Mary Hegarty

Coiste Sainchomhairleachta um Thaistealaithe

An Comhairleoir Joe Harris
An Comhairleoir James O'Donovan
An Comhairleoir Ted Lucey
An Comhairleoir Ger Keohane
An Comhairleoir Danielle Twomey
An Comhairleoir Ian Doyle
An Comhairleoir Melissa Mullane
An Comhairleoir Joe Carroll

Comhchoiste Póilínachta

An Comhairleoir John A. Collins
An Comhairleoir Kevin Conway
An Comhairleoir Daithí O Donnabháin
An Comhairleoir Joe Harris
An Comhairleoir Kevin Murphy
An Comhairleoir Ted Lucey
An Comhairleoir Cathal Rasmussen

An Comhairleoir Des O Grady
An Comhairleoir Frank O'Flynn
An Comhairleoir June Murphy
An Comhairleoir Kay Dawson
An Comhairleoir Timmy Collins
An Comhairleoir Gearóid Murphy
An Comhairleoir Joe Carroll
An Comhairleoir Aaron O'Sullivan

Coiste Beartais CASP

An Comhairleoir Seamus McGrath
An Comhairleoir Marcia D'Alton
An Comhairleoir Kevin Murphy
An Comhairleoir Bob Ryan
An Comhairleoir Kevin Conway
An Comhairleoir Ger Keohane
An Comhairleoir Anthony Barry
An Comhairleoir Michael Hegarty
An Comhairleoir Eoghan Jeffers
An Comhairleoir Noel McCarthy
An Comhairleoir Mary Rose Desmond
An Comhairleoir Declan Hurley

Comhpháirtíocht Forbartha Iarthar Chorcaí

An Comhairleoir Michael Collins
An Comhairleoir Joe Carroll

Tascfhórsa Drugaí Réigiún an Deiscirt

An Comhairleoir Deirdre O'Brien

Comhpháirtíocht Spóirt

Chontae Chorcaí

An Comhairleoir Derry Canty
An Comhairleoir Bob Ryan
An Comhairleoir John Paul O'Shea

Comhlachtaí Poiblí Éireannacha

An Comhairleoir Noel McCarthy

Iontaobhas Oidhreachta an Chóibh

An Comhairleoir Cathal Rasmussen

BOO Chorcaí

An Comhairleoir Gillian Coughlan
An Comhairleoir Des O'Grady
An Comhairleoir Pdraig O'Sullivan
An Comhairleoir Kevin Conway
An Comhairleoir Michael Hegarty
An Comhairleoir Christopher O'Sullivan
An Comhairleoir Patrick Gerard Murphy
An Comhairleoir Mary Hegarty

AILG

An Comhairleoir Gbnait Moynihan
An Comhairleoir Ian Doyle
An Comhairleoir James O'Donovan
An Comhairleoir Daithí O Donnabháin
An Comhairleoir Sinéad Sheppard
An Comhairleoir Mary Linehan Foley
An Comhairleoir Bernard Moynihan
An Comhairleoir Paul Hayes

An Tionól Réigiúnach

An Comhairleoir Kevin Conway
An Comhairleoir Frank O'Flynn
An Comhairleoir Deirdre O'Brien
An Comhairleoir Gerard Murphy
An Comhairleoir Joe Carroll

An Fóram Sláinte Réigiúnach

An Comhairleoir Deirdre Forde
An Comhairleoir John A. Collins
An Comhairleoir Mary Rose Desmond
An Comhairleoir Joe Harris
An Comhairleoir Rachel McCarthy
An Comhairleoir Bob Ryan
An Comhairleoir Aaron O'Sullivan
An Comhairleoir Mary Linehan Foley
An Comhairleoir Timmy Collins

LAMA

An Comhairleoir Frank O'Flynn

Údarás na Gaeltachta

An Comhairleoir Gbnait Moynihan

Coiste Idirchaidrimh Chnocán an Bhuidéil

An Comhairleoir Anthony Barry
An Comhairleoir Gearóid Murphy
An Comhairleoir John Paul O'Shea

Coiste Forbartha Bhealach Eabhra

An Comhairleoir Deirdre O'Brien

Comhpháirtíocht Avondhu Blackwater

An Comhairleoir Bob Ryan
An Comhairleoir Kevin Conway



An Clár um Aistriú Teorann

Bhíothas ag fanacht go fóill ag deireadh 2018 leis an reachtaíocht deiridh maidir leis na socruithe leasaithe faoin teorainn idir Comhairle Contae Chorcaí agus Comhairle Cathrach Chorcaí. Ritheadh an reachtaíocht faoi dheireadh agus síníodh isteach sa dlí í ag deireadh Eanáir 2019.

D'ainneoin sin, ba phríomhthosaíocht do Chomhairle Contae Chorcaí i rith 2018 cur i bhfeidhm na dtograí faoin teorainn, de réir mar a d'fhormheas an Rialtas. Tá an clár foriomlán á mhaoirsiú ag an nGrúpa Maoirseachta um Chur i bhFeidhm a bhunaigh an tAire. Bíonn cruinniú uair sa mhí ag an ngrúpa seo a bhfreastalaíonn ionadaithe d'arbhainistíocht an Chontae agus na Cathrach orthu. Bhunaigh an Contae a cuid struchtúr feidhmithe go luath in 2018, i.e. trí Ghrúpa Stiúrtha Bainistíochta Ardleibhéil a bhunú a stiúran obair shainchuspóireach Fhoireann Feidhmiúcháin Ardleibhéil. Rinneadh dul chun cinn mór faoi dheireadh na bliana chun a chinntiú go mbainfí amach na spriocamanna dúshlánacha (i.e. na Toghcháin Áitiúla i mBealtaine 2019).

Is dúshlán ollmhór é an clár aistrithe don dá Chomhairle agus níor cheart an deacracht a bhaineann leis a mheas faoina luach. Mar gheall ar chomh mór agus chomh fairsing agus atá an t-athrú teorann, is é seo an leasú teorann is dúshlánaí agus is casta in earnáil an rialtais áitiúil le fiche nó tríocha bliain anuas, athrú a rachaidh i bhfeidhm ar os cionn 400 seirbhís de chuid na Comhairle. Beidh aistriú 85,000 saoránach ón gContae chuig an gCathair i gceist leis. Ba phríomhthosaíocht d'Arbhainistíocht agus do Chomhaltaí Tofa na Comhairle an clár seo, agus rinneadh ceisteanna a bhfuil tábhacht straitéiseach agus oibriúcháin acu a shainaitheint chun go ndéanfaí iad a phlé agus a réiteach. Chuir an Chomhairle príomhbhéim ar an dréacht-reachtaíocht, agus chuir sí isteach

tograí mionsonraithe agus cuimsitheacha i ndáil leis na céimeanna éagsúla den Bhille Rialtais Áitiúil 2018. Faoi dheireadh tugadh le fios gur glacadh le roinnt mhaith de na ceisteanna a tharraing an Contae anuas agus tugadh le fios freisin go léireofaí na ceisteanna sin sa reachtaíocht deiridh.

Ba phríomhthosaíocht an clár feidhmithe freisin don Arbhainistíocht agus don fhoireann, agus bhí na stiúrthoireachtaí ar fad an-díograiseach agus an-chúramach agus an t-ábhar idir lámhe acu. Leagadh amach tosaíochtaí soiléire ón tús, agus d'ullmhaigh Comhairle Contae Chorcaí sraith Pleananna Aistrithe go luath in 2018. Bhí caidreamh idir an Contae agus an Chathair chun na pleananna sin a roinnt agus chun béim choitinn a chomhaontú maidir le cur i gcrích an chláir. Díríodh aird ar leith ar na príomhpháirtithe leasmhara ag gach céim den phróiseas chun a chinntiú nach mbraithfidh na saoránaigh, custaiméirí agus úsáideoirí seirbhísí an t-aistriú ag tarlú, agus go mbeidh a laghad cur isteach agus míchaoithiúlachta agus is féidir i gceist.

Beidh tionchar suntasach ag an athrú teorann ar líon foirne Chomhairle Contae Chorcaí. Tá cainteanna agus idirbheartaíochtaí mionsonraithe ar bun le Comhairle Cathrach Chorcaí faoi láthair – arna stiúradh ag an nGrúpa Maoirseachta um Chur i bhFeidhm – d'fhonn líon, comhdhéanamh agus miondealú an aistrithe foirne deiridh a shocrú.

Rinneadh an-chuid dul chun cinn leis an bpróiseas um chur i bhfeidhm in 2018, agus tá na socruithe is gá i bhfeidhm le tacaíocht a thabhairt do na toghcháin áitiúla in 2019.



Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair

Bhuaigh Comhairle Contae Chorcaí na dámhachtainí seo a leanas i rith 2018:-

- Gradam sna Dámhachtainí Sábháilteachta Uile-Éireann a eagraíonn Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteacht na hÉireann.
- Bronnadh an Dámhachtain “Oifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre” Leading Lights ar an Oifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Déanann an Rannóg Sábháilteachta an Córas Bainistíochta Sábháilteachta a chomhordú ar son Chomhairle Contae Chorcaí. Cuireadh i gcrích Iniúchadh Faireachais ag deireadh 2018 agus cuireadh tús leis an gclár aistriithe chuig ISO: 45001. Rinneadh an feachtas Feasacht ar an Strus a Bhainistiú a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta agus rinneadh Suirbhé an Údarás Sláinte & Sábháilteachta maidir le Timpeallacht Oibre Dhearfach a scaipeadh i measc na foirne, rud a fuair freagairt mhaith ón bhfoireann istigh is amuigh. Déanfar na torthaí a chur in iúl don Ardbhainistíocht agus don fhoireann go luath in 2019 agus déanfar Plean Gníomhaíochta don todhchaí a fhorbairt.

Chuir an tOifigeach Forbartha Sábháilteachta Uisce tús le hiniúchadh a dhéanamh ar na baoithe tarrthála i gContae Chorcaí chun tacar sonraí ar fud na tíre a fhorbairt agus seoladh an tsonóg baoi ‘Rebel’ i mBealtaine chun a chur in iúl do pháistí scoile an tábhacht a bhaineann le baoithe tarrthála a choinneáil saor ó loitiméireacht agus múineadh dóibh conas baoi tarrthála a chaitheamh le beatha duine a shábháil.



Caroline Casey, Oifigeach Fobartha Sábháilteacht Uisce agus Sábháilteacht ar Bhóithre Chomhairle Contae Chorcaí, ar dheis agus Siobhan Bradley, cathaoirleach Shábháilteacht Uisce Chorcaí, ag seoladh na sonóige baoi ‘Rebel’ i Ros Ó gCairbre do Chontae Chorcaí, chun cur i gcúimhne do gach duine an tábhacht a bhaineann le baoithe tarrthála a choinneáil saor ó loitiméireacht.

In Eanáir 2018, tugadh an Oifig Gníomhaíochta Coirp & Folláine isteach sa Rannóg Sábháilteachta. Tá an oifig tiomanta don tsláinte a chur chun cinn i measc foireann Chomhairle Contae Chorcaí. Tá bonn fianaise mór ann a chruthaíonn go bhfuil tionchar dearfach ag gníomhaíocht choirp ar an bhfolláine coirp, ar chaighdeán na beatha agus ar an bhfolláine agus is rud iontach é an bealach a d’fháiltigh Comhairle Contae Chorcaí leis an rannóg nua seo. I measc na dtionscnamh a eagraíodh go dtí seo tá aclaíocht foirne agus ranganna Ióga, siúlóidí, cainteanna sláinte, Lá na gCroíthe Folláine, dúshlán chéime, Deasc go 5km agus Laethanta Folláine Náisiúnta san Ionad Oibre ar fud an Chontae.



Baill d’Fhoireann Chomhairle Contae Chorcaí a thug tacaíocht don “Fheachtas Ribín Glas chun Deireadh a Chur leis an Stigma a bhaineann le Meabharshláinte 2018”. San áireamh chun tosaigh ó Chlé go Deas tá Príomhfheidhmeannach CCC, Tim Lucey, Méara an Chontae, An Comhairleoir Declan Hurley, Ceann Folláine Chorcaí & Chiarraí FSS, Priscilla Lynch agus an Comhairleoir Patrick Murphy



Bóithre, Iompar & Sábháilteacht

Coiste um Beartais Straitéiseacha

D'eagraigh an Coiste um Beartais Straitéiseacha um Bóithre & Iompar 4 chruinniú in 2018:

- Forbraíodh beartas maidir le Bóithre a bhainistiú i ndiaidh Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúla.
- Rinneadh Cur i Láthair faoi Dháileadh Deontais Bóithre 2018, tugadh an t-Eolas is Déanaí maidir le Scéimeanna Príomhbhóithre agus Forbairtí san Iompar Uirbeach. Ceisteanna eile a pléadh:
- Áiteanna Pairceála a thacaíonn le Daoine Breacaosta
- Maoir Scoile
- Dromchlaí Bóthair Plaisteacha
- Trealamh Líneála Bóithre
- Síneadh na spriocdhátaí chun Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúla a chur i gcrích.
- Maoiniú Bhoneagar Iompair Éireann (BIÉ) le haghaidh Uasghráduithe/ Síniú Soilsiú Poiblí do shráidbhailte uirbeacha ar Bhóithre Náisiúnta

Bóithre Náisiúnta

Ba é an leithdháileadh iomlán a fuair Comhairle Contae Chorcaí ó Bhoneagar Iompair Éireann d'obair feabhsúcháin agus chothabhála in 2018 ná **€26.54 milliún**.

Rinneadh na Scéimeanna seo a leanas atá liostaithe i bPlean Forbartha Náisiúnta an Rialtais 2018 – 2027 a chur chun cinn mar a leanas:

Scéim Uasghrádaithe Acomhal Dhún

Citil M8/N25: Tá Conarthaí Réamhoibreacha lena n-áirítear Fálú, Seandálaíocht, Iniúchadh Láithreáin, Réiteach Láithreáin, Duchtáil, srl. do scéim uasghrádaithe acomhail Dhún Citil ag dul ar aghaidh faoi láthair. Ceapadh SISK Teo. mar Chonraitheoir don Phríomhchonradh Tógála.

Scéim Bhóthar N22 Baile Bhúirne - Mhaigh

Chromtha: Cuireadh i gcrích Conarthaí Réamhoibreacha lena n-áirítear Fálú, Seandálaíocht, Iniúchadh Láithreáin, Réiteach Láithreáin, srl. i rith 2018 agus fuarthas leithdháileadh €5.4m dó sin. Eisíodh Doiciméid Tairisceana don Phríomhchonradh Tógála don cheithre Chonraitheoir gearrliostaithe ar an

21 Nollaig 2018. Tá an talamh á cheannach faoi láthair.

Rinne an Bórd Pleanála Tionscadal

Mótarbhealach Chorcaí – Rinn an Scidigh

a fhorhmeas ar an 29 Meitheamh 2018. Foilsíodh an Fógra Dearbhaithe Formheasta ar an 7 Meán Fómhair agus tháinig an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh i bhfeidhm ar an 29 Meán Fómhair 2018. Leanann na hImeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh ar aghaidh san Ard-Chúirt ar an 26 Feabhra 2019.

Scéim Mótarbhealach Chorcaí – Luimnigh:

Rinne an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Plean Meastóireachta Tionscadail a fhorhmeas i Meán Fómhair 2018. Fógrófar ainm an Chomhairleora Teicniúil a n-éireoidh leis i bhFeabhra 2019.

Bóthar Faoisimh Mhala Thuaidh: Rinne an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Plean Meastóireachta Tionscadail a fhorhmeas i Meán Fómhair 2018.

Scéim Uasghrádaithe Bhóthar N25 Charraig

Thuathail – Mhainistir na Corann: Rinne an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Plean Meastóireachta Tionscadail a fhorhmeas i Samhain 2018.

Bhí na hoibreacha ar Chuarbhóthar Thuaidh Chorcaí fós curtha ar athlár ag deireadh 2018. Seirbhéaladh Fógra Tástála do Scéim N73 Crios an Chlochair o Coill Chlaí an Uisce, scéim N73 Áth na Cise agus Scéim N25 Bhaile na Martra. Rinneadh dul chun cinn leis **an gclár oibreacha ar chosáin agus** ar mhionfheabhsúcháin i rith 2018. Mar chuid den chlár seo, rinneadh uasghráduithe suntasacha ar chodanna de bhóthar N20 ag Baile Mháirtín, Baile an Bhoilbhéacaigh, An Ráth; Bóthar N25 Bhaile na Martra Thoir, Sráidbhaile Chill Ia; Rinneadh bóthar N71 ag Sráidbhaile Léim Uí Dhonnabháin, Lios Fhaoláin agus Doire a chríochnú don chuid is mó.

Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla

Clár Feabhsaithe Athchóirithe/Deontas Lánroghnach

Rinneadh 194 km de Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a threisiú faoin chlár seo i 207 suíomh, go díreach tríd an obair thógála a rinne foireann allamuigh na Comhairle agus trí chonarthaí athdhromchlú bóthair.



Clár Cothabhála Athchóirithe

Rinne foireann allamuigh na Comhairle agus a flíteanna cóiriú ar dhromchla 351 km de Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla i 229 suíomh.

Scéim Rannphárteachais Phobail

Rinneadh 12.1 km de bhóithre i 30 suíomh a fheabhsú / threisiú faoin gclár seo.

Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla

Cuireadh i gcrích 41 Scéim Feabhsúcháin Áitiúil ina n-iomláine nó i bpáirt in 2018, rud a chosain thart ar € 1.5M.

Scéimeanna Feabhsúcháin Shábháilteachta ar Bhóithre Ísealchostais

Cuireadh i gcrích 23 Scéim Feabhsúcháin Shábháilteacht ar Bhóithre ina n-iomláine nó i bpáirt in 2018.

Athshlánú Droichead

Cuireadh i gcrích obair dheisiúcháin ar 32 dhroichead agus 3 chlaífort cois bóthair in 2018. Cuireadh isteach 4 dhroichead agus 1 tóchar nua in 2018.

Bóithre Straitéiseacha Réigiúnacha agus Áitiúla

Cuireadh chun cinn na Bóithre Straitéiseacha Réigiúnacha & Áitiúla seo a leanas in 2018:

- **Bóthar Faoisimh an Iarthar Charraig Uí Leighin**
 - Doiciméid tairisceana curtha i gcrích den chuid is mó
 - Anailís Il-chritéireach curtha isteach
 - €750,000 faighte tríd an gCiste um Athghiniúint & Fhorbairt Uirbeach
- **Páirc Eolaíochta agus Nuálaíochta Chorcaí**
 - Ceannach talún agus Céim 1A den dearadh ag dul ar aghaidh faoi láthair;
 - Tá an tionscadal seo sa Limistéar Aistrithe Teorann.
 - Eagraíodh cruinnithe rialta le Comhairle Contae Chorcaí
- **Céim 3 Bhóthar Faoisimh Mhainistir na Corann Thuaidh**
 - Sainchomhairleoir ceaptha do gach céim ó roghnú bealaí go ceannach talún
 - Cistiú páirteach faighte tríd an gCiste um Athghiniúint & Fhorbairt Uirbeach

Oibreacha Feabhsúcháin Eile

Rinneadh dul chun cinn leis na hoibreacha feabhsúcháin seo a leanas in 2018:

- **Nascbhóthar Cheann Toirc**
 - Conraitheoir sconsaí ceaptha
- **Scéim Feabhsúcháin Bhóthar Ferney Carraig Uí Leighin**
 - Ordú Ceannaigh Éigeantaigh deimhniithe
- **Scéim Feabhsúcháin Bhóthar Leitheadach Mór**
 - Déanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) an Scéim a mhaoiniú i bpáirt
 - Eagraíodh cruinnithe rialta le Comhairle Contae Chorcaí
- **Scéim Feabhsúcháin Bhóthar Clarke's Hill**
 - Cuid VIII den tuarascáil pleanála arna formheas ag an gComhairle
 - Tá an tionscadal seo sa Limistéar Aistrithe Teorann
 - Eagraíodh cruinnithe rialta le Comhairle Contae Chorcaí
- **3 Champas Scoile, Carraig Uí Leighin**
 - Cuid VIII den tuarascáil pleanála maidir le huasghrádú bóithre foilsithe
 - Cuid VIII den tuarascáil pleanála maidir le huasghráduithe Timpeallán Gharrán na bhFuinseog & Crosaire Bhaile an Réithigh ag dul ar aghaidh faoi láthair

Tógadh agus dearadh **trasrianta coisithe, scéimeanna moillithe tráchta, agus tionscadail uasghrádaithe aomhail** i gcomhar le hOifigí Innealtóirí Cheantar Bardasach an Chontae. Chuir Conraitheoirí agus foireann allamuigh na Comhairle ar fud an Chontae **Oibreacha Cosáin & Oibreacha Coimhdeacha** i gcrích.

Soilsiú Poiblí

Cuireadh suas 213 solas poiblí nua agus rinneadh uasghrádú ar 56 cinn faoin gClár Soilsiú Poiblí 2018 ar chostas thart ar €400,000.

Sábháilteacht ar Bhóithre

In 2018, rinneadh athbhreithniú ar Phlean Sábháilteacht ar Bhóithre Chorcaí 2016-2020, plean a seoladh i 2016, i ndiaidh ullmhúcháin ón nGrúpa Oibre um Shábháilteacht ar Bhóithre, grúpa ar a bhfuil Comhairlí Contae agus Cathrach Chorcaí, baill den Gharda Síochána, ón tSeirbhís Dóiteáin, ó BIÉ, ón Údarás



um Shábháilteacht ar Bhóithre agus ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Maraíodh 11 dhuine san iomlán ar na bóithre i gContae Chorcaí in 2018 i gcomparáid le 12 dhuine san iomlán in 2017.

Athbhreithniú ar an Luasteorainn

Rinneadh athbhreithniú ar Luasteorainneacha ar **Bhóithre Náisiúnta** a chur i gcrích agus tháinig Fodhlíthe i bhfeidhm ar an 1 Feabhra 2018.

Chomh maith leis sin, glacadh le fodhlíthe in 2018 maidir le tabhairt isteach luasteorainneacha 30 km/u i líon níos mó eastát tithíochta. Tá 90 eastát tithíochta rialaithe ag an luasteorainn 30 km/u anois.

Bainistíocht Flít

In 2018, mar chuid den chlár athnuachana flít, ghlac an Chomhairle le beart 68 feithicil nua, lena n-áirítear 33 veain, 17 dtruiclín, 7 leoraí leata salainn, 3 fheithicil scuabtha mórbhóithre, 2 lomaire faiche marcaíochta, 2 fhorcardaitheoir, 1 theilea-trucail, 1 lódaire, 1 ‘velocity patcher’ féinghluaiste agus 1 leatóir slise.



Glantóirí Súite

Úsáidtear feithicilí Scuabtha Bóithre chun bóithre a ghlanadh trí smionagar a scuabadh de na bóithre agus úsáidtear freisin iad chun silteáin bóithre a fholmhú. Is ionann na ceannacháin seo agus an chéad mhórinfheistiú a rinneadh san fhlít Feithicilí Scuabtha Bóithre móra atá faoi úinéireacht na Comhairle le 10 mbliana anuas, ós rud é go raibh srian ar a leithéid seo d’infheistíocht mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta a tharla deich mbliana ó shin. Sa bhliain atá romhainn, ceannóidh an Chomhairle Feithicilí Scuabtha Bóithre eile faoi chreat-chomhaontuithe náisiúnta na hOifige um Sholáthar Rialtais, rud a chuirfidh leis an bhflít feithicilí scuabtha bóithre atá faoi úinéireacht aici.



Leoraí leata salainn in éineacht le céachta sneachta

I rith 2018, cuireadh ar fáil cistiú caipitil breise de €620,000 ionas go bhféadfadh an Chomhairle riachtanais straitéiseacha an fhlít a thabhairt chun tosaigh go mear le go mbeadh sé in ann déileáil le drochttheagmhais aimsire: tuile, stoirmeacha, sneachta agus leac oighir - amhail an dá “Fholáireamh Aimsire Dearg” a tharla le 12 mhí anuas. Úsáideadh an cistiú caipitil seo chun Leoraithe leata salainn agus trealamh éigeandála bainteach eile a cheannach. Tá sé i gceist ag an gComhairle leanúint d’infheistíocht suntasach a dhéanamh san fhlít, agus bainfear úsáid as teicneolaíochtaí nua chun éifeachtúlachtaí a bhaint amach. In 2018, d’eagraigh an rannóg Bainistíochta Flít ceannach, seachadadh agus spraeáil os cionn 10,000 tona biotúmain ar fud an chontae. Rinneadh an tSaotharlann Tástála Ábhair 324 tástáil ar shamplaí d’ábhair marcála bóthair chun monatóireacht a dhéanamh ar rialú caighdeán na n-ábhar marcála bóthair a soláthraíodh don Chomhairle.

Staidreamh na bliana 2018

Líon na n-iarratas a fuarthas:

Dúnadh Sealadach Bóthair - 211

Ceadúnais Oscailte Bóithre - 3,584

Ceadanna Ualaigh Neamhghnácha - 297

Líon na gceisteanna a bhain le Bóithre a fuarthas ar an tairseach ar líne ‘Your Council’ - 8,984



Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Uisce

Cumhdaíonn an Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Uisce réimse feidhmeanna lena n-áirítear Uisce Óil & Oibríochtaí Fuíolluisce, Tionscadail Chaipitil agus Uisce Tuaithe. Cuimsíonn sé Bainistíocht an Chósta & Tionscadail Tuilte freisin.

Buaicphointe 2018:

Ba í an ghné is súntasaí a bhain le 2018 ná na drochtheagmhais aimsire a tharla, lena n-áirítear stoirmeacha agus triomach. Gan dabht ar bith is é an obair iontach a rinne foireann na Comhairle chun sábháilteacht mhuintir Chorcaí a chinntiú agus chun an cur isteach a tharla dóibh a mhaolú buaicphointe 2018.

Uisce Óil & Oibríochtaí Fuíolluisce:

Is ionann na Rannóga Uisce Óil & Fuíolluisce agus croílár na Stiúrthóireachta um Sheirbhísí Uisce. Freastalaíonn siad ar 350,000 duine ar fud an chontae agus cinntíonn siad go mbíonn soláthar uisce óil d'ardchaighdeán ar fáil (ag táirgeadh os cionn 185 milliún lítear uisce in aghaidh an lae) agus go ndéantar cóireáil sábháilte agus éifeachtúil ar fhuíolluisce ag 250 Stáisiún Caidéalúcháin agus Ionad Cóireála Fuíolluisce.

De bharr na tosaíochta a thugtar do chaomhnú uisce trí sceitheadh uisce a laghdú, sábháiltear 8 milliún lítear in aghaidh an lae.

Léiriú ar ardleibhéal na seirbhíse atá á chur ar fáil ná an scór ard atá gnóthaithe ag an rannóg seo i réimsí amhail Sláinte & Sábháilteacht.

Oifig na dTionscadal Caipitil:

Tá ról lárnach ag Oifig na dTionscadal Caipitil chun a chinntiú go ndéantar feabhsúchán leanúnach ar an mbonneagar uisce ar fud Chontae Chorcaí. Cuireann sé ar fáil Seirbhísí Bainistíochta Tionscadail fad saolré chun cur i bhfeidhm Clár Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann do na blianta 2017-2021 a éascú, clár a bhfuil 47 bpríomhthionscadal bonneagair do Limistéar Chontae Chorcaí ina chuid de. Tá na tionscadail sin chomh maith le liosta mór tionscadal feabhsúcháin Lónra agus go leor Clár Caipitil á bhainistiú ag an oifig. Tá na tionscadail seo sna hearnálacha Uisce agus Fuíolluisce.

Uisce Tuaithe:

Soláthraíonn an Rannóg Uisce Tuaithe cúnamh mór do Ghrúpscéimeanna Uisce a fhreastalaíonn ar 10,000 teaghlach ar fud an chontae. Áirítear leis seo bainistiú an Chláir Uisce Tuaithe agus cúnamh riaracháin agus innealtóireachta a chur ar fáil. Déanann siad bainistiú freisin ar sholáthar deontas toibreacha, agus dáileadh €700,000 ar theaghlaigh in 2018 dá bharr sin.

Bainistíocht an Chósta agus Tionscadail Tuilte:

I ré ina bhfuil níos mó éiginnteachta mar gheall ar an aeráid ná riamh, bhí agus beidh ról lárnach ag an rannóg seo amach anseo chun sábháilteacht tithe cónaithe agus gnólachtaí ar fud roinnt limistéar leochaileach i gcontae Chorcaí.

I measc na scéimeanna tuilte a tugadh chun cinn in 2018 bhí an Sciobairín, Dúglas, An Ghlaise Bhuí, An Baile Gallda, Mainistir na Corann, Beantraí, Droichead na Bandan, Cloich na Coillte agus an Laoi Íochtarach. I measc na dTionscadal ar an gCósta a tugadh fúthu in 2018, bhí Pontún na Scoile, athchóiriú 3 ché ag an nGleann Garbh, an Phailís & Tinawell agus 9 dtionscadal oileáin ar Fhaoide, Inis Arcáin, an tOileán Mór, Inis Fada, agus Oileán Baoi.



Tithíocht

Coiste um Beartais Straitéiseacha

Chruinnigh an CBS Tithíochta le chéile 4 huairé in 2018. I measc na gceisteanna a pléadh bhí Measúnú Riachtanas Tithíochta 2018, an Clár Soláthair Tithíochta, Bainistíocht Eastáit, an Straitéis do Dhaoine gan Dídean agus an Scéim Rogha Tithíochta. Rinne Cork Mental Health agus O’Cualann Housing Alliance cur i láthair don Chomhairle i rith na bliana. Tugadh faisnéis don Chomhairle freisin faoi athbhreithniú Nós Imeachta Cothabhála na Comhairle do Thithe Folmha agus pléadh Dréachtphlean Straitéiseach Tithíochta do Dhaoine atá faoi Mhíchumas, a moladh don Chomhairle Iomlán lena fhorghas.

Bailiú Cíosa Tithíochta

Ba é €20 milliún an t-ioncam ó chíos tithíochta in 2018 agus fuarthas €1.5 milliún sa bhreis ó réadmhaoín na Scéime Cóiríochta Cíosa. Ba é an meánráta bailithe cíosa don chontae ná 94%.

Leithdháilte Tithíochta

Rinneadh 472 aonad a leithdháileadh ar iarratasóirí ar éirigh leo in 2018. Áiríodh leo seo leithdháilte d’aonaid a sholáthraigh na Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, maoin NARPS agus stoc Tithíochta Sóisialta na Comhairle féin.

Tithe Neamhshealbhaithe

Rinneadh athchóiriú ar 148 maoin neamhshealbhaithe san iomlán in 2018 agus díobh seo, cuireadh bail ar 144 maoin de chuid na Comhairle trí shruthanna cistiúcháin a chuir ar fáil ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil le go gcuirfí maoin neamhshealbhaithe chun úsáide táirgiúla.

Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas

Fuair an Chomhairle leithdháileadh de €822,890 chun maoin de chuid na Comhairle a athchóiriú, suim a raibh ranníocaíocht 10% den iomlán ón Údarás Áitiúil san áireamh leis. In 2018, cuireadh i gcrích oibreacha ar

92 teach údaráis áitiúil san iomlán chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas.

Scéim Éifeachtúlachta Fuinnimh

Faoi Scéim um Éifeachtúlacht Fuinnimh RTPRÁ, rinne an Roinn Tithíochta oibreacha chun éifeachtúlacht fuinnimh 530 teach údaráis áitiúil a fheabhsú ar chostas €2.83 milliún.

Léasú

Cothaíonn léasú mar bhealach chun tithíocht shóisialta a sholáthar roghanna maidir le líon na tithíochta sóisialta a chuirtear ar fáil a mhéadú. Faoi láthair, tá 739 aonad tithíochta inacmhainne nár díoladh ligthe amach ar léas chuig na Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta. Anuas air sin, cuireadh 64 aonad nua ar fáil trí scéimeanna léasaithe eile in 2018 agus, mar sin, cuireadh ar fáil 444 aonad san iomlán go dtí seo.

Scéim Cúnaimh Caipitil

Soláthraíodh 43 aonad nua in 2018. Tá 13 aonad á dtógáil faoi láthair agus tá roinnt scéimeanna ag céimeanna éagsúla dá bpleanáil agus dá bhforbairt. Tá na scéimeanna sin ar fad á gcur i gcrích i bgcomhpháirtíocht le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta áitiúla.

Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)

Lean leathadh amach na Scéimeanna ar aghaidh ar fud na tíre i rith 2018, agus aistríodh 1135 tionónta go ÍCT. Ba é 3339 líon iomlán na dtionóntachtaí ÍCT ar an 31/12/18. Rinneadh 871 iniúchadh ar mhaoine sa chontae i rith 2018.

Easpa dídine

Tá Comhairle Contae Chorcaí ag obair i ndlúthchomhar le Comhairle Chathair Chorcaí agus le Comhairle Contae Chiarraí i gcónaí chun dul i ngleic leis an easpa dídine ar bhonn réigiúnach tríd an nGrúpa Bainistíochta Straitéiseach um Easpa Dídine agus tríd an bhFóram Réigiúnach um Easpa Dídine. Chuir Comhairle Contae Chorcaí seirbhís ‘Place Finder’ ar bun in 2018, seirbhís a dhíríonn go hiomlán ar theaghlaigh a aicmíodh mar theaghlaigh gan dídean a aistriú go díreach



ó sheirbhísí do dhaoine gan dídean go dtí tithíocht ar cíós san earnáil phríobháideach faoin Scéim ÍCT. Chruthaigh an tseirbhís ‘Place Finder’ 30 tionóntacht idir an 1 Meitheamh 2018 agus an 31 Nollaig 2018.

Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí (Incriminteach)

Tógadh isteach an Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí (Incriminteach) ar an 1 Eanáir 2016. Fuair thart ar 5,680 tionónta, atá ag áitiú réadmhaoine a d’fhéadfaí a chur ar díol, pacáiste eolais. Fuarthas 226 iarratas iomlán tar éis 702 Léiriú Spéise a fháil. Leanann an tAonad Roghanna Ceannaigh ar aghaidh iarratas a phróiseáil agus an Scéim a chur i bhfeidhm. Díoladh 30 réadmhaoín (thart ar €1.9 milliún) go dtí seo.

Iasacht Tithíochta de chuid

Atógála Éireann

Tugadh isteach Iasacht Tithíochta Atógála Éirinn i bhFeabhra 2018. Fuarthas 237 iarratas go dtí seo. Bhí 23 iasacht tugtha roimh ré/i bpáirt roimh ré ar luach iomlán €3,442,610.05 faoin 31 Nollaig 2018. Leanann an tAonad Roghanna Ceannaigh ar aghaidh ag próiseáil an líon seasta iarratais nua agus ag déileáil leis an líon mór ceisteanna agus caidreamh idir-rannach maidir le comhaid atá idir lámhe cheana féin.

Deontais

Leithdháileadh €5,617,405 ar Chomhairle Contae Chorcaí in 2018, agus fuarthas 20% den mhaoiniú óna hacmhainní féin. I rith 2018, fuair an Chomhairle 937 iarratas agus d’íoc sí €4,314,255 san iomlán i ndeontais.

Bainistíocht Eastáit

Lean an tAonad Bainistíochta Eastáit ar aghaidh ag obair leis na Cumainn Áitritheoirí i rith 2018 chun eastáit a fheabhsú. Leithdháiltear maoiniú ar Chumainn Áitritheoirí ghníomhaíocha chun cúnamh a thabhairt dóibh maidir leis na costais a thabhaítear.

Taistealaithe

Bhí na leithdháilte d’Iarratasóirí Taistealaithe in 2018 ag teacht leis na spriocanna a leagadh síos i bPlean Cóiríochta do Thaistealaithe Chomhairle Contae Chorcaí 2014-2018.

Sealbhuíte Tithíochta

In 2018, cheannaigh Comhairle Contae Chorcaí 56 aonad caighdeánach agus 4 aonad Ceannaigh agus Athnuachana i gcomhair Tithíocht Shóisialta, faoi théarmaí na Straitéise Tithíochta Sóisialta.

Ionadaíochtaí Comhaltaí Tofa

Fuarthas, próiseáladh agus freagraíodh 2,773 aighneacht i rith 2018. Leanann an Tairseach Aighneachta tiomnaithe ar líne ar aghaidh eisiúint na bhFreagairtí a chuíchóiriú.

Clár Tógála

Lean Comhairle Contae Chorcaí ar aghaidh ag cur chun cinn a clár tógála i rith 2018. Cuireadh i gcrích phróiseas Cuid 8 maidir le 365 aonad in 2018, agus tosnóidh an obair thógála orthu siúd in 2019. Soláthraíodh 25 aonad trí chláir féintógála na Comhairle in 2018. Soláthraíodh 97 aonad tríd an mhúnla lándéanta agus 83 aonad tríd an phróiseas Cuid V. Tá 150 teach lándéanta á dtógáil faoi láthair agus tá 250 teach eile ag céimeanna éagsúla den phróiseas faofa.

Scéim Rogha Tithíochta

Rinneadh córas Rogha Tithíochta Chomhairle Contae Chorcaí a leathadh amach don earnáil Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta i rith 2018. Rinneadh 599 réadmhaoín a thairiscint tríd an gcóras Rogha Tithíochta go dtí seo agus glacadh le 593 de na tairiscintí. Ní raibh ach ráta diúltaithe de 7% ann.



Comhshaol

Coiste um Bheartais Straitéiseacha (CBS) don Chomhshaol

Chruinnigh an CBS don Chomhshaol le chéile trí huairé in 2018 chun an beartas corparáideach sna réimsí seo a leanas a phlé agus a fhorbairt;

- Athbhreithniú ar an mBeartas Comharthaíochta
- Measúnú Éilimh maidir le Fuíollábhar Ithreach agus Cloiche/Tógála
- Comórtas Bliantúil Bhruscair – athbhreithniú ar rialacha & critéir an chomórtais
- Dumpáil fuíollábhair/mhídhleathach – Cumhachtaí Forfheidhmithe
- Fodhlíthe Cur i Láthair Fuíollábhair
- An Clár um Ionad Oibre Glas
- Plean Bainistíochta na nAbhantrach 2018-2022

Aer

Ar cheann de na príomhfhorbairtí a tharla in 2018, suiteáladh an Gníomhaíocht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) de stáisiún Monatóireachta Fíor-ama do Cháilíocht an Aeir i gCóbh. Is é an stáisiún seo a dhéanann monatóireacht ar ábhair aeriompartha (PM_{2.5} & PM₁₀), agus is é an chéad ceann dá chineál i limistéar na comhairle contae. Chabhraigh an chomhairle leis an GCC chun an stáisiún a chur i bhfeidhm, trí shuíomh a chur ar fáil dó agus na fotha nár mhór a dhéanamh a éascú. Cuireadh isteach é i **gCóbh** i Samhain 2018 agus is féidir na sonraí fíor-ama a bhailíonn sé a fheiceáil ag <http://www.epa.ie/air/quality/data/cobh/>. Leanfaidh an chomhairle de bheith ag obair leis an GCC chun an líonra monatóireachta náisiúnta um cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh a leathadh amach go dtí áiteanna eile ar fud an chontae. Rinneadh réimse oibrítheoirí agus gníomhaíochtaí, incheadúnaithe faoi na hAchtanna um Thruailliú Aeir, a rialáil agus a mhonatóiriú, lena n-áirítear;

- 13 Thionscal
- 33 Tirimghlantóir
- 46 Péintéir Spraeála
- 50 Stáisiún Peitрил
- 150 Cigireacht ar Mhiondóltóirí Breosla Soladaigh

Lena chois sin, tugadh freagra ar 148 gearán maidir le haer agus torann.

Athrú Aeráide

Mar a éilítear faoin Chreat Oiriúnaithe Náisiúnta, rinneadh Dréachtstraitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide a scaipeadh chuig comhaltaí an Choiste um Beartais Straitéiseacha don Chomhshaol i Meán Fómhair 2018. Éilítear ar Údaráis Áitiúla Straitéisí Oiriúnaithe ar leith a ghlacadh roimh an 30 Meán Fómhair 2019.



Monatóir ar Cháilíocht Aeir sa Chóbh

Dheimhnigh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (RCGAC) in Eanáir 2018 go mbeadh maoiniú €10 milliún thar thréimhse cúig bliana á chur ar fáil don Oifig um Gníomhaithe ar son an Chomhshaoil, Réigiún an Chósta Atlantaigh. Is í Comhairle Contae Chorcaí an príomhúdarás sa tseirbhís réigiúnach roinnte seo, a chuimsíonn limistéir riaracháin údaráis áitiúla an Chláir, Chathair Chorcaí, Chontae Chorcaí, Chiarraí agus Luimnigh. Tá na trí Oifig Réigiúnacha eile á mbainistiú ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (Réigiún Uirbeach Bhaile Átha Cliath), Comhairle Contae Chill Dara (Réigiún an Oirthir & Lár Tíre) agus Comhairle Contae Mhaigh Eo (Réigiún an Chósta Atlantaigh Thuaidh).





Comhordaitheoirí Réigiúnacha CARO (Ó chlé go deas) – Liam Dromey (Cósta an Atlantaigh Theas), David Mellett (Cósta an Atlantaigh Thuaidh), an tAire Stáit Seán Canney, David Dodd (Réigiún Uirbeach Bhaile Átha Cliath) agus Alan Dunney (Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre) - glacadh an grianghraf ag seoladh Threoirlínte Forbartha Straitéis Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, in Baile Átha Luain an 3 Nollaig 2018.

CARO

Is é ról na nOifigí Réigiúnacha do Ghníomhaithe ar son na hAeráide (CARO) ná:

- saineolas agus cumas a chur ar fáil ag leibhéal réigiúnach chun páirt éifeachtúil a ghlacadh san athrú chuig geilleagar ísealcharbóin agus geilleagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide de
- úsáid éifeachtúil acmhainní i gcur le chéile Straitéisí Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil trí dhúbláil a dhíbirt le linn ullmhú gach Straitéis ar leith
- cur leis an taithí agus an saineolas atá ag earnáil na n-údarás áitiúil cheana agus comhoibriú agus tacaíocht idir-ghníomhaireachta a chur chun cinn
- naisc a fhorbairt le hinsitiúidí 3ú leibhéal
- páirt a ghlacadh sa Chomhrá Náisiúna ar Ghníomhaithe ar son na hAeráide ar bhonn réigiúnach

Tuairiscíonn CARO do Ghrúpa Stiúrtha Réigiúnach ar a bhfuil ainmnithe ó na cúig údarás áitiúla.

Maidir le tionchar agus armhairtí na drochaimsire, éilítear ar gach údarás áitiúil Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide a fhorbairt faoi dheireadh Mheán Fómhair 2019. Tá ullmhúchán na Straitéisí seo ag dul ar aghaidh faoi láthair agus cuimsíonn sé athbhreithniú de na drochtheagmhais aimsire a tharla le deich mbliana anuas. Soláthróidh na Straitéisí, nuair a bheidh siad críochnaithe, treoir maidir leis an dóigh a gcuirfí údarás áitiúla iad féin ‘in oiriúint’ don athrú aeráide.



Feasacht Chomhshaoil

Thacaigh an chomhairle le réimse leathan tionscnamh feasachta comhshaoil agus taighde in 2018, lena n-áirítear Clár na Scoileanna Glasa a eagraíonn An Taisce agus Comórtas na nGairdíní Scoile a eagraíonn Muintir na Tíre. Faoi Scéim Deontais Áitiúil de Chlár 21, atá á maoiniú i bpáirt ag RCGAC, tacaíodh le 46 tionscadal san iomlán in 2018 le cistiú d’os cionn €67,000 san iomlán.

Imeacht ‘Circular Ocean’

Bhuail toscairí ón Iorua, ó Shasana, ó Albain agus ón nGraonlainn le saineolaithe tionscail ag Halla Cathrach Chorcaí i Meán Fómhair 2018 chun dúshlán na plaistice muirí a phlé agus chun réitigh a lorg ar fhadhb dhomhanda an bhruscair eangaí agus rópaí a chaitear amach ar an bhfarraige.


Ba thoradh ar thrí bliana oibre é an seimieár seo, chomh maith le taighde a rinne an tionscadal trasnáisiúnta Eorpach ‘*Circular Ocean*’, atá faoi cheannaireacht thionscnamh Chomhairle Contae Chorcaí ‘Macroom E’.



Baill d’fhoireann Macroom E, den Oifig Fiontair agus Comhshaoil le chéile le haoichainteoirí ag an seimineár ‘Circular Ocean’, ag taispeáint réimse táirgí atá déanta as eangacha iascaireachta athchúrsáilte.

Tionscadal Feabhsúcháin Inis Sionnach

Ba bhliain thábhachtach 2018 i stair Inis Sionnach. Cuireadh i gcrích oibreacha feabhsúcháin mhóra agus rinneadh limistéar fóillíochta poiblí den suíomh a bhfuiltear ag súil leis é a oscailt don phobal i samhradh 2019. Cuireadh i gcrích an tionscadal in am agus laistigh den bhuiséad.



Radharc ón aer d'obair chríochnaithe Inis Sionnach

Sábháilteacht Trédliachta & Bia

Sholáthraigh an Roinn Trédliachta clár oibre fairsing in 2018 lena n-áirítear;

- Riarachán d'os cionn 37,000 ceadúnas madra.
- Cuir ar fáil clár cigireachtaí ar fud 73 áitreabh bia cláraithe.
- Monatóireacht leanúnach, lena n-áirítear anailís saotharlanna, faoi chonradh ar son Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI).
- Locadh 63 capall fáin.

Dramhaíl

D'fhreastail os cionn 39,092 cuairteoirí ar Ionaid Fóntas Poiblí na Comhairle in 2018 agus bailíodh 22,669 tona d'ábhar in-athchúrsáilte. Bailíodh 2,325 tona d'ábhar in-athchúrsáilte ag líonra 150 Ionad Fág Anseo na comhairle. Eagraíodh searmanas bronnta i Meán Fómhair don 108 baile agus sráidbhaile a ghlac páirt i gComórtas Frith-Bhruscair Bhliantúil 2018.

Ba iad **Sráid an Mhuilinn** agus **An Mhaoilinn** faoi seach na bailte a bhuaigh an comórtas in 2018.

Seo a leanas cuid de na buaiteoirí eile; Catagóir na mBailte A - An Chéad Áit – Sráid an Mhuilinn, An Dara hÁit – An Eochail agus an Tríú hÁit – An Bhlarna.

Catagóir na mBailte B1 - An Chéad Áit – Baile Chaisleáin Bhéarra, An Dara hÁit – Carraig Uí Leighin agus an Tríú hÁit – An Sciobairín.

Catagóir na mBailte B2 - An Chéad Áit – Maigh Chromtha, An Dara hÁit – Mainistir Fhear Maí agus an Tríú hÁit – Mala.

Na Sráidbhailte a Bhuaigh – comórtas roinne – An Mhaoilinn (Tuaisceart), Draighneach (Iarthar), Carraig an Droichid (Deisceart).

Craobh an Chontae – Buaiteoir na Sráidbhailte: An Mhaoilinn



Oíche Bhronnadh na nDuaiseanna Frith-Bhruscair Meán Fómhair 2018

An Príomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLA)

Ó 2015 is í Comhairle Contae Chorcaí an Príomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLA) do Réigiún Bainistíochta Dramhaíola an Deiscirt a chuimsíonn 10 limistéar údaráis áitiúil: Ceatharlach, an Clár, Contae Chorcaí, Cathair Chorcaí, Cathair & Contae Luimnigh, Ciarraí, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann, Cathair & Contae Phort Láirge agus Loch Garman. Leag clár oibre WERLA in 2018 amach na tosaíochtaí atá comhtháite i gclár oibre comhordaithe na n-údarás áitiúil mar a léirítear i dTábla 1 thíos.

Tábla 1: Tosaíochtaí Náisiúnta do 2018

Tosaíocht Náisiúnta	Creat ama le haghaidh Cigireacht Spriocdhírthe / Lá / Seachtain Ghníomhaíochta
Boinn Dramhaíola	R1
Dumpáil Neamhdhleathach lena n-áirítear Dramhaíl Tógála agus Scartála (DT&S)	R2
Tionscadal Comhlíontach Píolótach d'Fheithiclí a bhfuil a Ré Caite (FRC)	R2-R4
Comhlíontacht maidir le Bainistíocht Dramhaíola Tí & Tráchtála	R3
Suíomhanna Neamhúdaraithe a bhfuil Baol ag baint leo agus a d'fhéadfadh freagairt Il-ghníomhaireachta a bheith ag teastáil uathu	R1-R4



Tionscnamh Frithdhúmpála 2018

Chuir an Roinn cistiú ar fáil tríd na Príomhúdarais Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLanna) chun tacaíocht a thabhairt do Thionscnamh Frithdhúmpála 2018.

Sa dara bhliain den Tionscnamh Frithdhúmpála atá á chomhordú go náisiúnta, faomhadh contae Chorcaí don uasmhéid deontais a cheadaítear faoin tionscnamh in 2018, i.e. **€72,990.00**.

Rinne coiste meastóireachta measúnú ar na hiarratais tionscadail sular cuireadh faoi bhráid an Aire iad. Rinneadh 14 thionscadal san iomlán ar fud an chontae a fhaomhadh lena n-áirítear;

1. “Eirí níos aclaí ag piocadh suas bruscair” – Baile Mhala
2. Glanadh suas Chill Uird
3. Bailte Slachtmhara Bhaile an Mhuilinn
4. Glanadh suas áitiúil – 5 Áit – Roinn Chorcaí Theas
5. Glanadh Suas Bhá Bheantraí
6. Cúnamh do Bhaile Slachtmhar Bhaile an Chollaigh
7. Glanadh Suas ceantar bardasach an Chóibh
8. Glanadh Suas Bluehill Droichead na Bandan
9. CCTV ag Suíomhanna Athchúrsála
10. Glanadh Suas ar Oileán Chléire
11. Glanadh Suas ar Inis Uí Drisceoil & Inis Arcáin
12. Salú ag madraí – an tionscnamh “Paws for Thought”
13. “Uirlísí a sholáthar chun caidreamh a bhunú le pobail áitiúla agus chun cabhrú leis an gComhshaol a chosaint”
14. Glanadh Suas in áiteanna Tuaithe – Ranna Chorcaí Thiar & Theas



Roinn Ré
Taispeánann na grianghraif glanadh suas ar bun ag Ré na nDoirí (Cill na Martra). Rinneadh glanadh suas áitiúil den chineál céanna ag Luc Strand (Rinn an Scidigh); Bóthar na Laoi, Eastát Radharc na hAbhann & Bóthar an Ghleanna le tacaíocht ón Tionscnamh Frithdhúmpála 2018.

Uisce

Seo a leanas cuid de na clár oibre tábhachtacha a chuir foirne cáilíocht uisce na comhairle i gcrích in 2018;

- glacadh 984 sampla ó 170 soláthar uisce poiblí-20,502 pairiméadar a ndearnadh anailís orthu.
- glacadh 247 sampla ó 207 grúpscéim uisce phríobháideach agus ó sholáthair uisce phríobháideacha bheaga eile-5295 pairiméadar a ndearnadh anailís orthu
- glacadh 2,374 sampla ó 149 córas cóireála fuíolluisce poiblí
- rinneadh 375 iniúchadh ar ionaid chóireála fuíolluisce tionsclaíoch/tráchtála
- rinneadh 1,206 Iniúchadh Feirme
- glacadh 205 sampla uisce snámha ó 30 trá
- rinneadh iniúchadh ar 60 dabhach shéarachais chónaitheach

Ghnóthaigh seacht dtrá stádas Bratach Ghorm in 2018, agus ghnóthaigh trí cinn déag dámhachtainí Cósta Glas. Ba iad seo a leanas na trána a bhí i gceist;

Bratach Ghorm: Bá na hEornan, Garretstown, Garraí Lúcaís, Inse Duine, Abha na hInse, Ceann an Bhóthair & Tráigh Omna

Cósta Glas: Baile Riosóid, Baile Mhontáin, Garinis, Galleycove, An Inse, Inse Duine (an trá Thoir), Cuan Oisrí, An Trá Rua, An Rinn, An Seangharraí (Ard na hInse), Inis Earcáin agus Rinn Mhuintir Bháire (An Dúinín)

In 2018, d’fhoilsigh an Rialtas an Plean Bainistithe Abhantrach d’Éirinn 2018-2021. Leagan an Plean amach gníomhaíochtaí ar gá iad a ghlacadh chun cáilíocht an uisce a fheabhsú agus chun ‘dea-stádas’ éiceolaíochta sna dobharlaigh (aibhneacha, lochanna, inbhir agus uiscí cósta) a bhaint amach roimh 2027. Beidh na gníomhaíochtaí sin mar spreagadh taobh thiar de na clár oibreacha cáilíochta uisce sna blianta atá amach romhainn.



Pleanáil

An Coiste um Bheartais Straitéiseacha do Phleanáil & Fhorbairt Straitéiseach

Chruinnigh an CBS Pleanála le chéile ceithre huairé in 2018 agus rinneadar plé ar réimse ceisteanna maidir le beartais phleanála:

- Socruithe Rialtais Áitúil i gContae Chorcaí – Na hAthruithe a Moltar a dhéanamh idir limistéir dhlínse Chomhairle Contae Chorcaí agus Chomhairle Cathrach Chorcaí.
- Plean Straitéiseach molta don Limistéar Uirbeach (M.A.S.P) faoin Chreat Náisiúnta Pleanála.
- Athbhreithniú ar Phlean Forbartha an Chontae 2014 – An Plean Reatha 2014/An Plean Nua 2020. – Páipéar Ceisteanna 2018.
- An Creat Náisiúnta Pleanála – Leithdháileadh Fáis do Limistéar Uirbeach Chorcaí agus do Limistéar Tuaithe Chorcaí.
- Staidéir Acmhainne Uirbigh chun cúnaimh a thabhairt do Phróiseas Tairseana an Chreata Náisiúnta Pleanála.
- Dréachtstraitéis Spásúlachta & Eacnamaíoch agus Dréachtphlean Straitéiseach Uirbeach
- Amlíne Suas chun Dáta le haghaidh Athbhreithniú Phlean Forbartha an Chontae.
- Staidéar Áineasa & Taitneamhachta.
- Treoirlínte um Fhorbairt Uirbeach agus Airde Tógála.
- An Plean Náisiúnta um Spásúlacht Mhuirí – Nuashonraithe.

Bainistíocht Forbartha

Ba é **4,285** an líon iarratais phleanála a fuair Comhairle Contae Chorcaí in 2018. Den líon sin fuarthas **821** ag Oifig Iarthar Chorcaí, lonnaithe sa Sciobairín, agus fuarthas an **3,464** iarratas eile ag Halla an Chontae.

Ba é **3,424** líon na n-iarratas phleanála bailí a fuarthas.

Ba é **2,760** líon na n-Iarratas Pleanála ar bronnadh cead phleanála ina leith in 2018.

Bá é **248** an líon iarratas phleanála a diúltaíodh.

Ba é **9** an líon iarratais Pleanála a fuair Chomhairle Contae Chorcaí a raibh Tuarascáil

Measúnachta Tionchair Timpeallachta ag gabháil leo.

Alt 5s

- Líon na n-iarratas 5s a fuarthas in 2018 (Eanáir 1– Nollaig 31st) **153**
- Faisnéis bhreise a éilíodh faoi Alt 5s **36**
- Maidir le hiarratais Alt 5 a fuarthas in 2018, tá **144** iarratas dúnta agus **9** n-iarratas fós ar oscailt (ag feitheamh ar fhreagra FI).

Réamhphleanáil

Ba é líon iomlán na gcrúinnithe réamhphleanála a eagraíodh in 2018 ná 703, a d'eagraigh an Roinn Pleanála, Halla an Chontae 462 díobh agus a d'eagraigh Oifig Pleanála an Iarthair, an Sciobairín, 241 díobh. Baineann cruinnithe réamhphleanála le háiteanna chónaithe bheaga (le háitrimh/sínithe), beartas, roghnú suíomhanna, criosú, dearadh tí agus i gcásanna áirithe le hIarratais ar Fhaisnéis Bhreise. Nasctar aon eolas a chuirtear isteach ag an gcéim réamhphleanála leis an iarratas agus bíonn an t-eolas sin ar fáil go poiblí ar líne ag Oifig an Údaráis Phleanála mar chuid den chomhad phleanála nuair atá an t-iarratas phleanála á dhéanamh.

Forbairtí Tithíochta Straitéiseacha (FTS)

Thug an Bord Pleanála cead phleanála i ndáil le **3** iarratas FTS in 2018 a sholáthrúidh **931** aonad cónaithe. Déanfaidh an Bord cinneadh maidir le **3** iarratas eile in 2019 a d'fhéadfadh **667** aonad cónaithe a sholáthar.

In 2018, rinneadh **17** gComhairliúchán Alt 247 a réachtáil i ndáil le Forbairtí Tithíochta Straitéiseacha agus eagraíodh **10** gCrúinniú Tríphárteach ag Halla an Chontae maidir le scéimeanna molta eile i gContae Chorcaí a raibh An Bord Pleanála mar chathaoirleach orthu.

Forfheidhmiú

Líon iomlán na gcásanna a tugadh chun deiridh **271**

Líon na nósanna imeachta a glacadh trí litreacha rabhaidh a sheoladh **522**

Líon na nósanna imeachta a glacadh trí fhógraí forfheidhmiúcháin a eisiúint **17**

Líon na n-ionchúiseamh **5**

Líon na gcásanna a fiosraíodh **343**



Infreastruchtúr Tithíochta

D'éirigh leis an bhFoireann Feidhmiúcháin um Thithíocht agus Bonneagar (FFTB) maoiniú a fháil i Márta 2017 faoi Chiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (CBÁSTG) an Rialtais chun an bonneagar is gá a chur ar fáil d'fhonn forbairt tithíochta ag 3 shuíomh, is iad sin Carraig Uí Leighin, Gleann Maghair agus Carraig an Uisce, a ghníomhachtú. Cuireadh i gcrích an réamhobair Dheartha d'fhorbairt Ghleann Maghair agus Charraig an Uisce agus bronnadh cead pleanála bonneagair Cuid 8 d'fhorbairt Ghleann Maghair i rith 2018.

An tAthrú Teorann idir Comhairle Contae Chorcaí agus Comhairle Cathrach Chorcaí Faoi Bhille Rialtais Áitiúil, 2018, a achtaíodh in 2019, déanfar an teorainn idir Comhairle Contae Chorcaí agus Comhairle Cathrach Chorcaí a athrú le héifeacht ón 31 Bealtaine, 2019.

Faoin athrú seo, déanfar teorainn riaracháin Chomhairle Cathrach Chorcaí a shíneadh chun go gcuimseoidh sé limistéir cosúil le Baile an Chollaigh, Baile an Róistigh, Gleann Maghair, An Bhlarna, Teamhair, an Ceantar Máguaire Thuaidh & Theas, atá á riar ag Comhairle Contae Chorcaí faoi láthair.

Mar ullmhúchán don phróiseas aistrithe, d'fhreastail foireann Bainistíochta Stiúrthóireachta Pleanála ó Chomhairlí Contae agus Cathrach Chorcaí ar shraith cruinnithe in 2018 chun aistriú tráthúil, éifeachtúil agus ceart na gcomhad ar fad a phleanáil, i bhfoirm cóipeanna crua agus leictreonacha, chomh maith leis an bhfaisnéis ar fad atá ar fáil maidir le limistéir a bheidh á n-aistriú chuig an gComhairle Cathrach.

Bunaíodh 11 fhoghrúpa éagsúla faoi Bhainistíocht na Stiúrthóireachta Pleanála a chumhdaigh gach limistéar atá i gceist san aistriú agus eagraíodh cruinnithe de na grúpaí sin i rith 2018 ar ar fhreastail foireann ón dá Chomhairle, chun leibhéal, méid agus sonraí na faisnéise a bhí le haistriú a phlé agus teacht ar chomhaontú faoi. Leanfaidh na cruinnithe ar aghaidh ag leibhéal Bainistíochta agus Foghrúpa an bhliain seo chugainn chun a chinntiú go ndéantar an fhaisnéis ar fad a roinnt agus a chur ar fáil do Chomhairle Cathrach Chorcaí roimh an dáta aistrithe.

Oidhreacht

Ba bhliain speisialta do Chontae Chorcaí Bliain Eorpach na hOidhreacht Cultúrtha 2018, bliain

inar ghnóthaigh an Chomhairle an Duais Náisiúnta don Tionscnamh Poibál is Fearr mar gheall ar chomóradh na bliana oidhreacht cultúrtha laistigh den Chontae, comóradh ina raibh go leor de Ghrúpaí Oidhreacht an Chontae gníomhach ann. Bhuaigh Féile Mheánaoiseach Eochaille an gradam An Féile is Fearr in Éirinn ag Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil de chuid Chomhlachais Éireann.

Rinneadh infheistíocht láidir arís i rith 2018 in oidhreacht an Chontae chun tacú le réimse tionscadal éagsúla agus chuir Aonad Oidhreacht Chomhairle Contae Chorcaí roinnt tionscadal tábhachtach ar bun amhail an foilseachán "Europe and the County of Cork (A Heritage Perspective)" chomh maith le Treoirlínte maidir le caomhnú sráid-dreach stairiúil, dhá fhoilseachán ar glacadh go maith leo; Fuair an dá thionscadal sin tacaíocht ón gComhairle Oidhreacht.

In 2018, thacaigh an tAonad Oidhreacht le roinnt tionscnamh tábhachtach eile i rith na bliana amhail cur chun cinn agus rannpháirtíocht ghníomhach maidir leis an tSeachtain Náisiúnta Bithéagsúlachta i mBealtaine 2018. Bhí Seandálaí an Chontae, Mary Sleeman, ina ceannaire ar thionscadal a tháirg Léarscáileanna Oidhreacht le haghaidh roinnt bailte stairiúla sa Chontae agus bhí an tAonad Oidhreacht mar cheannaire sa pháirt a ghlac Comhairle Contae Chorcaí i gCuimhneachán Náisiúnta an Ghorta Mhóir a d'eagraigh UCC i mBealtaine 2018. Ina theannta sin, lean an tAonad Oidhreacht ar aghaidh lena chuid oibre ar Chomórtas Ghairdíní Scoileanna Chontae Chorcaí le Muintir na Tíre; tugadh tacaíocht do Dhámhachtain Náisiúnta Pailneoirí na mBailte Slachtmhara agus do roinnt ghrúpaí i rith Seachtain na gCrann 2018 trí chraicín a chuir Comhairle Crann na hÉireann ar fáil do Chomhairle Contae Chorcaí a dháileadh. Tharla os cionn 300 imeacht oidhreacht in 2018, iad ar fad curtha chun cinn ag an Aonad Oidhreacht, lena n-áirítear 157 imeacht do Sheachtain na hOidhreacht. D'eagraigh an tAonad Oidhreacht Clár Imeachtaí ar fud an Chontae chun na himeachtaí sin a chur chun cinn, lena n-áirítear caint ar Dea-dhearadh Shráid-dreacha a thug Mona Hallinan, Oifigeach Caomhantais Ailtireachta an Chontae. Cuireadh chun cinn imeachtaí oidhreacht an Chontae freisin trí pháirt a ghlacadh sa taispeántas "Celebrating Cork Past" ag Halla na Cathrach ar an 29 Meán Fómhair, 2018 agus trí páirt a ghlacadh i Seó Samhraidh Chorcaí ar an Satharn agus Domhnach, 16 agus 17 Meitheamh.



An Coiste Comhairleach um Shéadchomharthaí Stairiúla

Ba bhliain ghnóthach í 2018 don Choiste Comhairleach um Shéadchomharthaí Stairiúla Chomhairle Contae Chorcaí. Seoladh bileoga eolais éagsúla (lena n-áirítear bileoga faoi cheardaíocht iarainn agus séadchomharthaí seandálaíochta) agus eagraíodh ceardlanna do ghrúpaí pobail a raibh spéis acu san obair chloiche thraidisiúnta ina ndúiche i nDeireadh Fómhair 2018. Ina theannta sin, cuireadh isteach comharthaíocht agus clár eolais ag roinnt suíomhanna stairiúla atá faoi úinéireacht Chomhairle Contae Chorcaí.

Éire Ildánach

Tá glacadh maith leis an Tionscnamh Éire Ildánach i gContae Chorcaí ónar bunaíodh é in 2017. Cuireadh an Tionscnamh chun cinn in 2018 trí fheidhmiú dhá scéim deontais, trí chomhdháil bhliantúil a eagrú, Straitéis Cultúir agus Cruthaitheach 5 bliana Chontae Chorcaí a chur ar bun agus a sheoladh, agus tacaíocht a thabhairt do réimse tionscadal lena n-áirítear ceann a rinneadh i gcomhar leis an CLG, taispeántas de Cheardaíocht Iarthar Chorcaí sa tSín agus tacaíocht a thabhairt d'Fhéile na Laoch, rud a tharlaíonn gach seacht mbliana. Faoi na scéimeanna deontais (a chuimsíonn scéim le haghaidh preabshioipaí) tugadh tacaíocht do 45 tionscadal. Rinne Foireann Chultúrtha na Comhairle Cruinniú na nÓg an-rathúil a chomhordú freisin, ócáid a tharla ar an 23 Meitheamh, agus bhí 25 imeacht ar siúl ar fud an Chontae, go leor acu i bhFoirgnimh Leabharlainne an Chontae, ócáid a mheall 500 daoine óga.

Trácht agus Iompar

Thug an Roinn Trácht agus Iompair faoi na taise seo a leanas in 2018:

- Bainistíocht Tionscadal de scéimeanna átá á maoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair lena n-áirítear:
 - Scéim Feabhsúcháin do Choisithe Chnoc Dhomhnach Broc (Céim II);
 - Soláthar Stadanna Bus/Trácht an Bhaile/Carrchlós Chionn tSáile
 - Nasc Bóthar Dhúglais Theas – Páirc Ghleann na Trá Móire;
 - Raon Rothar Ghleann an Bhaile Bhric
 - Raon Rothar Bhóthar an Ghráinseach go Páirc Ghleann na

Trá Móire lena n-áirítear Tardhroichead N40

- Conair Straitéiseacha Rothar (Bury's Bridge go Carraig Uí Thuathail); Baile na Cora – Mainistir na Corann; Carraig Uí Leighin go Rinn an Scidígh)
- Scéimeanna feabhsúcháin áitiúla do choisithe agus idirghabhálacha ag acomhail
- Cur i gcrích rathúil de Staidéar Iompair Bhaile Chaisleáin Bhéarra;
- Cur i gcrích rathúil den Uasghrádú ar Chrosaire Bhaile an Rí agus Timpeallán Gharrán na Fuinseoige, Carraig Uí Leighin – Tuarascáil Roghanna
- Uasghrádú ar acomhal soilse tráchtá Bhóthar Guidel/Bóthar na hEaglaise, acomhal soilse tráchtá Bhanc na hÉireann agus ar thrasrianta coisithe Charraig Uí Leighin, rud a chuir go mór le héifeachtúlachtaí níos fearr a bhaint amach, a laghdaigh an trácht agus a d'fheabhsaigh na sruthanna tráchtá
- Bainistíochta agus riarachán d'Uasghrádú Bhóthar Guidel agus an Tuarascáil Roghanna um Fheabhsúcháin Acomhail, Carraig Uí Leighin
- Bainistíocht agus comhordú Seachtain na Rothar 2018, nuair a eagraíodh imeachtaí scoile, clubanna agus pobail ar fud an chontae
- Cur i bhfeidhm leagan amach leasaithe d'acomhal Bhóthar na hEaglaise/Daily's Corner, Dúghlas, rud a mhéadaigh acmhainn an acomhail, a d'fheabhsaigh sruthanna tráchtá agus sábháilteacht úsáideoirí bóithre
- Bainistíocht de chomhairleoirí deartha agus de bhainistíocht agus riarachán tionscadail na tairisceana chun Conraitheoir a fháil d'fhonn feabhsuithe acmhainne d'fheithiclí a sholáthar ar dhroichead an Oileáin Bhig
- Bainistíocht, riarachán agus comhordú Staidéar Iompair an Oileáin Bhig
- Tuairisciú ar iarratais phleanála mhórsála agus caidreamh iarphleanála ina dhiaidh sin lena n-áirítear Pleanáil Bhainistíocht Luaineachta agus fadhbanna comhlíonta
- Ullmhúchán agus comhordú an Iarratais de Chuid 8 Phleanáil do Chur Isteach na Soilse Tráchtá ag Droichead Inis Cara.



An tAonad Beartais Pleanála (ABP)

Tá an tAonad Beartais Pleanála (ABP) freagrach as beartais phleanála a ullmhú maidir le húsáid straitéiseach talún ar fud Chontae Chorcaí agus as na beartais sin a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin. Déanann foireann an Aonaid Phleanála Beartais taighde agus anailís sonraí a bhaineann le réimse ceisteanna pleanála agus socheacnamaíoch chun bonn eolais a chur faoi Phlean Fobartha Chontae Chorcaí, Pleananna Limistéir Áitiúla na gCeantar Bardasach, agus mar fhreagra ar thionsnaimh agus treoirlínite nua náisiúnta agus réigiúnacha. Cuireann an ABP sonraí ar fáil freisin do ranna eile den Roinn Pleanála agus den Chomhairle.

Beartas Náisiúnta agus Réigiúnach

Ghlac an ABP páirt in ullmhúchán doiciméid maidir le Pleanáil Reachtúil Náisiúnta agus Réigiúnach lena n-áirítear;

Leagann an Creat Pleanála Náisiúnta amach fíis na hÉireann maidir le pleanáil straitéiseach agus úsáid talún suas go dtí 2040. Ullmhaíonn an tAonad Beartais Pleanála aighneachtaí ar son na Comhairle chun a chinntiú go n-aithníonn an Creat Pleanála Náisiúnta an tábhacht a bhaineann le Contae Chorcaí agus a chinntiú go n-éiríonn leis na haighneachtaí sin toradh maith a fháil don Chontae. Bhí an obair ullmhúcháin don **Dréachstraitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch don Tionól Réigiúnach Theas** lena n-áirítear an Limistéar um Phleanáil Straitéiseach Theas agus Plean Straitéiseach Limistéar Uirbeach Chorcaí ag dul ar aghaidh i gcónaí i rith 2018. Bhí ról ag an ABP i sraith ceardlanna agus bhí tionchar leanúnach acu ar ullmhúchán na Straitéise agus ghlac sé páirt i gCruinnithe rialta an Ghrúpa Teicniúil Thiar Theas le Tionól Réigiúnach an Deiscirt. Foilsíodh an Dréachtstraitéis le haghaidh comhairliúcháin phoiblí ar an 18 Nollaig 2018.

Athbhreithniú ar Phlean Forbartha Chontae Chorcaí

Leagann Plean Forbartha an Chontae 2014 amach straitéis foriomlán na Comhairle maidir le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe Chontae Chorcaí go dtí 2020. Cuireadh tús leis an obair ullmhúcháin ar an bPlean Forbartha go déanach in 2017.

In 2018, lean an ABP ar aghaidh ag obair ar shraith doiciméad/staidéar cúlra tábhachtach a bhaineann le hAthbhreithniú Phlean Forbartha an Chontae (PFC), lena n-áirítear;

- Staidéar Acmhainne Uirbigh lena n-áirítear Scrúdú Sláinte ar 9 n-Iar-Lár an Bhaile de chuid Chomhairlí Baile.
- Athbhreithniú ar an mBeartas Tithíochta Tuaithe.
- Staidéar Eacnamaíoch a ullmhú, lena n-áirítear Athbhreithniú ar an mBeartas Fostaíochta agus Eacnamaíoch.
- Talamh Fostaíochta, (lena n-áirítear Bonneagar Digiteach-Ionaid Straitéise/Sonraí).
- Chuir an Fhoireann Oidhreacht 1,460 earra ó Thaifead ar Dhéanmhais Chosanta na 9 gComhairle Baile ar Thaifead ar Dhéanmhais Chosanta Phlean Forbartha an Chontae. Chuir siad 33 Limistéar Caomhantais Ailtireachta ó na 9 gComhairle Baile ar an Thaifead freisin chomh maith le plé a dhéanamh ar earraí breise ón Fhardal Oidhreacht Ailtireachta Náisiúnta a d'fhéadfaí a chur sa Thaifead
- Daonra/Croístraitéis (Creat Náisiúnta Pleanála agus Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch)
- Nuashonrú Fuinnimh/Fuinnimh Inathnuaite, go háirithe Fuinneamh Gréine
- Soláthar Bonneagair Seirbhísí Uisce

Leaganacha malartacha de Phlean Forbartha Chontae Chorcaí, 2014 agus de Phleananna Forbartha Baile na 9 n-Iarchomhairle Baile D'ullmhaigh an Chomhairle Leagan Malartach Molta de Phlean Forbartha an Chontae chun Caibidil 2 dá Chroístraitéis a nuashonrú agus chun Athruithe Iarmhartacha a chur san áireamh a eascraíonn as glacadh Phleananna Limistéir Áitiúil na gCeantar Bardasach, 2017. D'ullmhaigh an Chomhairle Leagan Malartach Molta de na 9 bPlean Fobarthara Baile freisin. Ba é cuspóir na leaganacha malartacha sin cur i bhfeidhm an Achta um Athbheochan Uirbeach agus Tithe, 2015 a chur san áireamh. Ina theannta sin, d'ullmhaigh an Chomhairle Leagan Malartach d'Fhorbairt Baile Chloich na Coillte. Bhí Athbhreithnithe Scagtha Measúnachta Straitéiseach Timpeallachta (SEA) ag gabháil leis na Leaganacha Malartacha, chomh maith le Measúnachtaí Straitéiseacha is gCás Tuile agus Athbhreithnithe Scagtha ar an dTionchar Nádúrtha. Glacadh leis na Leaganacha Malartacha sin go luath in 2018.





Bainistíocht Ghníomhach Talún

Lean an ABP ar aghaidh ag déanamh Bainistíochta Ghníomhaigh Talún ar ár dtalamh cónaithe zónáilte trí roinnt tionscnamh éagsúil lena n-áirítear;

- Stoc Talún Straitéiseach
- Clár na Suíomhanna Folmha
- Anailís Staitistiúil Chúlra
- Athbhreithniú ar na tailte cónaithe zónáilte sa Chontae (Staidéar ar an Talamh Tithíochta atá ar Fáil 2018)
- Tacaíochtaí do HIIT agus LIHAF srl

Ceisteanna Eiceolaíochta/Comhshaoil

Lean an Oifig Eiceolaíochta ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta éiceolaíochta don líon mór ranna atá sa Chomhairle Contae. Glacann an fhoireann páirt i measúnú a dhéanamh ar iarratais phleanála ghníomhacha, i soláthar comhairle réamhphleanála, in athbhreithniú aighneachtaí comhlíonta agus i gcomhairle a thabhairt ar/athbhreithniú a dhéanamh ar chásanna forfheidhmithe do rannóg Bainistíochta Forbartha na Roinne Forbartha. Cuireann siad ar fáil seirbhísí tuairiscithe éiceolaíochta, agus comhairle éiceolaíochta don rannóg beartais phleanála, agus tugann siad comhairle maidir le ceisteanna éiceolaíochta agus reachtaíocht chomhshaoil do rannóga eile na heagraíochta, lena n-áirítear go háirithe comhairle a thabhairt maidir le tionscadail/forbairtí Údaráis Áitiúil amhail bealaí glasa, oibreacha faoisimh ó thuille agus tionscadail a bhaineann le cosaint an chósta. Lean an tAonad um Beartas Pleanála ar aghaidh ag déanamh measúnú ar shonraí a thagann ó choimisiúnú Léarscáiliú Gnáthóga do na Príomhbhailte ar fad i gContae Chorcaí in 2018. Beidh an Léarscáiliú Gnáthóga sin mar thacaíocht in ullmhúchán Plean Forbartha nua an Chontae chomh maith le pleananna eile.

Oileán an Harpúraigh

Is oileán i gCuan Chorcaí atá faoi úinéireacht Chomhairle Contae Chorcaí é Ionad Bogaigh Oileán an Harpúraigh. Tá sé á bhainistiú ar mhaithe le caomhnú an dúlra agus mar acmhainn oideachais agus áineasa. Fuarthas maoiniú tríd an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta le haghaidh roinnt tionscadal ar Oileán an Harpúraigh in 2018. Chabhraigh an maoiniú sin le hoibreacha feabhsúcháin do ghnáthóga a chur i gcrích, agus le hullmhúchán Staidéar Hidreolaíoch agus plean Bainistithe Caomhantais don oileán. Tá sé i gceist freisin cosán dúlra agus na háiseanna oideachais faoin dúlra ar an oileán a fhorbairt níos mó ar an gcuntar go n-éiríonn leis an iarratas ar mhaoiniú atá á mheas faoi láthair. Déantar Oileán an Harpúraigh a bhainistiú trí Ghrúpa Stiúrtha ar a bhfuil ionadaithe de Chomhairle Contae Chorcaí, Cairde Éanlaith Éireann (Brainse Chorcaí), Bailte Slachtmhara an Ghleanntáin, Bothán na bhFear an Ghleanntáin, Cumann Pobail an Ghleanntáin, agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Tugann Oifig Éiceolaíochta an ABP tacaíocht leanúnach don Ghrúpa Stiúrtha d'Oileán an Harpúraigh.

An Ciste um Athghiniúint agus Fhorbairt Uirbeach agus an Ciste um Athghiniúint agus Fhorbairt Tuaithe

Rinne an tAonad um Beartas Pleanála 18 n-iarratas a chomhordú ar son na foirne tionscadail faoi seach in 2018, lena n-áirítear 8 n-iarratas Catagóir A agus 10 n-iarratas Catagóir B. Chuimsigh na 18 n-iarratas ar a laghad 40 tionscadal aonair san iomlán. Fuair Chomhairle Contae Chorcaí maoiniú le haghaidh 8 dtionscadal. Thacaigh sé freisin le hullmhúchán na n-iarratas don Chiste um Athghiniúint agus Fhorbairt Tuaithe trí na rudaí seo a leanas a sholáthar.

Straitéis Iompair Cheantar Uirbeach Chorcaí

Tá an tAonad um Beartas Pleanála ag obair i ndlíthchomhar le Páirtithe Leasmhara eile amhail Rannóg Iompair na Comhairle, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Bonneagar Iompair Éireann, agus Chomhairle Contae Chorcaí ag ceardlanna éagsúla chun an Straitéis Iompair a fhorbairt agus a bheachtú chun a chinntiú go gcuirfidh sé réiteach inbhuanaithe iompair ar fáil d'fhorbairt phleanáilte Cheantar Uirbeach Chorcaí suas go dtí 2040.



Rialú Dóiteáin & Foirgníochta

Oibríochtaí na Seirbhíse Dóiteáin



Líon iomlán na bhfreastal ar thinte in 2018	1,259
Aga freastail ar an meán	05.11
Aga freagartha ar an meán	16.27
% na nglaoch a raibh aga freagartha de níos lú ná 10 nóiméad acu	35.37%
% na nglaoch a raibh aga freagartha idir 10 agus 20 nóiméad acu	40.80%
% na nglaoch a raibh aga freagartha níos mó ná 20 nóiméad acu	23.83%
Líon iomlán na bhfreastal ar éigeandáil nárbh tine í in 2018	2,496
Aga freastail ar an meán	05.24
Aga freagartha ar an meán	15.04
% na nglaoch a raibh aga freagartha níos lú ná 10 nóiméad acu	33.84%
% na nglaoch a raibh aga freagartha níos lú ná 20 nóiméad acu	46.33%
% na nglaoch a raibh aga freagartha níos mó ná 20 nóiméad acu	19.83%

Eagraíonn an Rannóg Dóiteáin clár oiliúna cuimsitheach gach bliain. Seo a leanas achoimre ar na cúrsaí oiliúna a eagraíodh in 2018:

- Cúrsa Earcach
- Caiteoirí Gaireas Análaithe
- Feasacht Uisce
- Oiliúint Chéad Fhreagróra i gcás Tuilte
- Oiliúint Shábhála ó Thitim
- Ábhair Ghuaiseacha
- Oibreoir Caidéil
- Cothabháil Chaidéil

- Cothabháil ar Threalamh Ghaireas Análaithe
- Garchabhair ag an Obair
- Céad Fhreagróir Leighis
- Imbhualtí Tráchtá ar Bhóithre
- Teicnící Tarrthála d'Fheithiclí Earraí Troma
- Craeín Hiab
- Tiomáint Seirbhísí Éigeandála
- Cúrsa Fo-Oifigeach
- Cúrsa Oifigeach Stáisiúin
- Teagascóir Seirbhísí Dóiteáin
- Oiliúint Cumarsáide Tetra
- Cúrsá faoi Rotha Scríobacha
- Cúrsaí Forbartha maidir le Ceannas Oifige
- Cúrsa le haghaidh Teastas Inniúlachta Gairmiúil (TIG) do Cheannasaithe Eachtraí
- Cúrsa TIG do Chaiteoirí (Éadaí Speisialta)

Eagraíodh cúrsa oiliúna d'earcaigh nua ag Stáisiún Dóiteáin Dhroichead na Bandan i rith na tréimhse 9 go 27 Aibreán. Chríochnaigh 14 rannpháirtithe ó stáisiúin dóiteáin éagsúla ar fud an chontae an cúrsa.

D'eagraigh Seirbhís Dóiteáin Chontae Chorcaí Cúrsa Treorach i Stáisiún Dóiteáin Mhainistir na Corann i rith na tréimhse 11 – 15 Meitheamh. Rinne an Stiúrthóireacht Náisiúnta Bainistíochta i gCás Dóiteáin agus Éagandála an cúrsa seo a chreidiúnú. D'fhreastail 12 Oifigeach Sóisearach, 10 duine acu ó Sheirbhís Dóiteáin Chontae Chorcaí agus 2 duine as Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chontae Luimnigh ar an gcúrsa agus chríochnaigh siad ar fad go rathúil é.

D'eagraigh seirbhís Dóiteáin Contae Chorcaí Cúrsa Treorach d'Oibreoirí Caidéal ag Stáisiún Dóiteáin Mhala freisin i rith na tréimhse 10 - 15 Meán Fómhair. Rinne an Stiúrthóireacht Náisiúnta Bainistíochta i gCás Dóiteáin agus Éagandála an cúrsa seo a chreidiúnú. D'fhreastail 12 Oifigeach Sóisearach ó Sheirbhís Dóiteáin Chontae Chorcaí, Chathair Chorcaí agus Chiarraí ar an gcúrsa agus chríochnaigh siad ar fad go rathúil é. I rith na bliana, d'eagraigh seirbhís Dóiteáin Chontae Chorcaí cúrsaí athnuachana oiliúna ar Imbhualtí ar Bhóithre a leag béim ar thimpistí a mbíonn Feithiclí Earraí Troma páirteach



iontu, ar Ghairis Anála, an Chéad Fhreagróir Liachta agus go leor topaicí eile.

Cosc Dóiteáin

Léiríonn an tábla seo a leanas an líon iarratais ar Dheimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán a fuarthas agus a bronnadh in 2018:

Mí	Líon na nDeimhnithe a fuarthas	Líon na nDeimhnithe a bronnadh
Eanáir	29	26
Feabhra	21	25
Márta	34	21
Aibreán	26	25
Bealtaine	38	27
Meitheamh	45	17
Iúil	40	35
Lúnasa	32	31
Meán Fómhair	27	36
Deireadh Fómhair	21	19
Samhain	23	25
Nollaig	33	22
Iomlán	369	309

Sábháilteacht Dóiteáin an Phobail 2018

Bhunaigh Roinn Dóiteáin Chomhairle Contae Chorcaí ‘Comhpháirtíocht Sábháilteachta Dóiteáin’ le cónaitheoirí oileáin amach ó chósta Chorcaí agus leis an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus an Ghaeltacht. Mar thoradh ar an gComhpháirtíocht Sábháilteachta Dóiteáin sin in 2018, soláthraíodh agus feistíodh gach teach cónaithe ar na hoileáin le dhá bhrathadóir deataigh, brathadóir aonocsaíd charbóin, múchtóir dóiteáin agus pluid dóiteáin. Ba iad na hoileáin a bhí i gceist ná Oileán Cléire, An tOileán Mór, Inis Earcáin, Inis Uí Drisceoil, an tOileán Fada, Faoite agus Oileán Baoi.

In 2018, lean Roinn Dóiteáin Chomhairle Contae Chorcaí ar aghaidh ag dul i mbun plé le grúpaí Pobal ar Aire agus le heagraíochtaí pobail chun Aláirim Deataigh a dháileadh trí Scéim Aláram Deataigh na Comhairle do Dhaoine Scothaosta/cónaitheoirí Leochaileacha.

I gcomhar leis an Stiúrthóireacht Tithíochta, thug Oifigigh Sábháilteachta Dóiteáin Pobail na Comhairle athchuart ar Láithreáin Stad an Lucht Siúil in 2018. Ba chuairteanna iarchúraim iad seo ar na cuairteanna a rinneadh in 2015/2016 tar éis dóiteán tragóideach I gCarraig Mhaighin ar an 10 Deireadh Fómhair, 2015.

Ghlac Seirbhís Dóiteáin Chontae Chorcaí páirt i dtaispeántas Dóiteáin Rialaithe os comhair feirmeoirí ag Páirc Tuaithe Bhaile an Mhuilinn. Is Grúpa Comhoibríoch Falscaí Chorcaí a eagraigh an taispeántas seo.

Ó 2011, tá sainoilíúint / taispeántais dóiteáin á eagrú ag Grúpa Comhoibríoch Falscaí Chorcaí ar bhonn áitiúil agus tá feachtais á gcur sa meáin acu dhá uair sa bhliain ag baint úsáide as nuachtáin áitiúla, postaeir, an raidió agus cruinnithe chun dul i dteagmháil le húinéirí talún agus iad a chur ar an eolas faoi na dáinséirí a bhaineann le dóiteáin agus faoi na creat reachtúla a bhfuil ar gach páirtí cloí leis. Ag deireadh gach bliain scoile, tugann Roinn Dóiteáin Chomhairle Contae Chorcaí cuairt ar Bhunscoileanna roghnaithe. Tharla na cuairteanna seo arís in 2018. Bíonn an-rath ar na cuairteanna seo mar go dtugann siad deis don Roinn Dóiteáin a teachtaireacht maidir le sábháilteacht dóiteáin sa bhaile a chur in iúl do pháistí ionas go gcuirfidís i bhfeidhm é ina dtithe.

D’ardaigh líon na ndaoine a leanann an Rannóg Dóiteáin ar a suíomh Facebook arís in 2018. Forbrófar é seo níos mó in 2019 agus úsáidfeair na meáin shóisialta chun an teachtaireacht maidir le sábháilteacht dóiteáin a scaipeadh. Seo a leanas achoimre ar na gníomhaíochtaí Sábháilteachta Dóiteáin Comhphobail a tharla in 2018:

- Cainteanna Sábháilteachta Dóiteáin le Grúpaí Pobal ar Aire agus le Grúpaí Pobail eile
- Cainteanna Sábháilteachta Dóiteáin do dhaltáí Bunscoile agus do Ghrúpaí Pobail
- Cainteanna Sábháilteachta Dóiteáin do Dhaltáí Iar-bhunscoile
- Taispeántas Imbhualte Tráchtá ar Bhóithre do ranganna idirbhliana
- Seastáin d’Fheasacht ar Shábháilteacht Dóiteáin ag imeachtaí pobail éagsúla
- Seastán Feasacht Shábháilteacht Dóiteáin ag Seó Samhraidh Chorcaí
- Taispeántas Tine Panna Sceallóg
- Cur i láthair do chuairteoirí Ionad Cúraim Lae
- Taispeántais Dhó Rialaithe
- Iniúchadh ar Láithreáin Stad



Rialú Foirgníochta



Taispeánann an tábla thíos líon na bhfógraí um thosach feidhme agus na n-aighneachtaí fógra 7 lá bailí a fuarthas in 2018:

Mí	Líon na bhFógraí Tosach Feidhme agus na bhFógraí 7 Lá a deimhníodh
Eanáir	93
Feabhra	113
Márta	89
Aibreán	120
Bealtaine	149
Meitheamh	136
Iúil	112
Lúnasa	120
Meán Fómhair	101
Deireadh Fómhair	123
Samhain	87
Nollaig	57
Iomlán	1,300

Taispeánann an tábla thíos líon na n-iarratas ar Theastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas a fuarthas agus a bronnadh in 2018:


Mí	Líon na dTeastas Rochtana a fuarthas	Líon na dTeastas Rochtana a bronnadh
Eanáir	20	15
Feabhra	16	21
Márta	22	19
Aibreán	20	20
Bealtaine	24	18
Meitheamh	38	14
Iúil	22	38
Lúnasa	26	23
Meán Fómhair	19	24
Deireadh Fómhair	16	15
Samhain	17	20
Nollaig	20	15
Iomlán	260	242

Bainistíocht Móréigeandála

Tháinig Coiste um Bhainistiú Móréigeandálaí na Comhairle le chéile le linn 2018 chun ár bPleananna Móréigeandála agus na Fophleananna bainteacha a athbhreithniú agus a nuashonrú.

Stoirm Emma

Bhí tionchar ag an ndrochtheagmhas aimsire Stoirm Emma ar Éirinn idir an 26 Feabhra agus an 4 Márta 2018, nuair a bhí síobadh sneachta ann agus titim sneachta suas go dtí 30 cm ar fud Chontae Chorcaí. D'fhógair Met Éireann roinnt rabhadh aimsire roimh agus le linn an teagmhais agus chuir Comhairle Contae Chorcaí a Plean Drochaimsire i ngníomh. Is í Foireann Bainistithe Géarchéime (CMT) na Comhairle, ar a bhfuil foireann ardbhainistíochta iomlán na comhairle arna tacú ag baill foirne shinsirigh sna Seirbhísí Bóithre, Seirbhísí Uisce, Tithíochta, Seirbhísí Éigeandála, Seirbhísí Cumarsáide agus Corparáide agus an Fhoireann um Mheasúnacht Dhrochaimsire (SWAT), a bhí i gceannas ar an bhfreagra don teagmhas. Bhí cruinnithe/teileachomhdhálacha laethúla ag an CMT agus SWAT mar fhreagra ar an ndrochtheagmhas aimsire. Ar aon dul le beartas 'ar foscadh taobh istigh' an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí, dhún Comhairle Contae Chorcaí a cuid oifigí agus áiseanna ó 12.00 p.m. Déardaoin 1 Márta 2018. Cuireadh ionad glaonna Éigeandála na Comhairle i ngníomh agus rinneadh cumarsáid leis an bpobal go leanúnach trí mheán Preasráiteas, agallaimh Raidió agus Teilifíse, agus Fógraí ar Facebook, Twitter agus ar shuíomh Chontae Chorcaí. D'ullmhaigh Coiste Bainistithe Móréigeandála na Comhairle tuarascáil chríochnaitheach inar leagadh amach sonraí na freagartha.



Analysis chart valid 00 UTC on Saturday the 3rd March showing Storm Emma to the southeast of Ireland with frontal bands of snow over Ireland in an easterly airflow



Plean Móréigeandála

Rinneadh athbhreithniú ar an bPlean Móréigeandála agus atheisíodh é i Nollaig 2018, agus rinneadh uasdátú ar na Fophleananna seo a leanas

- An Plean Drochaimsire
- An Plean um Phráinnfhreagairt i gcás Tuilte
- An Plean Teagmhais um Dhoirteadh Ola agus Substaintí Guaiseacha Díobhálacha

Clár Seveso 2018

Tá clár Seveso dírithe ar chosaint ar mhórhimpistí le substaintí contúirteacha agus an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ann a shrianadh má tharlaíonn a leithéid de mhórhimpiste. Cuireadh Pleananna Éigeandála Seachtraí faoi bhráid an phobail le haghaidh comhairliúcháin, agus rinneadh iad a athbhreithniú agus a uasdátú, agus cuireadh cleachtaí ar siúl i gcomhair na n-ionad seo a leanas;

- GSK Corra Binne 18 Aibreán 2018
- Irving Oil An Geata Bán 18 Meitheamh 2018
- Eli Lily Dún Darú 3 Iúil 2018
- Marinochem sa Chóbh 14 Samhain 2018

Cosaint Shibhialta



Is é príomhról Cosaint Shibhialta ná práinnfhreagairt ar an dara líne a thabhairt do na Gníomaireachtaí Príomhfheartha (PRAanna) i réimsí na bhfeartha ar dhrochaimsir agus tuilte, cuardaigh duine ar iarraidh, cumarsáid agus acmhainn otharcharr éigeandála deonach. Déantar oibríthe deonacha a oiliúint go gairmiúil i réimse leathan scileanna. Déantar cleachtaí traenála a dhéanamh go rialta le PRAanna agus na Seirbhísí Éigeandála Deonacha eile chun leibhéal ard ullmhachta a choinneáil agus nósanna imeachta a chuíchóiriú.



Go luath in 2018, thug Aonaid Chosanta Sibhialta freagairt iontach ar shlí dea-chomhordaithe ar dhúshlán Stóirm Emma. Rinneadh os cionn 130 tasc éagsúil a chur i gcrích, lena n-áirítear aistriú othar, iompar banaltraí dúiche agus eochairfhoirne ospaidéil, agus tacaíocht a thabhairt don Gharda Síochána agus don tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna.



I rith 2018, sholáthraigh an Chosaint Shibhialta réimse tacaíochtaí amhail cumhdach Otharcharranna agus Garchabhrach agus dualgais Bhád Sábháilteachta a chur ar fáil d'eagraíochtaí spóirt agus carthanachta éagsúla. Cuireann an cumas seo seirbhís fhíor-riachtanach ar fáil do phobal Chontae Chorcaí.



Forbairt Gheilleagrach, Fiontar agus Turasóireacht

An CBS um Forbairt Gheilleagrach agus Fiontar

Is é Cathaoirleach an CBS um Forbairt Gheilleagar agus Fiontar ná an Cmhrl Frank O'Flynn. Reáchtáladh cruinnithe ráithiúla an CBS ar na dátaí seo a leanas i rith 2018.

Ráithe 1: Dé Luain, an 22 Eanáir 2018

Ráithe 2: Dé Luain, an 9 Aibreán 2018

Ráithe 3: Dé hAoine, an 20 Iúil 2018

Cur i láthair: IGNITE - Clár goir gnó a dtacaíonn EDF trínar dtugtar tacaíocht d'fhiontraithe a bhain céim amach le déanaí “**Ó smaointe maithe go gnóthais den scoth**”; arna chur i láthair ag; An tUas. Éamon Curtin, Stiúrthóir, Clár IGNITE.

Ráithe 4: Dé hAoine, an 19 Deireadh Fómhair, 2018
Cur i láthair: ‘Droichead go Mass Challenge’ Chorcaí – Athbhreithniú ar chlár na bliana, arna chur i láthair ag Elaine Walsh, Pleanálaí Feidhmiúcháin Sinsearach, tionscadail AE.

I measc na saincheisteanna a clúdaíodh le linn na gcruinnithe sin bhí;

- Dul chun cinn maidir le Clár Oibre na foirne um Bhoneagar Forbartha Geilleagraí a chur i bhfeidhm;
- Leithdháiltí faoin gCiste Forbartha Geilleagraí;
- Dul chun cinn maidir leis na cuspóirí ábhartha a bhaint amach atá sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist;
- Dul chun cinn maidir le Clár Oibre na n-Oifigí Fiontair Áitiúla a chur i bhfeidhm;
- Dul chun cinn ar Thionscnaimh eile um Fhorbairt Gheilleagrach agus Tionscadail Chó-mhaoinithe eile.
- Dul chun cinn maidir le Clár Oibre na foirne um Fhorbairt Pobail Áitiúil a chur i bhfeidhm.

Forléargas

Is í an aidhm fhoriomlán don Stiúrthóireacht ná gníomhú mar spreagthóir um fhorbairt gheilleagrach sa Réigiún. Baintear é sin amach trí idirghabhálacha spriocdhírthe chun cabhrú le geilleagar Chorcaí a fhás tríd na cuspóirí seo a leanas a chur i bhfeidhm faoi na catagóirí seo a leanas:

- Forbairt Gheilleagrach/ Tionscadail AE
- Forbairt Pobail
- Tacaíochtaí Fiontair
- Bonneagar um Fhorbairt Gheilleagrach
- Turasóireacht

Forbairt Gheilleagrach/

Tionscadail AE:

An Ciste um Fhorbairt Gheilleagrach:

Tionscnamh fianaise-bhunaithe tosaíochta arna threorú ag an mbeartas atá sa Chiste um Forbairt Gheilleagrach (CFG) trína leithdháiltear cistí chun cabhrú le forbairt an éiceachóras fiontair sa Chontae. Is iad na tosaíochtaí sin ná

- Chomhpháirtíochtaí le Páirtithe Leasmhara Áitiúla agus Réigiúnacha
- Tionscnaimh Chó-mhaoinithe
- Margaíocht agus Turasóireacht Straitéiseach
- Forbairt Táirgthe Bia agus Cúnaimh Easpórtála
- Miondíol i mBailte/Forbairt Bhailte

Agus úsáid á baint as leithdháileadh de 1% den ioncam Ráta Tráchtála nó €1,250,278 i 2018; mhaoinigh an CFE 40 tionscnamh ar fud an Chontae.

Tacaíochtaí le haghaidh Comhpháirtíochtaí le Páirtithe Leasmhara Áitiúla agus Réigiúnacha, agus na nithe seo a leanas i measc;

IGNITE - Trí leas a bhaint as acmhainní foriomlána Chomhairle Contae Chorcaí, Comhairle Cathrach Chorcaí, na trí OFA, comhpháirtithe tionscail agus ceannairí gnó; tacaíonn Clár IGNITE um Nuálaíocht Gnó Céimithe le fiontraithe a bhain amach céim tríú leibhéal le déanaí gnóthais a dhéanamh as smaointe maithe.

Tá an clár 12 mhí, atá bunaithe i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, oscailte do dhaoine a fuair céim le déanaí ó gach institiúid tríú leibhéal in Éirinn a bhfuil an paisean agus an mian acu chun bheith ag obair go lánaimseartha



ar smaoinemh inscálaithe do ghnóthas nua a d'fhéadfadh tionchar gnó nó sóisialta a bheith aige.

Bunaíodh IGNITE in 2011 agus ó sin d'oibrigh sé le níos mó ná 100 gnó nua agus os cionn 120 bunaitheoir a chuaigh ar aghaidh chun cuideachtaí a sheoladh mar AnaBio Technologies, ApisProtect, Eurocomply, OnTheQt, PunditArena, Supply.ie, Talinvest, TrustAp agus Vconnecta

Tairseach Chliste Chorcaí

Ba iad Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Cathrach Chorcaí, Ionad Taighde Nimbus agus Institiúid Náisiúnta Tyndall a chuir tús leis an tionscnamh seo. Is é aidhm an tionscadail cur lena gcuid sócmhainní, buanna agus eispéiris choiteanna le go gcuirfí Corcaigh chun cinn mar Réigiún Cliste, agus le go leagfaí béim ar dhea-cháil Chorcaí mar áit tharraingteach le maireachtáil ann, le hobair ann, le cuairt a thabhairt air agus le hinfheistíocht a dhéanamh ann, agus, freisin, mar áit ina mbainfí leas as na réitigh teicneolaíochta is fearr le haghaidh bonneagair agus soláthar seirbhísí poiblí, agus mar áit ina mbeadh cead ag gach páirtí leasmhar a bheith rannpháirteach i bpróisis chinnteoireachta, agus taitneamh a bhaint as timpeallacht fheabhsaithe. Is fóram é an Tairseach Chliste a chuireann ar chumas na n-eagraíochtaí seo comhoibriú lena chéile agus eolas a chomhroinnt, agus tacaíonn sé agus cuireann sé leis an iliomad eagraíochtaí i gCorcaigh atá ag obair ar réitigh chliste chun an réimse fhisiceach a fheabhsú, idir chaomhnú fuinnimh agus shonraí oscailte.

Ionad Nuála maidir le Córais agus Seirbhísí Uisce (WSSIC)

Is comhpháirtíocht í seo idir Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Cathrach Chorcaí agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a bhfuil mar aidhm aici freagairt ar an éileamh náisiúnta agus idirnáisiúnta ar réitigh teicneolaíochta nuálacha do réimse fadhbanna sa tionscal uisce. Tá WSSIC tar éis cabhrú le cuideachtaí chun córais uisce níos 'cliste' a fhorbairt agus smaointe maidir le táirgí agus seirbhísí nua a fhíorú, táirgí agus seirbhísí atá tar éis a gcion a dhéanamh chun poist a chruthú agus a choinneáil, díolachán a mhéadú agus deiseanna easpórtála a ghiniúint.

Is iad baill foirne ón earnáil uisce a bhainistíonn WSSIC, a reáchtáiltear ag an Ionad Nimbus in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, agus is iad baill foirne ó Nimbus a chuireann na tionscadail i bhfeidhm. Tá réimse leathan tionscadal curtha i gcrích aige, idir Dhearbháin Nuálaíochta €5k agus Chistí Tráchtálaíochta ar mhórskála, agus tá an Réimse Tionsclaíochta tar éis ranníocaíochtaí chomhchineáil a dhéanamh freisin le tionscadail.

Tá teagmháil déanta ag WSSIC go dtí seo le níos mó ná 120 cuideachta san earnáil uisce Éireannach agus le go leor cuideachtaí atá bunaithe thar lear freisin. Measann siad go bhfuil a idirghabhálacha tar éis os cionn 35 post a chruthú nó a choinneáil agus táthar ag súil leis go gcruthófar idir 80 agus 100 post breise sa mheántearma ar bhunús na réiteach atá curtha ar fáil do chuideachtaí cheana féin.

Cruinniú Mullaigh na hÁise, Corcaigh

Tá naoi gcinn den 10 meigeachathair is mó fáis suite san Áis, agus faoi 2025 beidh beagnach leath d'aschur geilleagrach an domhain san Áis, méid a sháróidh an Eoraip agus Tuaisceart Mheiriceá le chéile. Tá na ranna rialtais uile ag leabú straitéisí earnáilbhunaithe chun caidrimh dhéthaobhacha leis an tSín agus leis na tíortha Áiseacha eile a chur chun cinn. Ó 2015 i leith, tá Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Cathrach Chorcaí, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Comhlachas Tráchtála Chorcaí ina gcomhpháirtithe le Asia Matters; is é sin lárionad na hÉireann ó thaobh ceannaireacht smaointeoireachta i dtaca le trádáil AE-Áise, infheistíocht, eacnamaíocht agus caidrimh idirnáisiúnta; chun Cruinniú Mullaigh na hÁise Chorcaí a óstáil i gCorcaigh.

Ba é téama chruinniú mullaigh 2017 ná 'Building Win-Win Strategic Partnerships' (Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha a Fhorbairt chun leasa Cách), agus thug seo léargas do chuideachtaí Chorcaí ar a bhfuil ann de dheiseanna sainearnála i margaí na hÁise agus na Síne.

Tionscnaimh Eile: Chomh maith le gníomhaíochtaí an Chiste um Fhorbairt Gheilleagrach, tá baint ag Comhairle Contae Chorcaí le roinnt mhaith tionscnamh eile a bhaineann leis an ngeilleagar, amhail na cinn seo a leanas;



- Caomhnú, athchóiriú agus oibriú nithe is díol spéise do thurasóirí in Inis Píc agus Camden Fort Meagher. Is saoráidí aitheanta cultúrtha, oidhreacht agus pobail iad an dá dhaingean seo i gCuan Chorcaí
- Rannpháirtíocht i dtionscadail chómhainithe AE. Tá Comhairle Contae Chorcaí ag fáil deontas thart ar €800k chun a bheith rannpháirteach sna tionscadail seo a leanas, atá ag teacht go mór lenár spriocanna straitéiseacha féin;
 - **Horizon 2020**
CUTLER - Forbairt Uirbeach Cósta bunaithe ar Theacht Aniar. Téama: Olltíomsú Sonraí. Tosach: Ráithe 1 2018. Críoch: Ráithe 1 2021. Buiséad: €244,750 (Ráta Deontais 100%)
 - **INTERREG Vb**
Northern Periphery & Arctic- r-theach solais. Téama: Éifeachtúlacht Fuinnimh. Tosach: Tosaithe. Dáta Críche: Ráithe 1 2019. Buiséad: €232,261.30 (Ráta Deontais 65%)
 - **INTERREG Vc**
INTERREG na hEorpa - FBManna Cinn Scríbe. Téama: Turasóireacht. Tosach: Tosaithe. Dáta Críche: Ráithe 1 2020. Buiséad: €196,058 (Ráta Deontais 85%)
 - **INTERREG Vb**
Limistéir Atlantacha/Próta-Atlantach, Téama: Gnó / Fiontraíocht, Dáta Críche: R2 2020, Buiséad: €224,008, (Ráta Deontais 85%).
 - **INTERREG Vb** –
INTERREG na hEorpa - Téama Delta Lady: Forbairt Gheilleagrach, Dáta Críche: R2 2021, Buiséad: €206,000, (Ráta Deontais 85%).
 - **SBIR** – Tionscadail Taighde um Nuálaíocht Gnóthas Beag.



Camden Fort Meagher

Mol Nuálaíochta Agraitheicneolaíochta

Chuir Comhairle Contae Chorcaí fáilte roimh fhógairt na dtorthaí ar Chiste Fhiontraíocht Éireann um Fhorbairt Fiontraíochta Réigiúnach (Gairm 2) i mí na Nollag 2018. Fuarthas 77 n-iarratas ar fud na tíre ar an dara gairm sin, a seoladh i mBealtaine 2018 agus a tharraing an-spéis. Oibreoidh an Ciste um Fhorbairt Fiontraíochta Réigiúnach, arna riar le haghaidh an Rialtais ag Fiontraíocht Éireann, ar bhonn rollach mar chuid de Thionscadal Éireann 2040.

Fuair Mol Nuálaíochta Agraitheicneolaíochta Éireann, a d'fhorbair Comhairle Contae Chorcaí trí phlé straitéiseach agus comhoibritheach a dhéanamh le páirtithe leasmhara réigiúnacha, €1,865,215. Is í aidhm an Mhoil ná cabhrú leis an gcéad ghlúin eile d'fhiontraithe agraitheicneolaíochta agus cur ar chumas rannpháirtithe tionscail reatha. Déanfar é trí fhoinsé aonair de nuálaíocht agraitheicneolaíochta theicniúil agus fiontraíochta a chur ar fáil. Díreofar ar 190 post nua a chruthú i 40+ gnóthas, 150 táirge agraitheicneolaíochta nua/feabhsaithe agus beagnach €30 milliún in aghaidh na bliana ar onnmhairí nua i gcaitheamh na dtrí bliana atá romhainn.

Le bunú Mhol Nuálaíochta Agraitheicneolaíochta Éireann ag Comhairle Contae Chorcaí tógtar le chéile neart earnáil na hagraitheicneolaíochta I gCorcaigh leo siúd a bhfuil ról ríthábhachtach acu sa tionscal seo.

Déanfaidh an Mol Nuálaíochta Agraitheicneolaíochta Éireann, faoi stiúir Bhaill na Cuideachta, Comhairle Contae Chorcaí, Institiúid Náisiúnta Tyndall, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Dairygold Co-Operative Society Limited agus Comhpháirtí Bunaithe agus Crann Taca, Teagasc, fás agus fiontraíocht earnáil agraitheicneolaíochta na hÉireann a luasú.

Is é Mol Nuálaíochta Agraitheicneolaíochta Éireann an chéad thionscadal um bhonneagar agraitheicneolaíochta a mbeidh tacaíocht ilghníomhaireachta in aon ionad amháin ag gabháil leis, lena n-áireofar réimsí saineolais lárnacha i ngach disciplín Agri4.0 mar theicneolaíocht féaraigh, intleacht shaorga, Idirlíon na nEarraí, róbataic, sonraí móra, VR/AR, cibearshlándaíl agus anailísíocht. Tionscadal um thacaíocht bonneagair agus éiceachórais is ea seo a éascóidh athruithe



móra. Beidh sé lonnaithe i gCill Uird, Contae Chorcaí, áit a mbeidh sé ag freastal ar an earnáil agraitheicneolaíochta idirnáisiúnta iomlán.



Droichead go MassChallenge

Rinne an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Gheilleagrach, Fiontar agus Turasóireacht comhpháirtíocht straitéiseach le MassChallenge atá lonnaithe i mBostún, agus ar comórtas luasaire é atá oscailte do na hearnálacha eolaíochtaí saoil, teicneolaíocht míochaine, agus sláinte dhigiteach. Thacaigh Fiontraíocht Éireann agus Mol um Nuáil Sláinte Éireann leis an gcur i gcrích. Seoladh an comórtas i Samhain 2017 le hIníúchadh Éiceachórais a bhí ceapthe chun tuiscint a thabhairt do MassChallenge ar éiceachóras na ngnóthas nua i gCorcaigh agus a lig do na gnóthais nua tuiscint a fháil ar an gclár. As 58 n-iarratas ar an gclár, roghnaíodh 20 chun freastal ar Dhianchampa Chorcaí inar clúdaíodh téamaí mar bhonneagar do ghnóthais nua, meantóireacht agus acmhainní gnó/margaíochta. As na 20 gnó a roghnaíodh ar dtús, piocadh 12 cheann chun dul chuig an Dianchampa i mBostún in Aibreán 2018. I measc na dtéamaí bhí dífalacháin do ghnóthais nua, iontráil go

margadh SAM, imeachtaí BIBA agus imeachtaí líonraithe sa chonsalacht.

I measc na 12 a chuaigh go Bostún:

- ✓ AccessHub
 - ✓ Alcase Health Solutions
 - ✓ BioBind
 - ✓ Cortechs
 - ✓ CroiValve
 - ✓ Gasgon Medical
 - ✓ Hidramed Solutions
 - ✓ Marion Surgical
 - ✓ Medrec.io
 - ✓ Nasal Medical
 - ✓ Remedy Biologics
 - ✓ ViClarity
- Bhí tionchair shuntasacha ag an gclár ar na cuideachtaí nuathionscanta:
 - ✓ Ghlac Biobind páirt i gclár iomlán luasaire MC i mBostún (Meith – D.F.) agus ghnóthaigh sé an Dámhachtain Nuálaíochta @ Taispeántas Ignite.
 - ✓ Tháinig ViClarity i láthair i SAM/Bostún
 - ✓ Ghnóthaigh Cortechs maoiniú suas le €2.5m faoi Uirlis FBM Céim 2
 - ✓ Buaiteoirí Catagóire ag na Dámhachtainí Náisiúnta do Ghnóthais Nua,
 - i. **CroiValve** - Gnóthas nua ag an gcéim luath
 - ii. **Nasal Medical** - Táirge agus Déantúsaíocht
 - iii. **MyAccessHub** - Sóisialta/ Inbhuanaithe
 - ✓ Bronnadh 2 Dhámhachtain Um Mhaoiniú Buntáiste de €50,000 ag EIT
 - ✓ **CroiValve** - Buaiteoir na Dámhachtana um Nuálaí sa Teicneolaíocht Mhíochaine –
 - ✓ **Alcase Health Solutions** - Maoiniú faighte ó Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa - Cuirfead tús leis an gcéim phíolótach sna míonna atá le teacht i CCC
 - ✓ Baineadh leas as caidreamh de chuid Fiontraíocht Éireann in ionaid dhomhanda
 - ✓ Clúdach Fairsing sna Meáin
 - ✓ Tacaíochtaí idir piara
 - ✓ Cheannaigh Remedy Biologics bogearraí ViClarity
 - ✓ Comhairle faoi sheirbhísí gairmiúla
 - ✓ Comhairle faoi fhrúiliú





Seónna Trádála/Comhdhálacha

D'urraigh an Stiúrthóireacht toscaireacht de chuideachtaí B2MC chuig seó trádála Medica sa Ghearmáin i mí na Samhna 2018.

D'urraigh an Stiúrthóireacht an chomhdháil Medtech Rising i mí na Nollag 2018 agus d'fhreastail lucht na Stiúrthóireachta uirthi.

Forbairt Pobail

Rinne na trí CFPÁ de chuid Chomhairle Contae Chorcaí (Corcaigh Thuaidh/Theas/Thiar) maoirseacht ar na cláir seo a leanas agus d'fhaomh siad iad i rith 2018:

An Clár um Fhorbairt Tuaithe 2014 - 2020:
Oibrítear an clár ag na 3 CFPÁ/LAG i gcomhar le 6 Chuideachta Forbartha Áitiúla:

1. Comhpháirtíocht Avondhu/na Dubhabhann
2. Forbairt Bhealach Eabhra
3. Comhar na nOileán
4. IRD Dúiche Ealla,
5. Comhpháirtíocht SECAD
6. Údarás na Gaeltachta

Bhí 91 Tionscadal Faofa san iomlán suas go dtí luach €4M.

Faoi Thionscnamh Bia LEADER (Leithdháileadh ar ar leith), 9 dtionscadal faofa san iomlán, ar Luach €319,963.84.

Trí láithreán gréasáin LEADER ar fáil;

- www.leadernorthcork.com
- www.leadersouthcork.com
- www.leaderwestcork.com

Clár SICAP 2018 – 2022:

Arna oibriú ag 3 LCDCanna.

Luach an chláir reatha €11.538,864, tairiscintí bronnta ar 6 chuideachta

1. Comhpháirtíocht Avondhu Blackwater
2. Forbairt Bhealach Eabhra
3. Comhar na nOileán.
4. IRD Dhúiche Ealla
5. Comhpháirtíocht SECAD
6. Comhpháirtíocht Forbartha Iarthar Chorcaí

Rinne 3 CFPÁ Athbhreithnithe Lár Téarma agus Dheireadh na Bliana agus d'fhaomh siad iad, lenar áiríodh Pleananna Bliantúla a fhaomhadh ag tús 2018.

Deontais Scéimeanna

- **Clár um Feabhsú Pobail** - eisíodh 143 deontas san iomlán ar fud an Chontae suas le luach €618,516, lúide leithdháileadh de €1,449 do gach ceann de 22 Bothán Cleamhnaithe na bhFear le haghaidh luach breise de €31,878.
- **Céim an Tionscnaimh um Fhorbairt Tuaithe** - €1.5M san iomlán seolta i Samhain 2018.
- **Ciste Éire Shláintiúil** - iarratas déanta air faoi thrí CFPÁ. Fuarthas leithdháileadh deontais de €222,650 faoi Bhabhta 2. Aithníodh ocht ngníomh ar fud an chontae - ceann de na buaicphointí faoin gClár i 2018 ab ea an imeacht **'Teen Talk'** imeacht a chuimsigh Ceardlann Sláinte & Folláine do níos mó ná 650 Dalta Idirbhliana.
- Cheap Comhairle Contae Chorcaí **Comhordaitheoir lánaimseartha um Éire Shláintiúil** i 2018.

Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail (PÁEP)

Plean Reachtuil é sin ina gcuirtear san áireamh pleananna Náisiúnta agus Réigiúnacha agus ina leagtar amach spriocanna, cuspóirí agus gníomhartha ardleibhéil a theastaíonn chun forbairt áitiúil eacnamaíochta agus pobail laistigh de Chontae Chorcaí a chur chun cinn, agus tacú leis sin. Tá 30 sócmhainn lárnach shóisialta agus eacnamaíoch aitheanta sa Phlean a aithníodh trí chomhchomhairle le raon leathan páirtithe leasmhara trí chomhchomhairle le cónaitheoirí trí Shuirbhé ar Cháilíocht Bheatha i gContae Chorcaí agus athbhreithniú ar bheartais náisiúnta. Cuireadh tuarascáil ar an athbhreithniú inmheánach ar an bPlean os comhair na dtrí CFPÁ i nDeireadh Fómhair, agus tugadh cuntas an ar an dul chun cinn go dtí seo inti. Déanfar an PÁEP a athbhreithniú de réir mar a dhéanfar beartais náisiúnta agus réigiúnacha a athrú agus a nuashonrú.



Comhairle na nÓg:

Reáchtáladh go leor cruinnithe i gcaitheamh na bliana, ar bhonn áitiúil agus réigiúnach araon. Reáchtáladh an Cruinniú Cinn Bhliana i Samhain 2018, agus d'fhreastail breis is 100 dalta air.

- Rinne trí fhoghrúpa daltaí taighde ar na téamaí seo a leanas;
-Léiriú Gnéasach Folláin agus éifeachtaí na Meán Sóisialta ar Chaidrimh agus Féinmheas -
-LADTA+ agus Úsáid Shábháilte an Idirlín
-Frithghiniúint agus Toiliú.
- D'fhreastail 16 bhall ar Dháil na nÓg i mí na Samhna
- Ghlac 8 Comhaltaí páirt i Seisiún Réigiúnach 3 lá na Mumhan de Pharlaimint Eorpach na nÓg i gCorcaigh
- D'fhreastail 1 Chomhalta ar Imeacht Óige na hEorpa ag Parlaimint na hEorpa i Meitheamh mar chuid de thoscaireacht YMCA/NYCI.

Líonra Rannphartíochta Pobail (LRP)

- Reáchtáladh 8 gruinniú Rúnaíochta i 2018
- Reáchtáladh cruinniú Iomlánach Contae in Óstán Oriel House i nDeireadh Fómhair 2018
- Scaipeadh 3 nuachtlitir chuig comhaltaí LRP agus scaipeadh eolas breise ar bhonn leanúnach.
- Líonrú agus comhar leanúnach le gníomhaireachtaí eile; -
-FSS ar an Straitéis 'Connecting for Life'/Féinmharú a Chosc
-Míchumas Éireann
-Aláram Deataigh Chontae Chorcaí - tionscnamh idir an Rannóg Dóiteáin & LRP
-Seastán ag Seó Samhraidh Chorcaí i Meitheamh.
- Glacadh páirt i nDámhachtainí an Mhéara 2018.
- Reáchtáladh an Chomhdháil Náisiúnta LRP i mBaile Átha Luain i nDeireadh Fómhair.

Cuimsiú Sóisialta & Coiste um Beartais Straitéiseacha an Phobail

- Reáchtáladh 4 chruinniú san iomlán in 2018

- Athbhreithniú á dhéanamh ar an mBeartas Caithimh Aimsire i gcomhar leis an Aonad um Beartas Pleanála.
- Athbhreithniú déanta ar na Fodhlíthe ar Chlóis Súgartha; Dréacht-fhodhlíthe ag fanacht le bheith faofa ag na Ceantair Bhardasacha sula rachaidh siad go dtí céim an chomhairliúcháin phoiblí agus aighneachtaí agus é mar aidhm na Fodhlíthe nua a bheith déanta ag an gComhairle Iomlán.
- Rinneadh roinnt grúpaí cuir i láthair i rith na bliana;
-BOO Chorcaí ar a gClár Seirbhísí Óige
-Foróige ar a gClár Caithimh Aimsire Samhraidh
-Clár um Athlonnú Teifeach i gContae Chorcaí

Aoisbhá Chontae Chorcaí

Bhí roinnt cruinnithe ag Comhairle na nDaoine Breacaosta agus Comhaontas Aoisbhá Chorcaí i rith na bliana.

Cuireadh chun cinn an Clár Aoisbhá, lenar áiríodh imeacht Ceiliúrtha a óstáil san Óstán Vienna Woods, i mí Aibreáin, agus seastán a óstáil ag Seó Samhraidh Chorcaí. Tugadh faoi iniúchadh ar leabharlann d'fhonn gach Leabharlann Chontae Chorcaí a dhéanamh Aoisbháúil.

Chuimsigh Tionscnaimh 2018 oiliúint ar scileanna Digiteacha Aoisbháúla a chur i bhfeidhm i Leabharlanna Contae, líon na spásanna carrchlóis a mhéadú inár gcuid bailte, agus plé le Local Link agus FSS ar bhealaí sláinte laistigh den Chontae.

Reáchtáladh comórtas le Scoil Ailtireachta Chorcaí ar dhearadh Tithíochta Aoisbháúla agus ghnóthaigh an bheirt buaiteoirí intéirneacht in oifig Ailtirí Chomhairle Contae Chorcaí.

Tacú leis na ceithre bhaile Aoisbháúil mar atá an Cóbh, Droichead na Bandan, Cionn tSáile agus Baile an Mhistéala, lenar áiríodh clár oiliúna gnó a chur i bhfeidhm i dteannta le hOifigí Fiontair Áitiúil Chomhairle Contae Chorcaí sna bailte sin maidir le conas bheith mar Ghnó Aoisbháúil.

Tacaíochtaí Fiontair Oifigí Fiontair Áitiúla

Bliain an-ghnóthach agus an-sásúil ab ea 2018 do na hOifigí Fiontair Áitiúla de chuid Chomhairle Contae Chorcaí. Cuireadh os cionn €965,050 ar fáil do mhicreafhiontair.



Ó thaobh thionchar díreach na dtacaíochtaí laistigh de phunann na ngnóthas i seilbh na OFÁanna, cruthaíodh 416 ollphost. Bhí an Breatimeacht chun tosaigh i rith na bliana agus tosaíocht tugtha don phobal gnó a spreagadh chun smaoineamh faoin éifeacht a d'fhéadfadh a bheith aige orthu. D'fhreastail 373 duine ar thionscnaimh éagsúla maidir leis an mBreatimeacht ó chlár oiliúna, seimineáir eolais agus meantóireacht duine le duine agus iad ag iarraidh bheith chomh hullamh agus is féidir i gcomhair na n-athruithe a d'fhéadfadh a tharlú mar thoradh ar an mBreatimeacht. I réimsí eile gnó réachtáil na OFÁanna 180 clár oiliúna sa Chontae agus ghlac 2,275 duine páirt iontu. Chun tosaigh i measc na gclár sin bhí 25 Chlár ar Do Ghnó Féin a Thosú, modúl faoi Airgeadas agus Cáin agus gach rud nach mór a bheith ar eolas agat faoin tairbhe ar féidir le do ghnó a bhaint as na Meáin Sóisialta agus Sócmhainní Digiteacha. i réimsí eile d'oibrigh na POFanna clár faoin bhfiontraíocht ag an dara agus an tríú leibhéal agus ghlac os cionn 1,000 dalta agus mac léinn páirt iontu. Teach Mhíchíl Uí Choileáin, Cloich na Coillte. Maidir le plé suntasach duine le duine a dhéanamh le gnóthais, bhain níos mó ná 1,107 duine leas as seirbhísí comhairle meantóireachta agus gnó.

Bonneagar um Fhorbairt Fiontraíochta

Cuireann Comhairle Contae Chorcaí réimse roghanna réadmhaoine ar fáil, lena n-áirítear talamh, suíomhanna, aonaid agus deasca sealáíochta ar fud an Chontae chun cúnamh a thabhairt do ghnóthais reatha agus do ghnóthais atá ag teacht chun cinn maidir le tionscnaimh forbartha geilleagraí a chur i bhfeidhm. In 2018, léiríodh go leor spéise sna roghanna seo tar éis an chúlaithe eacnamaíochta a bhí ann ar feadh 7-10 mbliana roimhe sin; cuireadh roinnt díolachán i gcrích agus cuireadh tús le tógáil. Freisin bhí na haonaid ar cíos beagnach lán. Is iad na tionscnaimh is déanaí ná na Cistineacha Cothaithe Bia (CCB) i gCarraig Uí Leighin, áit ar féidir spás cistine tráchtála lánfheistithe den ghrád bia a fháil ar cíos in aghaidh na huairé i gcistin den chineál is nua-aimseartha. Tá úsáid bainte astu siúd freisin le haghaidh oiliúna, taighde agus forbairt (T&F), scannánaíochta agus taispeántais, rud a chuireann go mór le bonneagar fiontair an Chontae. Tháinig roinnt mac-fhiontair bhia chun cinn ó CCB i 2018, ar léiriú maith ar rath é sin.

Cuireadh próiseas tairisceana nua i gcrích chun CCB a bhainistiú i rith 2018 agus tá an chuideachta a raibh an bua acu réidh le cur leis an rath atá bainte amach cheana.

Cuireann Comhairle Contae Chorcaí áiseanna Deasca Sealadaíochta, oifigí pearsanta agus seomraí oiliúna / cruinnithe ar fáil inár R-Ionaid ar fud an Chontae. Tacaíonn an Chomhairle leis an tionscnamh R-Ionad díreach i mBeanntraí agus Mainistir Fhear Maí agus i dteannta le heagraíochtaí pobail agus leis an earnáil phríobháideach in 8 n-ionad eile ar fud an Chontae.

Turasóireacht

Coiste um Beartais Straitéiseacha

Bhí ceithre chruinniú ag an CBS ar Thurasóireacht i 2018 agus pléadh roinnt saincheisteanna mar iad seo a leanas:

- Forbairt an Dréachtbheartais um Veaineanna Campála (ar ghlac an Comhairle Iomlán ar an 22 Eanáir, 2018)
- Forbairt Treoirilínte maidir le Ceadúnú Troscáin Sráide
- Eitiltí ó Chorcaigh chuig Providence/Bostún - Norwegian Airlines
- Treoirilínte agus Beartais ar Fhéilte/Imeachtaí le haghaidh Contae Chorcaí
- Comhaontas um Leasú Árachais
- Gníomhaíocht Turasóireachta Chomhairle Contae Chorcaí

Rinne na heagraíochtaí seo a leanas cuir i láthair don SPC le linn 2018.

- Fáilte Éireann - Pleananna 2018 le aghaidh Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus Sean-Oirthear Éireann
- Visit Cork (Tabhair Cuairt ar Chorcaigh) - An t-eolas is déanaí ar ghníomhaíochtaí Visit Cork agus Pure Cork
- Inis Píc
- Cork 300 - Club Ríoga na Luamh i gCorcaigh/Royal Cork Yacht Club

Turasóireacht a Fhorbairt i gCorcaigh – Straitéis Chomhchoiteann – Visit Cork a nuashonrú

Cuireadh Grúpa Stiúrtha Údaráis Áitiúil um Straitéis Turasóireachta ar bun, a bhfuil ionadaithe ó Chomhairle Contae Chorcaí agus Comhairle Cathrach Chorcaí ina mbaill de. Is é an cúram atá air ná oibriú leis an Uas. Seamus Heaney, Ceann Visit Cork chun Corcaigh a mhargú. Is é seo a leanas an t-eolas



is déanaí maidir le gníomhaíochtaí Visit Cork agus cabhair acu ó na rannáin Turasóireachta:

Pure Cork

Ceapadh an ghníomhaireacht deartha Web Bureau chun an láithreán gréasáin nua Visit Cork (Tabhair Cuairt ar Chorcaigh) a dhearadh agus a fhorbairt; ba é sin PureCork.ie agus é le bheith seolta i R2 2018. Reáchtáladh Seónna Bóthair Pure Cork ar an 23 agus an 24 Bealtaine, 2018.

4 sheisiún inar clúdaíodh na 8 gCeantar Bardasach agus Cathair Chorcaí, sna háiteanna seo a leanas:

- 23 Bealtaine - Mala
- 23 Bealtaine - Mainistir na Corann
- 24 Bealtaine - Cathair Chorcaí
- 24 Bealtaine - Ros ó gCairbre

Dearadh léarscáil chlóite de chuid Pure Cork agus bhí sé ar fáil le haghaidh Shéasúr Turasóireachta 2018.

Ráiteas Straitéise agus Clár Oibre Chomhairle Contae Chorcaí

Faoi stiúir Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CCMA) agus an Chumainn Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA), agus tacaíocht chuige seo faighte ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTAS), bhí de cheanglas ar gach Údarás Áitiúil, Ráiteas Turasóireachta maidir le Clár Straitéise agus Oibre a ullmhú don tréimhse 2017 – 2022, agus é sin bunaithe ar theimpléad coiteann a eisíodh i Nollaig 2016, faoi na ceannteidil seo a leanas:

- 1) An Beartas Náisiúnta
- 2) Plean Gníomhaíochta Réigiúnach le haghaidh Post
- 3) Spriocanna Turasóireachta de chuid an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP),
- 4) Clár Oibre Turasóireachta 2017 – 2022 – Príomhghníomhaíochtaí
- 5) Comhoibriú agus Tionscnaimh Shaincheaptha sa Réigiún.

Nuashonrú maidir leis an mBonneagar Turasóireachta

Conair Capall Bhéara: Tugadh Céim 1 chun críche; críochnófar obair ar chéim 2 den chéad Chonair Capall in Éirinn ó Bhaile Chaisleáin Bhéarra – na hAilichí – Iorthan, le cabhair ó mhaoiniú REDZ i R2, 2019.

Slí an Atlantaigh Fhiáin: Tá Cláir Comharthaí Treo tugtha chun críche agus tá 80% de na Comharthaí ag a bhfuil Logainmneacha i nGaeilge déanta. Tá Comhairle Contae Chorcaí ag obair go dlúth fós le Fáilte Éireann maidir le

Pleananna Forbartha don Taithí Cuairteora a fhorbairt.

Sean-Oirthear Éireann: Tacaíodh le seoladh comharthaíochta fáilte teorann, tógáil painéal léirmhíniúcháin agus suiteáil Comharthaíochta Treoshuimh i dtaca le Sean-Oirthear Éireann.

Conairí Oidhreachta Thuaisceart Chorcaí: Tá an tionscnamh seo fós ina thús.

Inis Píc: Tugadh faoin bpróiseas soláthair chun Soláthraí Seirbhíse a roghnú don 2ú bád farantóireachta chun acmhainn a mhéadú agus freastal ar éileamh. Aithníodh conraitheoir roghnaithe; tá an Conradh le bheith sínithe i mí an Mhárta 2019.

Camden Fort Meagher: Arna bhainistiú ag DAC Chuideachta Forbartha Camden Fort Meagher; ar cuideachta faoi úinéireacht iomlán Chomhairle Contae Chorcaí é. Tá Dréacht-Mháistirphlean á bhreithniú faoi láthair.

Eispéireas Oidhreachta Meánaoisí Chill na Mallach: Áiríodh leis an tionscadal a tugadh chun críche i R3, 2018 forbairt Chonair Mheánaoiseach Bhaile 1 chiliméadair, a chuimsíonn 6 Shéadchomhartha Náisiúnta.

Staidéar Féidearthachta Ghormbhealach Chorcaí Thuaidh: D'fhostaigh Comhairle Contae Chorcaí saineolaí i réimse fhorbairt na nGormbhealach chun tabhairt faoi mheasúnú indéantachta chun Gormbhealach a sholáthar ar an Dubhabhainn. Tá sé sin tugtha chun críche anois agus thug sé dearbhú maidir le hoiriúnacht na Dubhabhainn don fhorbairt sin. Ghnóthaigh Comhairle Contae Chorcaí maoiniú €200,000 faoi Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2017 le haghaidh dhá phointe tús siúlóide i Sráid an Mhuilinn agus Mainistir Fhear Maí, mar aon le feabhsuithe ar na siúláin/cosáin in aice láimhe san dá áit sin. Tá dul chun cinn á dhéanamh le hobair chun áiseanna oiriúnacha cheann conaire a aithint agus a fhorbairt i Mala agus bealaí tosaigh a fhorbairt do thurais ghairide. Tá staidéar indéantachta á dhéanamh don chuid Pháirc Shráid an Mhuilinn den Ghormbhealach agus tá dul chun cinn á dhéanamh ar roinnt oibreacha réimse poiblí ag an gceann conaire agus sa bhaile.

Glasbhealach Chuan Chorcaí: Cuirfear an tionscadal um Ghlasbhealach Chuan Chorcaí ar aghaidh in 2019 i dteannta leis an Údarás Náisiúnta Iompair, agus é tosaithe le measúnú ar rogha bealaigh.



An Glasbhealach ó Mhainistir na Corann go dtí Eochail:

Foilsíodh an Chuid 8 don Ghlasbhealach i Meán Fómhair 2018 agus tá tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh á fhorbairt. Rinneadh iarratas ar mhaoiniú ar an Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt.

Eochail go dtí 2020: Táthar ag obair ar an dréacht deiridh den phlean, Eochail go dtí 2020.

Teach Solais Eochaille: D'éirigh le hiarratas ar an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta faoin Scéim um Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte ar mhaoiniú chun an Teach Solais a fhorbairt mar áit spéise do chuairteoirí. Tá pleananna faoi lán seoil chun clós an tí solais a oscailt do chuairteoirí, ionad amhairc a fhorbairt agus scéal Theach Solais Eochaille is stair mhuirí Eochaille a chur i láthair.

Scéal Sam Maguire: Tá conairí agus clár eolais Sam Maguire críochnaithe. Tá Bróisiúr Sam Maguire á dhearadh.

Scéim Deontas Caipitiúil Fháilte Éireann do Mhórtionscadail Turasóireachta

Carr Cábla agus Ionad Cuairteora Oileán Baoi Maoiniú de €200,000 faofa ag Fáilte Éireann i dtreo chostais na céime forbartha atá beartaithe chun céim dheartha an tionscadail a chur i gcrích. Ceapadh na comhairleoirí deartha, (Roughan & O'Donovan), ar an 02/08/2018 le praghas tairisceana de €824,721 (roimh CBL). Tá obair ar an Tuarascáil ar Roghanna Tionscadail nach mór críochnaithe agus cuireadh Dréacht Deireanach faoi bhráid Chomhairle Contae Chorcaí (CCC) ar an 30/11/2018. Tá an tuarascáil sin á hathbhreithniú ag CCC faoi láthair. Pléifear torthaí ón athbhreithniú sin le Fáilte Éireann agus ina dhiaidh sin cuireadh in iúl do na Comhairleoirí Deartha é chun cur ar aghaidh chuig céim an deartha shonraigh.

Is é an dáta atá beartaithe chun an dearadh a chríochnú agus gach cead agus faomhadh pleanála riachtanach a fháil ná Samhain 2019. Cuirfear iarratas deontais eile chun an tionscadal a chur ar aghaidh chuig tairiscint tógála agus ansin tógáil (Céim Chur i gCrích an Tionscadail), faoi bhráid Fháilte Éireann tar éis an próiseas deartha agus pleanála a thabhairt chun críche.

Scéim Deontais Shean-Oirthear Éireann de chuid Fháilte Éireann

Eaglais Choláisteach Mhuire, Eochail- D'éirigh le hiarratas ar mhaoiniú ó Scéim Deontais Shean-Oirthear Éireann Fháilte Éireann i dtaca le Léirmhíniú Seanchais le

haghaidh Eaglais Choláisteach Mhuire. Meastar go gcosnóidh an tionscadal seo €200,000 + CBL. Ceapadh Makedot Ltd. chun na hoibreacha léirmhíniúcháin a dhéanamh le haghaidh Eaglais Choláisteach Mhuire faoi Scéim na nDeontas Beag do Shean-Oirthear Éireann. Ceapadh na comhairleoirí agus tá sé beartaithe go dtabharfar an tionscadal chun críche i R2 2019.

Tacaíochtaí Margaíochta - Cruise Tourism in Iarthar Chorcaí: Táimid fós ag dul i muinín seirbhísí Sainchomhairleora Turasóireachta atá ag déanamh iarracht thar ár gceann, níos mó longa cúrsála a mhealladh chun cuairt a thabhairt ar Iarthar Chorcaí.

Gleanntáin na Mumhan - ceann scríbe beomhar nua turasóireachta is ea Gleanntáin na Mumhan, a chuimsíonn Sléibhte an Chomaraigh, na Cnoic Mhaoldomhnaigh, na Gaibhlte, an Sliabh Riabhach agus Sliabh an Nóglaigh. Leanann Comhairle Co. Chorcaí ar aghaidh ag tabhairt tacaíocht airgeadais chun an branda seo a mhargú.



Tionscnaimh/tacaíochtaí margaíochta eile Freisin sholáthair Comhairle Contae Chorcaí tacaíocht mhargaíochta do;

- Branda Oileáin Chuan Chorcaí
- Fáinne Chorcaí
- Túr Geata Chlog Eochaille
- Cumann Tráchtála Chloch na gCoillte
- Conair Gairdín Iarthar Chorcaí
- Cumann Tráchtála an Sciobairín
- Roinnt Oifigí Turasóireachta.

Ghlaic Comhairle Contae Chorcaí (CoR) páirt i Lá Oscailte Choiste Eorpach na Réigiúin ar an 5 Bealtaine 2018 sa Bhruiséil. D'oscail Institiúidí na hEorpa a cuid doirse chun Lá na hEorpa a cheiliúradh. Thaispeáin Comhairle Contae Chorcaí Réigiún Iarthar Chorcaí ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin do thart ar 3,000 cuairteoir i gcomhpháirt le A Taste of West Cork agus Comhairle Contae Shligigh.



Comhdháil an Líonra Dhomhanda um Dhearadh Seirbhísí

Reáchtáladh an Chomhdháil Dhomhanda ar Dhearadh Seirbhísí ar an 11/12 Deireadh Fómhair i mBaile Átha Cliath, agus Comhairle Contae Chorcaí ag ceiliúradh a 11ú bliana mar phríomh-chomhpháirtí. Tharraing an chomhdháil 820 aoi as 44 tír agus chuimsigh sé 33 cur I láthair, 12 cheardlann agus 80 cainteoir as gach cearn den domhan. Mar chuid den chomhdháil, d’eagair Aonad Turasóireachta na Stiúrthóireachta um Fhorbairt Gheilleagrach, Fiontar agus Turasóireacht i gComhairle Contae Chorcaí i dteannta le Taste Cork, go dtaispeánfadh 8 dTáirgeoir Bia Ceardaí táirgí Chorcaí ag ‘Imeacht Lá na mBall’ mar chuid den Chomhdháil. Chomhordaigh an t-Aonad Turasóireachta ábhar físeáin le himirt d’aíonna ag imeacht Lá na mBall a thaispeáin Corcaigh mar Ionad Turasóireachta.

Comhaontuithe Comhpháirtíochta SAM

Leanann Comhairle Contae Chorcaí uirthi ag cothú deiseanna um fhorbairt gheilleagrach do Chorcaigh sna Stáit Aontaithe.

Toscaireacht Quincy: Ar an 13 Meán Fómhair, chuir Comhairle Contae Chorcaí fáilte roimh thoscaireacht ó Chathair Quincy, agus béim faoi leith curtha ar an gcomhpháirtíocht fhoirmiúil a dhoimhniú idir an dá réigiún sna réimsí Turasóireacht agus Oideachas. Chuimsigh an toscaireacht ionadaithe ó Chumann Tráchtála Quincy agus Discover Quincy, chomh maith le Comhairleoirí a rinne ionadaíocht ar Oifig Mhéara Quincy.

Toscaireacht Maine:

Ar an 11 Meán Fómhair, shínigh Comhairle Contae Chorcaí Comhaontú Comhpháirtíochta Geilleagraí le Stát Maine sna Stáit Aontaithe. Féachtar leis an gcomhaontú lena gclúdaítear na colúin Gnó, An Saol Acadúil agus Turasóireacht, cur le buanna an dá réigiúin thar réimse tionscal agus earnálacha.



Síniú na Comhpháirtíochta Geilleagraí – Stát Maine agus Comhairle Co. Chorcaí

Féilte/Imeachtaí: Thacaigh Comhairle Contae Chorcaí le roinnt mhaith féilte/imeachtaí in 2018, agus tugadh faomhadh do bhreis is €500,000 chuige seo. Rinne an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Gheilleagrach, Fiontar agus Turasóireacht bainistíocht ar na hiarratais a fuarthas faoi na sruthanna maoinithe seo a leanas:

An Ciste um Fhorbairt Gheilleagrach:

Thacaigh an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Gheilleagrach, Fiontar agus Turasóireacht le 10 bhféile in 2018, agus €235,000.00 caite orthu


Ciste na bhFéilte Áitiúla (Ciste Féilte Réigiúnacha Fháilte Éireann a thugtaí air roimhe sin): Tugadh faomhadh do mhaoiniú le haghaidh 32 féile tríd an sruth maoinithe sin, agus méid iomlán de €65,000 caite. Forbraíodh foirm iarratais shonrach ar líne agus critéir shonracha don chiste.

‘Destination SME’ faoi Thionscadal

Interreg an AE: Is é aidhm an tionscadail seo ná iomaíochas FBManna san earnáil turasóireachta a fheabhsú trí thacú le cur i bhfeidhm beartas um bainistíocht ceann scríbe. Is iad na comhpháirtithe atá rannpháirteach sa tionscadal seo ná an Laitvia, an Fhrainc, an Fhionlainn, an tSlóivéin, an Iodáil agus Málta.

Trí phríomhchéim ó Aibreán 2016 go Márta 2021:

- Anailís ar thaithí agus í a roinnt – Cleachtais agus beartais spéisiúla agus ábhartha a aithint.
- Deireadh Fómhair 2018 - Márta 2019: Pleananna Gníomhaíochta áitiúla a chur le chéile
- Aibreán 2019 - Márta 2021: Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Áitiúil, feabhsúcháin ar bheartas, aistriú eolais, dea-chleachtas agus beartas
- Is é buiséad Chomhairle Co. Chorcaí le haghaidh na gcúig bliana atá romhainn ná €196,256 agus tabharfaidh Comhairle Contae Chorcaí 15% de sin.



Teach Mhíchíl Uí Choileáin, Cloich na Coillte



Airgeadas

Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as bainistíocht airgeadais ghinearálta acmhainní na Comhairle. Tá sé mar dhualgas uirthi na híocaíochtaí ar fad a dhéanamh, idir íocaíochtaí do chreidiúnaithe, an párolla, aisíocaíochtaí ar iasachtaí, agus préimheanna árachais; maoirseacht ar bhainistíocht ioncain, lena n-áirítear deontais agus fóirdheontais rialtais a fháil ar ais. Tá an rannóg freagrach as rátaí tráchtála a thobhach agus a bhailiú, árachas, bainistíocht fiachais maidir le hiasachtaí tithíochta, agus maoirseacht ar sholáthar.

I measc dhualgais na Rannóige tá;

- Obair ar an mBuiséad Bliantúil (€326m, 2018) a ullmhú agus a chur i láthair,
- An Clár Caipitil (€723, 2018-2020)
- An Ráiteas Airgeadais Bliantúil;
- Taifid airgeadais a choimeád
- Comhlíonadh a chinntiú maidir le tuarascálacha airgeadais agus tuairisceáin reachtúla.

Le linn di a cuid oibre a chur i gcrích, bíonn an Rannóg Airgeadais ag plé le Baill agus téann i gcomhairle le Stiúrthóireachtaí agus Oifigí eile ar bhonn rialta. Forbraíonn agus cuireann sí i bhfeidhm beartais agus struchtúir le haghaidh Chomhairle Contae Chorcaí agus soláthraíonn sí seirbhísí cúnamh don eagraíocht. Is iad na príomhaonaid laistigh den Roinn Airgeadais ná:

- Iasachtaí Tithíochta
- Pá Rolla
- Íocaíochtaí
- Árachas
- Soláthar
- Cuntasaíocht Airgeadais
- Cuntasaíocht Bhainistíochta
- Mótarcháin
- Áit Chónaithe
- Phríobháideach Neamhphríomha
- Rátaí & Bailiúchán

Rátaí Tráchtála

Bailíodh Rátaí Tráchtála de €123m san iomlán i 2018 i dtaobh c. 15,000 oidhreachtán i gContae Chorcaí. Den mhéid seo, rinneadh €1.1m a imfhálú le haghaidh úsáide i gCiste um Fhorbairt Gheilleagrach na Comhairle. Lena chois sin, rinneadh €1m a imfhálú do Chiste Forbartha Bailte na Comhairle, arb é an aidhm atá leis ná cabhrú leis na Ceantair Bhardasacha tacú le forbairt áitiúil i mbailte. Tá Comhairle Contae Chorcaí freagrach anois as rátaí a thobhach agus a bhailiú i seanlimistéir riaracháin Chomhairlí Baile Chloich na Coillte, an Chóibh, Mhainistir Fhear Maí, Chionn tSáile, Mhaigh Chromtha, Mhala, Mhainistir na Corann, an Sciobairín agus Eochaille, i ndiaidh dhíscáioleadh na limistéar sin faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014. De réir fhorálacha an Achta, cuireadh tús in 2016 leis an bpróiseas chun na Rátaí Bliantúla ar Luacháil (ARVanna) a chomhoiriúnú. Táthar ag súil go mbeidh an próiseas comhoiriúnaithe curtha i gcrích faoi 2020, agus aistreoidh iaríocóirí rátaí de chuid na gComhairlí Baile chuig ARV ginearálta an chontae de 74.75 ar bhonn céimnithe.

Ba é 2018 an ceathrú bliain as a chéile den Scéim nua Deontais Rátaí, arb infheidhme í do gach íocóir rátaí (i limistéir an chontae amháin) a chomhlíonann na riachtanais cánach nó a bhfuil a gcuid cuntas ag feabhsú, agus is ar Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) go príomha atá an scéim dírithe. Ba é an deontas do chuntais incháilithe ná 2% de mhuirear rátaí 2018, faoi réir uasbhille de €3,000. Ba é costas foriomlán na scéime i 2018 ná €0.3m.

Mótarcháin

Lean Rannóg Mhótarcháin na Comhairle ar aghaidh ag soláthar seirbhísí cuntair agus poist do Chontae agus do Chathair Chorcaí. I 2018, bailíodh táillí Mótarchánach €25.6m agus aistríodh an t-ioncam sin chuig an rialtas láir. Phróiseáil an Oifig Mótarchánach 155,553 idirbheart i rith 2018. Chomh maith le hathnuachan mótarchánach, phléigh an Oifig Mótarchánach le hábhair a bhaineann le mótarcháin nach féidir faoi láthair déileáil leo



ar líne, lena n-áirítear plátaí trádála, aisíocaíochtaí, feithiclí díolmhaithe, fiosruithe ón nGarda nó ó Dhlíodóirí, agus clárú leantóirí.

Árachas

Déanann an Rannóg Árachais cothabháil agus bainistíocht ar na polasaithe árachais éagsúla atá ann chun a chinntiú go bhfuil clúdach dóthanach ann do phriacail a eascraíonn as réimse leathan oibríochtaí na Comhairle. Tá polasaithe ann freisin chun cosaint a thabhairt d'acmhainní Chomhairle Contae Chorcaí.

Faigheann an rannóg seo freisin na héilimh Dliteanais Phoiblí agus Dliteanais Fostóra ar fad agus oibríonn sí le hárachóir na Comhairle, Comhar-Árachais Chomhlachtaí Poiblí Éireann, chun déileáil leis na héilimh seo.

Soláthar

Tá dul chun cinn an-mhaith á dhéanamh ag an Rannóg Soláthair thiomnaithe, a bunaíodh arís i mí an Mhárta 2017, chun cabhrú le ceannaitheoirí a gcuid scileanna soláthair a fhorbairt agus uirlisí a chur ar fáil chun an luach is fearr a chur ar fáil i réimse a bhíonn ag éirí níos casta agus níos dúshlánaí i gcónaí. I rith 2018 sholáthair an fhoireann taisce chuimsitheach de cháipéisí caighdeánacha teimpléid agus treorach a fhreastalaíonn ar riachtanais chomhlíontachta agus a chabhraíonn le ceannaitheoirí an luach is fearr a chur ar fáil trí sholáthar dea-chleachtais. Mar gheall ar chomhoibriú an-rathúil idir an Rannóg Soláthair, an Stiúrthóireacht Tithíochta agus an Oifig Fiontair Áitiúil, pléadh go díreach le níos mó ná 200 conraitheoir, a bhí bunaithe ar fud an chontae, a raibh spéis acu i bheith curtha san áireamh le cuimsiú i gcreataí chun seirbhísí pluiméireachta, leictreachais agus mionoibreacha tógála a chur ar fáil. Ó R1 2019 ar aghaidh, soláthróidh conraitheoirí áitiúla rathúla a glacadh isteach sna creataí ceannaigh sin seirbhísí do Chomhairle Contae Chorcaí ar uasluach de thart ar €28m ar bhonn carnach le linn shaolré na gcreataí faoi seach. Déanfaidh an Rannóg Soláthair tuilleadh forbartha ar rialachas soláthair

chorparáidigh agus cuirfidh sí clár cuimsitheach oiliúna ar fáil in 2019 trína dtreiseofar agus trína bhforbrófar níos mó soláthar dea-chleachtais ar gach leibhéal den Chomhairle.



Bailiú Ioncaim 2018 (de réir Aguisín 7 an Ráitis Airgeadais Bhliantúil 2018):

	Cíosanna & blianachtaí Tithíochta	Rátaí Tráchtála	Iasachtaí Tithíochta
Suim Iomlán Dlíte	21,352,890	134,424,275	8,546,964
Iomlán a Bailíodh	20,058,732	122,979,321	4,722,682
% Bailithe	94%	92%	55%

Sliocht ón Ráitis Airgeadais Bhliantúil 2018:

Cuntas Ioncaim	2018	2017
Caiteachas Iomlán	309,771,946	290,143,838
Ioncam Iomlán	336,403,868	314,056,300
Iarmhéid na bliana roimh Aistrithe	26,631,921	23,912,462
Aistriú chuig an gCúlchiste	(26,586,873)	(29,347,881)
Iarmhéid/(easnamh) iomlán don BHLIAIN	45,048	(5,435,419)
Cúlchistí Ioncaim Tosaigh	7,343,576	12,778,996
Coigeartú na Bliana Roimhe Sin	-	-
Cúlchiste Ioncaim Deiridh	7,388,624	7,343,576

Ráiteas ar an Staid Airgeadais

	2018	2017
Sócmhainní Seasta	8,183,070,649	8,180,879,742
Obair idir Lámha	112,648,487	73,720,338
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	148,592,427	148,199,365

Sócmhainní Reatha

Stoc	599,167	620,382
Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí	75,442,426	80,229,439
Infheistíochtaí Bainc	182,628,887	155,326,526
Airgead Tirim sa Bhanc	6,701,074	1,238,536
Airgead faoi bhealach	52,672	52,672
Iomlán na Sócmhainní Reatha	265,424,226	237,467,556

Dlíteanais Reatha

Rótharraingtí Bainc	-	-
Creidiúnaithe & Fabhrú	124,901,402	117,970,346
Glansócmhainní Reatha	124,901,402	117,970,346

Dlíteanais Fhadtéarmacha

Iasachtaí Iníochta	356,563,177	370,842,647
Éarlaisí Inaisíochta	18,516,954	15,640,676
Eile	11,304,574	6,199,881
	386,384,705	392,683,204
Glansócmhainní	<u>8,198,449,681</u>	<u>8,129,613,451</u>



Oibríochtaí na gCeantar Bardasach & Forbairt Tuaithe

Ceantair Bhardasacha

Tá ról lárnach ag líonra na gCeantar Bardasach i gComhairle Contae Chorcaí agus tá sé tiomanta do sheirbhísí a chur ar fáil do na pobail ar fad ar fud Chontae Chorcaí.

Ó bunaíodh in 2014 iad, tá naisc láidre forbartha acu leis na pobail a bhfreastalaíonn siad orthu agus tá cur chuige comhoibritheach cothaithe acu agus iad ag obair leis na grúpaí agus na heagraíochtaí go léir a dhéanann ionadaíocht ar shaoránaigh Chontae Chorcaí. Léirítear é sin i leithdháileadh acmhainní suntasacha tríd an Leithdháileadh Bardasach Ginearálta agus an Ciste Forbartha Baile. Soláthraíonn na Ceantair Bhardasacha raon leathan seirbhísí lena n-áirítear Maoir Scoile, páirceáil Baile a oibriú, rialú bruscair, glanadh sráide, ionad adhlactha agus cothabháil clós súgartha. Tá na Ceantair Bhardasacha freagrach freisin as tionscadail a chur i gcrích a mhaoinear trí scéimeanna maoinithe náisiúnta lena n-áirítear Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte, an Scéim um Bhonneagar Caithimh Aimsire Amuigh agus Clár.

Tacaíocht Phobail

Mar gheall ar an **Leithdháileadh Bardasach Ginearálta** de €1.7 milliún, a rinneadh é a riaradh i dteannta leis na Comhaltaí Tofa, bhíodhas in ann tacaíocht leanúnach a thabhairt do níos mó ná 600 grúpa. Tugadh tacaíocht do na grúpaí sin le tionscadail a cuireadh faoi na catagóirí Deontais Taitneamhachta, Deontais Chaipitiúla agus Scéimeanna Conartha Pobail. Chun an próiseas iarratais a dhéanamh níos éasca do ghrúpaí d'oibrigh na Ceantair Bhardasacha le Foireann Phoblacht na Seirbhíse (Service Republic) chun go bhféadfaí iarratais a dhéanamh ar líne trí yourcouncil.ie den chéad uair i 2018. Aithníodh iarrachtaí ár gcuid Grúpaí **Bailte Slachtmhara** arís i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara in 2018 agus bronnadh sé bhonn óir, dhá bhonn airgid, agus deich mbonn cré-umha ar ghrúpaí ar fud an chontae. Fuarthas dámhachtainí eile i roinnt catagóirí

lenar áiríodh An tIonad Uirbeach Mór is Slachtmhaire in Éirinn, Dámhachtain Iarrachta, Dámhachtain Aeir Ghlain agus Dámhachtain na nOileán. Tá tuilleadh mionsonraí faoi thorthaí 2018 leagtha amach thíos:

DÁMHACHTAIN	LÁTHAIR
Bonn Óir	<ul style="list-style-type: none"> ✓ Baile an Chollaigh ✓ Carraig Uí Leighin ✓ Cloich na Coillte ✓ An Cóbh ✓ Coolagown ✓ Cionn tSáile ✓ Eochail
Bonn Airgid	<ul style="list-style-type: none"> ✓ Beantraí ✓ Maigh Chromtha ✓ Ros Ó gCairbre
Bonn Cré-Umha	<ul style="list-style-type: none"> ✓ Droichead na Bandan ✓ Béal an Dá Chab ✓ Baile Chaisleáin an Róistigh ✓ Na hAoraí ✓ Inis Eonáin ✓ Lios Leamháin ✓ Sráid an Mhuilinn ✓ Ráth an Bharraigh ✓ An Sciobairín ✓ Tigh Molaige
An t-Ionad Uirbeach Mór is Slachtmhaire in Éirinn	<ul style="list-style-type: none"> ✓ Baile an Chollaigh
Dámhachtain Iarrachta	<ul style="list-style-type: none"> ✓ Biorainn ✓ Draighneach
Dámhachtain Aeir Ghlain	<ul style="list-style-type: none"> ✓ Carraig Uí Leighin
Dámhachtain na n-Oileán	<ul style="list-style-type: none"> ✓ An tOileán Mór & Inis Arcáin



Oibreacha déanta ag Grúpaí Bailte Slachtmhara

An Ciste Forbartha Baile

Coimeádadh an **Ciste Forbartha Baile** i 2018 agus leis sin scaipeadh leithdháileadh de €1 mhilliún thar na n-ocht gCeantar Bardasach. Déantar cinnte leis an gCiste Forbartha Baile go bhfaigheann ár gcuid bailte an tacaíocht atá uathu chun tionscnaimh forbartha áitiúla a chur chun cinn. Bhí tionscadail mar fheabhsúcháin ar an réimse poiblí agus tacaíocht d'fhéilte áitiúla mar ghné lárnach den chiste sin i 2018. Ceadaíonn an ciste seo do na Ceantair Bhardasacha tacú leis na hábhair roghnacha seo a leanas:

- Tacaíocht do Chomhlachais Ghnó um thionscnaimh forbartha baile



- Tacaíocht chun comhpháirtíochtaí comh-chomhordaithe forbartha áitiúla a fhorbairt i mbailte chun cur chuige aontaithe agus comh-chomhordaithe a chinntiú i dtreo oibriú leis an gComhairle
- Tionscnaimh shonracha um fheabhsú bailte anuas ar ghnáthsholáthar seirbhísí i réimsí mar chur i láthair baile, comharthaí agus soilse poiblí srl
- Scéimeanna féideartha chun cabhrú le foirgnimh thréigthe a chur i gceart
- Tacaíochtaí breise do ghrúpaí Bailte Slachtmhara trí chlár oibre bliantúla a chomhaontú

Cheadaigh an ciste do na Ceantair Bhardasacha freisin **an Scéim um Phéinteáil, Chomharthaí agus Feabhsú Sráid-Dreacha** a oibriú arís i 2018. Tháinig méadú suntasach ar líon na n-iarratas a d'fhaomhadh agus cúnaimh iomlán de €198,900 faighte ag 174 iarratasóir ar fud mhórbhailte Chontae Chorcaí. Chabhraigh an scéim seo, arb í an bhliain seo díreach an dara bliain de, go mór le hiarrachtaí Chomhairle Contae Chorcaí chun déileáil le foirgnimh thréigthe. Leanfaidh na Ceantair Bhardasacha ar aghaidh ag obair lena bpobail agus le Grúpaí na mBailte Slachtmhara chun an scéim seo a chur chun cinn i 2019.



Oibreacha péinteála i Mala



Réadmhaoin de chuid na Comhairle agus é péinteáilte i 2018

An Scéim um Fheabhsú Sráidbhailte

Fuair gach Ceantar Bardasach leithdháileadh €62,500 a cheadaigh oibreacha feabhsúcháin a dhéanamh i go leor sráidbhailte dár gcuid. D'oibrigh Ceantair Bhardasacha le go leor grúpaí pobail a chuimsigh Bailte Slachtmhara chun oibreacha a sholáthar a d'fheabhsaigh roinnt sráidbhailte. Áiríodh leis na hoibreacha sin suíocháin nua a chur ar fáil, tírdhreachú agus plandú a dhéanamh, agus rinneadh oibreacha sna háiteanna seo a leanas: Drom Átháin, Carraig na bhFear, Greanach, An Gleann Garbh, Cill Briotáin, An Geata Bán, An Léim, Baile Nua Sheandroma & Cill Uird



Oibreacha déanta i Sráidbhailte Ghreanaí



Suíocháin nua curtha isteach mar chuid d'oibreacha um Fheabhsú Sráidbhailte i Sráidbhailte Ghreanaí



Terri Kearney, Bainisteoir Ionaid Oidhreachta an Sciobairín ag caint le Ryan Tubridy mar chuid dá dturas de Shlí an Atlantaigh Fhíáin



Foireann Theach Mhíchíl Uí Choileáin lena ndámhachtain don Áit Turasóra is Fearr 2018-Irisleabhar na hEarnála Poiblí



Forbairtí Eile:

Baile an Chollaigh/Carraig Uí Leighin

Bhí an-áthas ar Cheantar Bardasach Bhaile an Chollaigh Charraig Uí Leighin tacú le roinnt grúpaí pobail a cheadaigh Soilse Nollag a chur suas i roinnt ionad lenar áiríodh Baile an Chollaigh, Carraig Uí Leighin, Dúglas, An Pasáiste agus An Tóchar. Lean sé ar aghaidh ag tacú freisin le Paráidí Lá Fhéile Pádraig i mBaile an Chollaigh, Carraig Uí Leighin agus Dúglas. D'oibrigh an Ceantar Bardasach le roinnt páirtithe leasmhara chun Músaem Mara an Phasáiste Thiar a fhorbairt ina stóráiltear agus ina dtaispeántar raon leathan de dhéantúsáin uathúla agus d'ábhar cartlainne ó fhoinsí éagsúla ar fud an bhaile féin agus ceantar ginearálta an chalaigh íochtair. Bhí an-áthas ar an gCeantar Bardasach dhá fhaighteoir bonn óir a bheith aige i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara i rith 2018 agus leanfaidh sé ar aghaidh ag obair le gach grúpa Baile Shlachtmhair i 2019.



Múrphictiúr cruthaithe ag Grúpa Pobail- Baile an Óraigh

Droichead na Bandan/Cionn tSáile

Sholáthair Ceantar Bardasach Dhroichead na Bandan Chionn tSáile oibreacha um fheabhsú an réimse phoiblí i mBéal Átha an Spidéil agus Cill Briotáin faoin Scéim um Fheabhsú Sráidbhailte. Bhí an Ceantar Bardasach freagrach freisin as plás nua a fhorbairt i bPlás Fhionnbharrá i nDroichead na Bandan i rith 2018 agus rinne sé oibreacha fálaithe ag Daingean Rinn Chorráin.

An Bhlárna/Maigh Chromtha

Bhí Ceantar Bardasach na Blarnan Mhaigh Chromtha freagrach as uasghrádú mór ar Chlós Súgartha an Túir i rith 2018. Chuimsigh an t-uasghrádú sin trealamh nua a chur in áit an trealaimh go léir sa chlós súgartha chomh maith le hoibreacha coimhdeacha láithreáin a chuimsigh fálú agus

suíocháin nua. Lean an Ceantar Bardasach de thacú le roinnt paráidí Lá Fhéile Pádraig a tharla sa cheantar chomh maith le Féile Bia Mhaigh Chromtha. D'oscail an Cmhlr Ted Lucey go hoifigiúil méadú ar Reilig Cholmáin i nDeireadh Fómhair 2018; leis an méadú sin rinneadh cinnte go mbeidh neart spáis do Mhaigh Chromtha ar feadh roinnt blianta. Críochnaíodh na hoibreacha tosaigh ar an athchóiriú ar an gCearnóg Láir i Maigh Chromtha agus tá an Ceantar Bardasach ag súil leis go ndéanfar tuilleadh oibreacha ar an tionscadal sin i 2019. Bhí Ceantar Bardasach na Blarnan/Mhaigh Chromtha ar cheann de cheithre Cheantar Bardasach a ghlac páirt i scéim phíolótach chun Wi-Fi Poiblí Saor in aisce a chur i bhfeidhm i lár Bhaile Eochaille.

Oirthear Chorcaí

Leanann Ceantar Bardasach Chorcaí Thoir ar aghaidh ag tacú le féilte an-rathúla mar Fhéile Bia & Dí Mhainistir na Corann, Banríon na Farraige san Eochail, Féile Moby Dick agus 'Youghaloween Spooktacular'. Bhí an-áthas ar an gCeantar Bardasach an próiseas Chuid 8 a thabhairt chun críche i dtaobh an Ghlasbhealaigh ó Mhainistir na Corann go hEochail. Thug Comhaltaí Chomhairle Contae Chorcaí faomhadh oifigiúil dó sin ar an 14 Eanáir 2019 agus tá na hoibreacha le bheith tosaithe ar an láithreán i 2019. Beidh forbairt an chonláiste iontaigh seo chun leas ní hamháin na bailte Mainistir na Corann agus Eochail ach Limistéar Chorcaí Thoir i gcoitinne. D'oibrigh an Ceantar Bardasach go cruá chun Comórtas Ironman a fháil, a réachtálfar i gCorcaí Thoir ar feadh na dtrí bliana atá romhainn agus a chuirfidh borradh mór faoin ngeilleagar áitiúil. Bhí an Ceantar Bardasach rannpháirteach sa tionscadal píolótach um Wi-Fi Poiblí Saor in aisce, trínar cuireadh Wi-Fi ar fáil i Lár Baile Eochaille.

Ceantar Bardasach Chóibh

Thacaigh Ceantar Bardasach an Chóibh le roinnt grúpaí pobail a bhí freagrach as soilse Nollag a eagrú chomh maith le Paráidí Lá Fhéile Pádraig sa Chóibh agus i nGleann Maghair. Bhí an-áthas ar an gCeantar Bardasach tacú le roinnt féilte sa Chóibh a raibh ina measc Cobh Summer Swing; Imeacht Vitality Cobh; Geallta Bád Mhuintir an Chóibh; Séasúr Ceadal Cobh Carillion; Féile Domhaniascaireachta an Chóibh; Féile



Ucailéile an Chóibh; Féile Bharr an Chnoic; Geallta Bád Trad Sail an Chóibh; Rolladh Liathróide Chnoc na Bearice chomh maith le Féile Léitheoirí agus Scríbhneoirí an Chóibh.

Ceantar Bardasach Mhainistir Fhear Maí
Rinne Ceantar Bardasach Mhainistir Fhear Maí feabhsúcháin ar an réimse poiblí i mBaile Nua Sheandroim agus Cill Uird. D'oibrigh an Ceantar Bardasach i ndlúthpháirt leis an bpobal i nGleannúir chun clós súgartha nua a chur ar fáil don cheantar.

Ceantar Bardasach Cheann Toirc/Mhala
Bhí an-áthas ar Cheantar Bardasach Cheann Toirc/Mhala leanúint ar aghaidh ag tacú le roinnt imeachtaí agus féilte a bhí ar siúl sa Cheantar. Ina measc siúd bhí Paráidí Lá Fhéile Pádraig, Féile Cásca, Clasaicí sa Chaisleán, Comórtas Bhanna Píob na Mumhan, Téatar Amuigh Robin Hood agus Lá Spraoi, imeacht Spooktacular le haghaidh Oíche Shamhna agus Aonach na Nollag i gCaisleán Mhala. Bhí an Ceantar Bardasach rannpháirteach sa tionscadal píolótach um Wi-Fi Poiblí Saor in aisce, trínar cuireadh Wi-Fi ar fáil i Lár Bhaile Mhala. I measc forbairtí eile ar tugadh fúthu I rith na bliana bhí siúlbealach a fhorbairt in aice le Caisleán Cheann Toirc chomh maith le feabhsúcháin ar an réimse poiblí sa Mhargadh Nua.



Clós súgartha nua sa Ghleann Garbh

Ceantar Bardasach Iarthar Chorcaí

Thug Ceantar Bardasach Chorcaigh Thiar faoi oibreacha ar Shráid an tSéipéil, Beanntraí. Áit eile thug an Ceantar Bardasach faoi oibreacha ná in Eaglais Pheadair, ag Cuimhneachán Harrington agus cuireadh trealamh aclaíochta amuigh ar fáil i mBaile Chaisleáin Bhéarra. Faoin Scéim um Fheabhsú Sráidbhailte cuireadh tús i 2018 le siúlbealach chun Sráidbhaile na Léime a cheangal le Coillte Mhírois agus críochnaíodh athchóiriú Chlós Súgartha an Ghleann Ghairbh. Éascaíodh forbairt an láithreáin ghréasáin Tabhair Cuairt ar Dhún Mánmhaí - Baile Mhig Uidhir trí

mhaoiniú a chuir Ceantar Bardasach Iarthar Chorcaí Thiar ar fáil.

Mar thoradh ar mhaoiniú a fuarthas tríd an Scéim um Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte;

- Cuireadh tús le hoibreacha ar Chonair Glasbhealaigh ar Loch Gullane, Cloch na gCoillte
- Cuireadh isteach Dealbh Maureen O'Hara sa Ghleann Garbh
- Feabhsaíodh Margadh Bheanntraí
- Oibreacha réimse poiblí i mBaile Chaisleáin Bhéarra
- Cuireadh isteach pontún sa Scoil
- Cuireadh tús le hobair chun Conair Sam Maguire a fhorbairt




Críochnaíodh oibreacha réimse poiblí ar Shráid an tSéipéil, Beanntraí

Cuairteoirí-An Pháirc Réigiúnach, Baile an Chollaigh	363,000
Monatóireacht Déanta ar Láithreáin Tréigthe	172
Cuairteoirí-Linnte Snámha	Dunmanway- 36,236 Fermoy- 50,097 Mallow- 97,425
Cuairteoirí-Teach Mhíchíl Uí Choileáin (méadú 25% ar 2017)	12,500
Cuairteoirí-Ionad Oidhreacht an Sciobairín (méadú 43% ar 2017)	21,750
Deontais a próiseáladh	774



Oibreacha réimse poiblí déanta i nDraighneach



Dealbh d'óglaigh 1916 Sean Hurley curtha suas mar chuid de na hoibreacha réimse poiblí i nDraighneach



AN tSEIRBHÍS LEABHARLAINNE

Staidreamh na bliana 2018:

Fadhbanna	1,746,302
Iarratais ar déileáladh leo	76,894
Ballraíocht	62,585
Cuairteoirí	1,623,257
Seisiúin Idirlín, lena n-áirítear Wi-Fi	105,948
Imeachtaí a eagraíodh	4138
Líon na ndaoine a d'fhreastail ar imeachtaí	76,967

Cuirtear Seirbhís Leabharlainne Chontae Chorcaí ar fáil tríd an líonra brainsí, tríd na ceithre leabharlann shoghluaiste agus tríd a cuid seirbhísí ar líne a bhíonn ag méadú i gcónaí. Trí naisc líonra láidre a bhunú le gníomhaireachtaí agus le heagraíochtaí éagsúla lena n-áirítear scoileanna agus coláistí ar gach leibhéal, grúpaí pobail, grúpaí abhcóideachta, clubanna agus sochaithe sainspéise agus gníomhaireachtaí tacaíochta éagsúla, sroicheadh Leabharlann Chontae Chorcaí croí na bpobal a bhfreastalaíonn sí orthu.

Tá an tSeirbhís bunaithe agus forbartha ar bhonn d'acmhainní daonna, de bhonneagar fisiceach, bailiúchán leathan litríochta agus eolais de gach leibhéal i bhformáidí éagsúla, chomh maith le clár réamhghníomhach for-rochtana agus fógraíochta agus cur chuige ceannródaíoch i leith na teicneolaíochta.

Cláir For-rochtana agus Fógraíochta

Bíonn an tseirbhís Leabharlainne thar a bheith gnóthach ní hamháin ó thaobh na léitheoireachta agus na teicneolaíochta ach freisin mar gheall ar mhéid agus éagsúlacht na n-imeachtaí, na ngníomhaíochtaí agus na gclár a bhíonn ar siúl i leabharlanna gach lá. Áirítear leo siúd cláir náisiúnta mar Éire Shláintiúil, Work Matters agus Right to Read, lena n-áirítear Féile Leabhar na bPáistí. Tháinig an tSeirbhís Éire Shláintiúil ag do Leabharlann chun bheith mar chuid lárnach den tSeirbhís Leabharlainne in 2018 nuair a eagraíodh 58 n-imeacht, ar fhreastail beagnach 1,000 duine i 28 leabharlann brainse orthu, agus cuireadh 96 leabhar breise a bhain leis an tsláinte le stoc gach brainse. Chuir Éire Ildánach ar chumas na leabharlainne raidhse bealaí éagsúla a iniúchadh chun cruthaitheacht an phobail a spreagadh agus

a éascú. Chomh maith le cláir Chontae nó Náisiúnta, óstálann leabharlanna aonair réimse grúpaí ceardaíochta, cultúrtha agus liteartha agus glacann siad ról gníomhach i bhféilte áitiúla.

An Bailiúchán

Tá an bailiúchán leabhar ag croílár ár seirbhís leabharlainne fós agus thart ar 1.8 milliún mír tógtha ar iasacht gach bliain. Is í an aidhm atá i gceist leis an mbailiúchán, a chuimsíonn formáidí speisialta mar chlosleabhair, leabhair ar líne, cló mór agus DVDanna, ná freastal ar riachtanais daoine de gach aois, gach ábhar spéise agus gach cumas éagsúil agus tacú le cláir mar Right to Read, Éire Shláintiúil, Aoisbháúil etc. Fianaise is ea bailiúchán bríomhar na leabharlainne a mbaintear go leor úsáide as ar thiomantas Chomhairle Contae Chorcaí chun an stoc a mhaoiniú, gealltanais a leathnaíodh i rith 2018.

Teicneolaíocht

D'infheistigh Leabharlann Contae Chorcaí i dteicneolaíocht rochtana poiblí a chuimsigh seomraí digiteacha, teicneolaíocht chruthaitheach agus teicneolaíocht STEM do pháistí, i rith 2018. Cuirfeadh iad sin ar fáil don phobal i 2019, rud a chumasódh foghlaim agus iniúchadh digiteach a dhéanamh inár gcuid leabharlann go léir.

Áitribh Fheabhsaithe agus Leabharlanna Soghluaiste

Cuireadh feabhas ar go leor áitreabh leabharlainne dár gcuid maidir le maisiú, feistis agus inrochtaineacht fheabhsaithe i rith 2018. Tá sé beartaithe againn tús a chur le feabhsú mór ar ár líonra brainsí in 2019 trí chlár tógála agus athchóirithe a thosú a fheabhsóidh an tseirbhís agus an réimse poiblí ina gcuid pobal. Tá seirbhís na leabharlann soghluaiste ríthábhachtach i gContae Chorcaí. Soláthraíonn sé seirbhís nach féidir luach a chur uirthi agus a bhfuiltear an-bhuíoch aisti do phobail tuaithe agus do scoileanna, do thithe altranais agus d'ionaid chónaithe agus do shráidbhailte agus tithe cónaithe iarghúlta. Tá sé beartaithe ceann amháin de na leabharlanna soghluaiste sin a athsholáthar i rith 2019.

I measc éachtaí eile na bliana 2018, bhí:


- Comhpháirtíochtaí déanta le FSS, BOO, OFÁ, SECAD, Clann Shíomóin Chorcaí agus comhlachtaí eile mar chuid de mhéadú chláir na seirbhíse leabharlainne chun gach saoránach i gContae Chorcaí a shroicheadh



- Rinneadh suirbhé ar Aoisbhá, ansin rinneadh tiomsú agus anailís agus cuireadh i gceart laigí sa tseirbhís ar tarraingíodh aird orthu d'fhonn feasacht agus seirbhís do dhaoine breacaosta a fheabhsú
- Forbraíodh agus glacadh *Beartas Aoisbhá Leabharlann Contae Chorcaí* chomh maith leis an *Straitéis Aoisbhá*
- Forbraíodh comhpháirtíocht leis an tseirbhís bus Local Link a mbaineann an dá pháirtí tairbhe aisti chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb an easpa iompair chun na leabharlainne i gcán haghaidh daoine breacaosta
- Seoladh A SOUND INITIATIVE 2018 a ligeann don phobal uirlis cheoil a thógáil ar iasacht, saor in aisce, ar feadh 3 seachtaine ar a laghad
- Rinneadh oibreacha cothabhála/athchóirithe measartha ar leabharlanna an Phasáiste Thiar, na Blarnan, Dhroichead na Bandan agus Mhala i gcomhréir lenár mbeartas mar atá áitribh shábháilte agus tharraingteacha a thairiscint don phobal
- Cuireadh i bhfeidhm an beartas nua GDPR ar fud na seirbhíse leabharlainne, baineadh ciall as an mbeartas chun é a chur in oiriúint do phrótacail bainistíochta leabharlainne.
- Reáchtáladh clár imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar fud an Chontae mar chuid de chlár Éire Ildánach lenár áiríodh sraith imeachtaí chun cothrom 100 bliain ó cheart vótála na mban a cheiliúradh.
- ✓ **An taispeántas** – “Making their mark – Women’s road to Franchise-how far have we come,”
- ✓ **Plé painéil** agus díospóireacht faoi shaincheisteanna na mban, sraith léachtaí tugtha ar fud an Chontae ag Roinn Staidéar na mBan in UCC.
- ✓ **Cuairteanna** ag údair mná Éireannacha mór le rá
- Ceiliúradh Cruinniú na nÓg ar fud an Chontae.
- Tugadh chun críche plean gníomhaíochta an-rathúil do *Right to Read* agus rinneadh obair le sraith eagraíochtaí a dhíríonn ar Dhísléicse, Forbairt Léitheoirí, Litearthacht i measc Daoine Fásta, Féile Eolaíochta Chorcaí chomh maith le hoiliúint foirne Leabharlainne, *An*

t-Earrach agus Am Scéalaíochta, Réaltaí Samhraidh, Féile Leabhar na bPáistí, Seirbhísí do Bhunscoileanna srl (Tionscadal Maggie May)

- Seoladh “Work Matters at the Library” i 3 leabharlann agus tosaíodh cruinnithe le OFÁ, SECAD, Intreo agus CIT chun comhpháirtíochtaí a bhunú leis na gníomhaireachtaí sin chun eolas, imeachtaí agus gníomhaíochtaí a roinnt dóibh siúd a dteastaíonn tacaíocht uathu sa réimse sin
- Ceapadh scríbhneoir cónaithe chun an scríbhneoireacht chruthaitheach a fhorbairt i leabharlanna ar fud an Chontae, chun grúpaí a bhunú agus tacú le grúpaí reatha agus chun bailiúchán saothar a chruthú ag deireadh a bhliana oibre.
- Rinneadh iniúchadh inrochtaineachta i ngach leabharlann d’fhonn eolas a thabhairt don tseirbhís leabharlainne faoi conas a d’fhéadfaidís inrochtaineacht a gcuid brainsí a fheabhsú do gach duine
- Digiú Irisleabhair Staire Áitiúla – Rinneadh The Kinsale Record a dhigiú ag an bhFoireann Staidéir Áitiúil



Seachtain na hEolaíochta inár Leabharlanna



Ceiliúradh Lá Bloom i Leabharlann Charraig Uí Leighin



An tSeirbhís Ealaíon

CBS um na hEalaíona, Cultúr agus Teangacha

Bhí ceithre chruinniú ag an CBS um na hEalaíona, Cultúr agus Teangacha i rith 2018 agus rinne siad na réimsí beartais seo a leanas a bhreithniú.

- An Beartas Gaeilge
- An Beartas Logainmneacha
- An Beartas Ealaíne Poiblí
- Oibriú Chiste an Cheantair Bhardasaigh um Fhorbairt na n-Ealaíon
- Plean Co. Chorcaí d'Éire Ildánach 2017-2022

Rinneadh cuir i láthair ag Scannánóirí Óga Chorcaí agus ar chur i bhfeidhm chlár na Comhairle um Wi-fi i mbailte.

Staidreamh 2018 maidir leis an Oíche Chultúir:

Imeachtaí	127
Ionaid	39
Freastal	7,250 duine

Is í aidhm sheirbhísí Ealaíon Chomhairle Contae Chorcaí ná tacú le cleachtas agus le pléisiúr na n-ealaíon i bpobail áitiúla ar bhealach cuimsitheach agus inrochtana, agus chun saothar nuálach, cruthaitheach den chaighdeán ealaíne is airde a chur chun cinn agus chun tacú leis

Scéim na nDeontas Ealaíon

Cuireadh próiseas nua i bhfeidhm um iarratais ar líne le haghaidh Scéim 2018 le tacaíocht na Foirne um Bhunathrú na Seirbhísí do Chustaiméirí. Fuarthas níos mó ná 200 iarratas agus fuair 135 eagraíocht ealaíon agus tionscadal faoi stiúir ealaíontóirí cúnaimh deontais de mhéid iomlán €160,000. Cuireadh dhá shnáithe nua leis an scéim i 2018. Tugadh isteach *Na hEalaíona trí mheán na Gaeilge* chun tacú le forbairt saothar nua ina n-úsáidtear an Ghaeilge. Tá sé sin deartha freisin chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil d'fhéile agus d'imeachtaí eile ar mian leo imeachtaí poiblí a fhorbairt a úsáideann an Ghaeilge i gcomhthéacs ealaíon. Tá an dara snáithe nua ceaptha chun tacú le healaíontóirí Éireannacha deiseanna a fhorbairt chun a saothair a thaispeáint i *suíomhanna idirnáisiúnta* Foilsíodh torthaí le haghaidh scéim 2017 freisin agus taispeánadh na héachtaí seo a leanas:

- Thacaigh an maoiniú le rannpháirtíocht 1,415 oibrí deonach i ngníomhaíocht chultúrtha laistigh de phobail
- Cuireadh ar chumas breis is 18,962 duine a bheith rannpháirteach go gníomhach sna healaíona, agus áiríodh leis seo seanóirí, daoine óga agus daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu
- Chuireamar ar chumas eagraíochtaí agus ealaíontóirí freastal ar lucht éisteachta ná féachana de 169,356. Áiríodh leis seo pobail áitiúla agus daoine ar cuairt chuig an gcontae
- Sholáthraíomar 815 deis oibre d'ealaíontóirí
- Ghlacamar páirt i gcaiteachas iomlán breis is €900,000 ar na healaíona, a rinne na heagraíochtaí ar tugadh maoiniú dóibh, agus caitheadh an chuid is mó den tsuim sin sa Chontae
- Mheas an 37 Féile Ealaíon a fuair maoiniú tríd an scéim gurbh ionann an tairbhe gheilleagrach a bhain lena gcuid gníomhaíochtaí agus os cionn €3.23M

Scéim Pobal Cruthaitheach na gCeantar Bardasach

Tá an scéim deartha anois chun tacú le tionscnaimh shuntasacha nua i bhforbairt na n-ealaíon i ngach Ceantar Bardasach. In 2018 bhí an caighdeán foriomlán thar cionn agus moladh go dtabharfaí tacaíocht do naoi dtogra déag. Áiríodh leis na moltaí sin réimse foirmeacha ealaíne cosúil le ceol, rince, scannánaíocht agus na hamharcealaíona.

Cuimsíonn na tograí rathúla freisin cónaitheacht fhairsing do Chléire a chuirfear ar fáil go hiomlán trí mheán na Gaeilge, Tionscadal Ealaíne poiblí i gCorcaigh Thoir agus tionscnamh nua Ealaíon agus Sláinte i gCorcaigh Thuaidh. Leis na tionscadail a chuirfear i gcrích tríd an scéim sin, tabharfar deiseanna oibre d'ealaíontóirí atá lonnaithe sa chontae agus do go leor ealaíontóirí idirnáisiúnta. Tabharfar deis do raon leathan grúpaí, idir dhaoine an-óg agus dhaoine aosta, gabháil do ghníomhaíocht chruthaitheach.



Gníomhaíocht Chlár na nEalaíon 2018

Na hAmharcealaíona

- **Macroom Visual** i Halla Baile Mhaigh Chromtha
- **Visions of Half Light** - seo grúpa téamach ina raibh na déantóirí priontaí Debbie Godsell agus Fiona Kelly agus an dealbhóir Sarah O’Flaherty. Rinne na healaíontóirí iniúchadh ar na smaointe, cur isteach agus díchumhadh sa tírdhreach, bíodh go bhfuil siad fíor nó samhlaíthe i gcorp nua de shaothair 2d nó 3d.
- **Kinsale Visual** i bhFoirgneamh Shéamais Uí Néill
- **Taispeántas Iardhearcach 30 bliana de Giles Norman**, saothair tírdhreacha agus faisnéise an ghrianghrafadóir as Cionn tSáile Giles Norman, inar taispeánadh sraith de phriontaí móra
- **Ceardaíocht agus Dearadh Chorcaí - An imeacht Baile**. Taispeántas de shaothair dearthóirí ceannródaíoch tróscáin agus ceardaíochta atá lonnaithe i gContae Chorcaí
- **LHQ Visual** - Ceannteathrú Leabharlann an Chontae
- Chuimsigh clár taispeántas 2018 **seónna aonair leis na healaíontóirí cónaitheacha i gCorcaigh Deirdre Crowley agus John Hales**.
- **The Museum of Making and Mending**, inar taispeánadh filíocht, físealaíon agus earraí a cuireadh le chéile ag rannpháirtithe ó Ionad Cúraim Lae an Sciobairín agus iad ag obair leis na healaíontóirí Tess Leak agus Sarah Ruttle mar chuid de Chomhpháirtíocht na nEalaíon don tSláinte de chuid Chorcaí Thiar

Na hEalaíona san Oideachas:

I measc na dtionscnamh in 2018 bhí

- **Tionscadal Mhúsaem an tSeomra Ranga:** Tionscadal comhoibritheach píolótach le Dánlann Glucksman i UCC a chuir ar chumas páistí páirt a ghlacadh i gclár foghlama samhlaíche le healaíontóirí a bhfuil a gcuid saothar i mbailiúchán UCC. Ba iad na scoileanna

a ghlac páirt ann ná Cluain Dalláin, Gleannúir agus Ráth Chormaic

- **Cumadóir sa Seomra Ranga:** Tionscadal dara leibhéal um oideachas agus léiriú ceoil i dteannta le Féile Cóir Idirnáisiúnta Chorcaí. D’oibrigh na hamhránaithe Paul Linehan (Frank and Walters), Fergal O’Connor agus an cumadóir Sam Barker le daltaí an timthrialla shinsearaigh ar chlár cumtha chruthaithigh i gceithre mheánscoil sa chontae.
- **Tuning up:** Clár na Comhairle um Cheol i Scoileanna a chothaíonn meas agus tuiscint ar an gceol trí cheol beo a thógáil isteach sa seomra ranga. Áiríodh leis na ensembles a bhí rannpháirteach i 2018 Ceathairéad Giotár na hÉireann, Artemis Brass, Ceathairéad Doolan agus Alex Petcu agus Catriona Frost.
- **Theatrix:** Clár de thaibhléirithe beo agus de cheardlanna a ceapadh do bhunscoileanna. Tá sé deartha le bheith inrochtana fiú don scoil is lú. Déantar na taibhléirithe a chomhtháthú i dtaithí na scoile agus i soláthar an churaclaim agus déanann siad iad a shaibhriú agus cuireann siad beocht iontu. Soláthraíonn Theatrix réimse de thaibhléirithe nuálacha, cruthaithe atá nasctha leis an gcuraclam, ina dtaispeántar puipeadóireacht, scéalaíocht, bobaide, scileanna sorcais agus amharclannaíocht sráide.
- **Na healaíontóirí Maeve Clancy agus Sonia Caldwell:** D’oibrigh siad le Páistí i 14 scoil i gceantar an Sciobairín chun ceisteanna a chur faoi dheardh spáis chónaithe agus d’iarr siad ar na rannpháirtithe smaoineamh faoin timpeallacht chónaithe idéalach agus faoin réimse poiblí. Ba é an toradh ná timpeallacht mhórsála a forbraíodh go comhoibritheach agus a cruthaíodh trí úsáid a bhaint as réimse leathan de theicnící gearrtha páipéir agus múnlaíthe. Cuireadh an taispeántas deireanach i gcrích mar chuid d’Fhéile Ealaíon an Sciobairín 2018



Amharclannaíocht na dTaibhealaíon

- **Féile Amharclannaíochta Blackwater Fit-Up:** Clár amharclannaíochta ar camchuart i gceantair thuaithe arb í an aidhm atá aige ná léirithe gairmiúla den scoth a thabhairt chuig lucht féachana i gCorcaigh Thuaidh agus Gleann na Dubhabhann. Bhí páirt ag seacht n-ionad tuaithe téatair agus pobail sa chlár i rannán Chorcaí Thuaidh agus cuireadh ar fáil ceathair thaibhléiriú is fiche de na léirithe seo a leanas.
 - *Silent* arna scríobh agus arna léiriú ag Pat Kinevane, aisteoir a ghnóthaigh Dámhachtain Olivier.
 - *Sharon* arna scríobh ag an drámadóir as Corcaigh Thuaidh Katie Holly,
 - *The Humours of Bandon* arna scríobh agus arna léiriú ag Margaret McAuliffe
 - Denis Conway in athchóiriú de chuid Conal Morrisson ar sheó Beckett de chuid Jack MacGowran, *End of Day*
- **Fit-ups Iarthar Chorcaí:** Ceann de na buaicphointí i bhféilire amharclannaíochta an chontae ab ea Féile Fit-up Iarthar Chorcaí a cheiliúir deich mbliana ó bunaíodh é in 2018 le clár sé léiriú is fiche in ionaid éagsúla in Iarthar Chorcaí i mí Iúil agus mí Lúnasa. Áiríodh sa chlár
 - Noni Stapleton agus í ag léiriú an dráma grinn de chuid Stewart Parker a bhfuil duaiseanna bainte aige, *Charolais*.
 - Mary Murray ó Love/Hate de chuid RTÉ ina seó mná aonair *No Smoke Without Fire*
 - Dráma nua an drámadóra/aisteora Seamus O'Rourke *From Under The Bed*.
 - Léirigh Mikel Murfi a dhráma cáiliúil *The Man in the Woman's Shoes*.
 - Chuir na seaimpíní sa Chomórtas Uile-Éireann um Dhráma Gnímh Amháin, Palace Players as Mainistir Fhear Maí, an dráma corraitheach agus greannmhar

le Malachy McKenna, *The Quiet Land*, i láthair

- Thug an Fhéile isteach den chéad uair saothar gairid do lucht féachana óg *PigNuts Magical Flea Circus*.

- Léirigh an British Theatre Company Heartbreak Productions *The Midnight Gang* le David Walliams os comhair amharclann lán go doras ag an Bowling Green i gCionn tSáile.

Ceol

- In 2018 rinne an Oifig Ealaíon comhpháirtíocht le Fondúireacht Náisiúnta na dTéadcheathairéad chun dhá shéasúr de cheadail Téadcheathairéad a chur ar fáil in ionaid éagsúla i gContae Chorcaí. Tá an Chomhairle geallta go domhain chun na hoibre sin. Tacaíonn sí le forbairt gairme ceoltóirí Éireannacha óga, a bhfuil go leor acu bunaithe i gCorcaigh nó a bhfuil siad tar éis céim a bhaint ó Scoil Cheoil CIT Chorcaí. Tá an clár seo tábhachtach chun cabhrú leis na hEalaíona áitiúla a choimeád agus a fhorbairt trína cheangal le hionaid léirithe tuaithe agus féilte. Freisin tugann sé réiteach ar an easpa taibhléirithe clasaiceacha camchuartha ar chaighdeán ard trí chláir faoi stiúir coimeádaithe saineolacha agus ensembles a bhfuil meantóireacht ghairmiúil déanta orthu a bheith ar fáil chun bheith ar an stáitse in ionaid chontae. Chuimsigh an clár na Ceathairéid **Shandon, Red Abbey agus Doolan** a bhfuil siad go léir lonnaithe i réigiún Chorcaí chomh maith le Ceathairéid **Esposito, Lir agus Beara** (Baile Átha Cliath).
- **Fandango Duo** - Is beirt ghiotáraithe gairmiúil clasaiceacha agus snagcheoil den chéad scoth iad Colin McLean agus David Keating atá bunaithe i gCorcaigh agus ar thug an Oifig Ealaíon tacaíocht dóibh chun dul ar camchuart faoina chlár tacaíochta d'ionaid tuaithe. Sheinn siad ag Féile Giotár Chloch na gCoillte, Ionad Ealaíon an Mheal, Féile Snagcheoil Bhéal an Dá Chab, Ionad



Ealaíon Sirius agus Féile Ealaíon Mhainistir na Corann

- Is éard atá sa **Lux Musicae** ná Ensemble Luathcheoil atá bunaithe sa RA agus a bhfuil clú agus cáil ag teacht air ar fud an domhain mar gheall ar a chuid saothar. D'oibrigh a phríomhsheinnteoir fliúit Shasanaigh, **Sophie Creaner**, arb as an gCóbh ó dhúchas í, ar chláir chamchuarite roimhe seo ar thacaigh an Oifig Ealaíon leo agus thugamar cuireadh don ensemble seinm ag sraith d'fhéilte ceoil sa chontae a raibh ina measc Féile Cheoil Naomh Bearcháin i mBaile an Chaisleáin, Scoil Shamhraidh Dhómhnaill Uí Chorcair in Inse Geimhleach agus Féile Ceoil Chlasaigh Chorcaí Thuaidh.

Damhsa

- Tá Comhairle Contae Chorcaí, in éineacht leis an gComhairle Ealaíon, ina comhpháirtí maoinithe do **Chónaitheacht Rince Iarthar Chorcaí**. Tá an chónaitheacht damhsa nua suite san Uilinn, Ionad Ealaíon Iarthar Chorcaí. Is í an tEalaíontóir Damhsa Cónaithe i 2018 ná **Helga Deasy**. Chomh maith lena cleachtas féin a fhorbairt mar ealaíontóir damhsa tá Helga ag obair chun lucht sprice a fhorbairt don Damhsa sa réigiún. Tá agallaimh déanta le haghaidh chónaitheacht na bliana 2018/19 agus tá an t-ealaíontóir damhsa **Mairead Vaughan** ag forbairt cláir oibre faoi láthair agus í chun a cónaitheacht a thosú i mí Eanáir.
- Freisin thacaigh an Chomhairle leis an iarratas rathúil ar **chlár cónaitheachta a bheith bunaithe i nGaeltacht Mhuscraí chun comhrá a dhéanamh leis an ealaíontóir damhsa Siobhan Ni Dhuinnín**. Beidh snáithe gairmiúil agus snáithe plé pobail ag gabháil leis an gclár, agus an dá ghné le bheith curtha ar fáil le linn an chláir mhaoinithe i 2019

Ealaíona na nÓg

- Tá Scannánaíocht na nÓg mar phríomhréimse béime inár gcuid plé reatha le hEalaíona na nÓg. Mar mheán ina bhfuil go leor disciplíní i gceist,

ó script go léiriú, d'fhéadfaí a rá go soláthraíonn sí an rochtain is oscailte ar rannpháirtíocht daoine óga san healaíona. An réimse is mó inar forbraíodh ár gclár ealaíon na n-óg in 2018 ná gur leathnaíomar **Clár Scannánóirí Óga Chorcaí** dár gcuid, agus i gcaitheamh na bliana cuireadh tionscadaíl rathúla i gcrích i Mala, Baile an Chollaigh, Maigh Chromtha, Baile an Mhistéala, agus Mainistir na Corann. Seoladh an chéad scannán fada a rinne daoine óga as Baile an Chollaigh agus Carraig Uí Leighin i mí Mheán Fómhair.

- Lean an Oifig Ealaíon agus Ceantar Bardasach Chorcaí Thoir ar aghaidh ag tacú le Féile Scannán na nÓg **'First Cut'** trí mhaoiniú agus tacaíocht chomhchineáil eile. Bhí an bhliain ab fhearr a bhí aici riamh ag an bhFéile in 2018 agus clár leathnaithe curtha ar fáil agus bhí Mark Mullery, Stiúrthóir Teicniúil Cartoon Saloon i measc na n-aoichainteoirí. Tháinig sé fhéiseán ceoil nua den scoth as clár na bhFéiseán Ceoil a ndearna an scannánóir Brendan Canty a choimeád. Leanann an fhéile ar aghaidh ag cur chun cinn na scannánaíochta do lucht sprice óg agus d'fhreastail an líon ba mhó daoine riamh ar an bhféile, is é sin thart ar 1,500.
- **Amharclannaíocht na n-Óg** - Tá Comhairle Contae Chorcaí ag obair faoi láthair chun acmhainn amharclannaíocht na n-óg a fhorbairt do cheantar Dhún Mánmhaí le tacaíocht ó Ionad Acmhainní Teaghlaigh Dhún Mánmhaí agus Ionad Ealaíon Iarthar Chorcaí. Is é éascaitheoir Amharclannaíocht na nÓg ná Ronan MacRaois. Tá an Oifig Ealaíon ag tacú freisin le hobair forbartha do AÓ i mBaile Chaisleáin Bhéarra.
- Lean an Oifig Ealaíon ar aghaidh ag tacú le hAmharclann na nÓg, Amharclann Lighthouse agus Amharclann na nÓg Rusty Frog atá bunaithe sa Sciobairín

Ealaíona Leabharlainne

- Cuireann an Oifig Ealaíon seirbhís cláreagraithe ealaíon ar fáil do gach ceann de na 28 brainse leabharlainne sa chontae. Oibríonn an clár le linn na



bliana go léir agus gníomhaíochtaí leanúnacha ceardlainne agus léirithe ar siúl do dhaoine de gach aois agus cumas. Dírímid aird faoi leith ar thrí thréimhse gníomhaíochta; Féile na Bealtaine i mí Bealtaine, Ealaíona Samhraidh i mí an Mheithimh agus mí Iúil agus Féile Leabhar na Leanaí i mí Dheireadh Fómhair.

- Litearthacht agus rannpháirtíocht óige: In 2018 thosaigh an Oifig Ealaíon ag cur tionscadail READ ON ar fáil, arna maoiniú ag an AE, trí leabharlanna brainse roghnaithe. I gcomhpháirt le Féile Liteartha Iarthar Chorcaí, ba é a bhí i gceist leis sin ná ceithre chlár bunaithe i leabharlanna a sholáthar
 1. *My Life in Strips* - Mar thoradh ar an gelár úrscéalta grafacha seo, chruthaigh daoine óga i gceantar Bhaile Mhistéala i gCorcaigh Thuaidh sraith de ghearrscéalta grafacha.
 2. *FLIC* - Tá an clár maisithe seo, do Líonra Maisitheoirí na hEorpa, sceidealaithe le tosú i Mala i nDeireadh Fómhair;
 3. *Youthcast* - Is tionscadal vlog do dhaoine óga é seo faoi stiúir Dave Lordan ar siúl i Mala i mí Aibreáin.
 4. D'oibrigh an tÚrscéaláí do Leanaí ER Murray agus an scríbhneoir greannán Colin O'Mahony le grúpaí óige i leabharlanna i nDún Mánmhaí agus sa Chóbh chun saothar a dhéanamh a roghnaíodh le foilsíú i gCnuasach READ ON 2018
- Scríbhneoir Cónaithe i Leabharlanna. Chuaigh an scríbhneoir Danny Denton in áit Denise Woods mar scríbhneoir cónaithe Chomhairle Contae Chorcaí i Leabharlanna i mí Eanáir. Tá léirmheasanna iontacha faighte ag céad úrscéal Danny *The Earlie King and the Kid in Yellow*. Is iad cuspóirí Danny ina chlár ceardlanna Leabharlainne ná freagairt ar riachtanais scríbhneoireachta aonair agus ag an am céanna dinimic dhearfach grúpa a chruthú laistigh de na grúpaí scríbhneoireachta éagsúla. Tá tacaíocht

theicniúil lárnach á tabhairt aige, tríd an 'Bosca Uirlisí do Scríbhneoirí' agus le linn shaolré na cónaitheachta, tá sé chun breathnú ar a chleachtas éascaithe trí 'Fhoghlaim bunaithe ar Fhiosrú' mar a thugann sé féin air, straitéis a spreagann daoine chun iad féin a mhúineadh trí ábhar léitheoireachta atá leagtha síos, ceistiú treoraithe agus piarmhachnamh/féinmhachnamh.

- Freisin, ar iarratas na seirbhíse leabharlainne, tá sé ag féachaint ar dhea-shamhlacha de struchtúir 'bainistíochta' grúpa chun neamhspleáchas agus inbhuanaitheacht a spreagadh i ngrúpaí scríbhneora atá bunaithe i leabharlanna.
- In 2018, eisíodh an 14ú eagrán d'fhoilseachán gearrscéalta bliantúil Sheirbhís Leabharlainne agus Ealaíon na Comhairle. Cuimsítear i mbailiúchán na bliana seo, Matador, fiche scéal nár foilsíodh riamh, arna roghnú ag Billy O'Callaghan, Eimear Ryan agus Claire Kilroy.

Tionscadal Ceoil Shliabh Luachra

- I bhfómhar 2018 thosaigh an ceoltóir Eoin O'Sullivan ag obair mar Cheoltóir Cónaithe Shliabh Luachra. Comhpháirtíocht atá sa tionscadal seo le Comhairlí Contae Chiarraí agus Luimnigh, chomh maith le Taisce Cheol Dúchais Éireann, agus tugann an Chomhairle Ealaíon maoiniú dó. Oibreoidh Eoin chun tacú leis na cuspóirí seo a leanas
 - Tacú le feidhmíocht, oideachas agus feachtas phoiblí ar oidhreacht cheoil Shliabh Luachra.
 - Oibriú go gníomhach le ceoltóirí, féilte agus grúpaí leasa chultúrtha atá bunaithe sa cheantar áitiúil.
 - Deiseanna a fhorbairt do dhaoine óga chun foghlaim agus páirt a ghlacadh in oidhreacht agus i gcleachtais cheoil an réigiúin agus tacú leo.
 - Cabhrú le ceol agus oidhreacht chultúrtha Shliabh Luachra a cheiliúradh, a chaomhnú agus a chur chun cinn trí chlár gníomhaíochta beartaithe.



- Tacú le féilte agus imeachtaí áitiúla agus meantóireacht a thabhairt dóibh.
- Deiseanna nua a aithint agus a fhorbairt chun rannpháirtíocht an phobail i dtraidisiúin cheoil an réigiúin a mhéadú.

Ealaíona Luathbhlianta

- Is é atá i BEAG ná tionscadal taighde maidir leis na healaíona luathbhlianta atá bunaithe i gCathair agus Contae Chorcaí. Tionscadal comhpháirtíochta é sin a forbraíodh i gcomhar le Comhairle Cathrach Chorcaí, Amharclann Graffiti agus FSS an Deiscirt. Cuireadh Céim 5 den chlár ar fáil suas go dtí Meitheamh 2018. Tá leibhéal ard de chleachtas gairmiúil forbartha ag Beag sna healaíona Luathbhlianta. Cuireadh clár Beag ar fáil do thart ar dheich n-ionad luathóige sa Chontae lenar áiríodh obair in dhá Ionad Fáiltithe Inimircigh de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus i gCloch na gCoillte agus Carraig Thuathail, faoi seach. Rinne Katherine Atkinson athbhreithniú straitéiseach ar iarratas na dtrí chomhlacht maoinithe ag tús 2018. Táthar ag plé le torthaí an athbhreithnithe sin faoi láthair le grúpa bainistíochta an chlár sa Graffiti Theatre Co.

Na hEalaíona sa tSláinte

- In 2018 lean Comhairle Contae Chorcaí ar aghaidh lena rannpháirtíocht i gclár na nEalaíon don tSláinte in Iarthar Chorcaí i gcomhpháirt le hIonad Ealaíon Iarthar Chorcaí, BOO Chorcaí agus FSS an Deiscirt. Cuirtear ar bun an clár in aon cheantar tuaithe déag ó cheann ceann an chontae, i gcúig Ospidéal Pobail, in Ospidéal Bheantraí agus i gcúig Ionad Cúraim Lae in Iarthar Chorcaí agus é éascaithe ag foireann idirdhisciplíneach ealaíontóirí.
- Tá an t-ealaíontóir Tom Weld ag déanamh oibre ar chlár le húsáideoirí na seirbhíse faoisimh in Ospís Marymount faoi láthair agus san fhómhar, leathnaigh an Oifig Ealaíon an clár seo trí thacaíocht deontais do *Cheol sa Phobal* chun

seirbhísí a chur ar fáil d’othair cúraim faoisimh i Marymount.

- Cuirfear tús le comhar le Dánlann Glucksman agus le FSS an tuaiscirt le haghaidh tionscadail tosaigh ealaíontóra cónaithe leis an bhfísealaíontóir Colin Crotty sna hionaid sláinte i gCeantar Bardasach Mhala/Cheann Toirc.

Rannpháirtíocht Phoiblí sna hEalaíona

- Is éard is **Oíche Chultúir** ann ná an príomhcheiliúradh náisiúnta ar na hEalaíona. Ar an oíche sin, tagann eagraíochtaí ealaíon agus ealaíontóirí as gach cearn den tír le chéile chun clár imeachtaí saor in aisce a chur ar fáil don phobal. Déanann an Oifig Ealaíon comhordú ar chlár Chontae Chorcaí don Oíche Chultúir agus í i mbun idirchaidrimh le heagraíochtaí agus le healaíontóirí atá bunaithe go háitiúil. I mbliana bhí an Oíche Chultúir ar siúl ar an 21 Meán Fómhair agus ghlac go leor ball den phobal páirt san imeacht seo agus 127 imeacht ar siúl i 39 baile agus sráidbhaile ar fud an chontae. Ba é líon iomlán an lucht freastail a taifeadadh ná 7,250.
- Is éard atá i **Film SOS (See Our Shorts)** ná tionscadal píolótach um thaispeáint gearrscannán a forbraíodh i gcomhpháirt le Féile Gearrscannán Indie Cork. Is é an cuspóir atá aige ná deis a thabhairt do lucht freastail rialta pictiúrlann taithí a fháil ar léiriú gearrscannán trí chlár coimeáda de na gearrscannáin is fearr a cuireadh faoi bhráid Fhéile Scannán Indie Cork i sé ionad i gContae Chorcaí. Is éard atá i gceist leis an tionscadal ná tacaíocht do phictiúrlanna i Mala, Beantraí, Mainistir na Corann agus san Eochail, Ionad Ealaíon Sirius agus Halla an Bhaile sa Sciobairín. Cuimsíonn an clár scannán atá saor in aisce don phobal cainteanna buneolais ag Stiúrthóir na féile Mick Hannigan.
- **Cónaitheacht an Oileáin Mhóir:** D’oibrigh an grianghrafadóir agus an scannánóir faisnéise Ed Godsell i gcaitheamh sé mhí ar thionscadal rannpháirtíochta pobail ar Oileán Mór, inar breathnaíodh ar na roghanna saoil



- a rinne cuid de dhaonra thart ar 200 an oileáin amach ó Chósta Iarthar Chorcaí.
- Le seoladh an chlár náisiúnta **Clár Éire Ildánach** bhíothas in ann Foireann Chultúir a bhunú a chuimsíonn ionadaithe ón Oifig Ealaíon, ó Leabharlann an Chontae, ón rannóg Oidhreacht agus Turasóireacht faoi cheannaireacht an Stiúrthóra do Cheantair Bhardasacha agus Ghnóthaí Tuaithe.
 - Bhí Cruinniú na nÓg ar cheann de na príomhthionscnaimh chun plé leis an bpobal i gclár Éire Ildánach i 2018. Le tacaíocht ó bhail foirne na mbrainsí áitiúla leabharlainne, sholáthair an Oifig Ealaíon sraith de ghníomhaíochtaí cruthaitheacha bunaithe ar rannpháirtíocht agus faoi stiúir ealaíontóirí i 16 leabharlann brainse a bhí scaipthe ar fud na n-ocht gceantar bardasach sa Chontae.

- Thug an Oifig Ealaíon tacaíocht sparánachta don drámadóir Katie Holly atá lonnaithe sa **Ráth maidir lena saothar stáitse nua “Crowman”, a léirigh Jon Kenny ag Féile Lár an tSamhraidh**. Táthar ag súil go mbeidh an saothar sin ar cuairt i bhféile Fit-up na Dubhabhann i 2019.
- Faoi láthair tá an Oifig Ealaíon ag tacú leis an léiritheoir agus an déantóir amharclannaíochta as an bhFionlainn **Antti Suniala chun oibriú le healaíontóirí léirithe bunaithe sa chontae, Will Flanagan, Guillaume Cousson agus Ronan McLoughlin, chun seó sráide nua a fhorbairt faoin teideal oibre “Solaris” a bheidh ar fáil le cur in áirithe ag féilte áitiúla i 2019.**

Eoraip na Cruthaitheachta de chuid an AE

- Tá an Oifig Ealaíon ag obair ar iarratas trasnáisiúnta ar mhaoiniú AE chun Moil Scannánaíochta Óige a fhorbairt i nDeisceart agus in Iarthar Chorcaí i gcomhpháirt le SECAD agus grúpaí comhpháirtí AE sa tSualainn agus san Ungáir.

Forbairt Ghairmiúil agus Coimisiúin Ealaíontóra

- In 2018, sholáthair an tSeirbhís Ealaíon **seacht sparánacht d’ealaíontóirí gairmiúla atá bunaithe i gContae Chorcaí chun tabhairt faoi thaighde nó tionscdaíl chruthaitheacha nua a fhorbairt**. Freisin rinneamar soláthar do **cheithre sparánacht chun go bhféadfadh ceathrar ealaíontóirí roghnaithe am a chaitheamh in Ionad Tyrone Guthrie agus Fondúireacht Ballinglen**.
- Thacaigh an Oifig Ealaíon leis an gcéad léiriú de dhráma nua **Timmy Creed “Spliced” ag Féile Lár an tSamhraidh** agus faoi láthair tá sí i mbun plé leis maidir le camchuart den saothar ar ionaid sa Chontae i 2019.



Seirbhísí Corparáideacha

Méara an Chontae

Bhí téarma oifige Mhéara an Chontae an Cmhrl Declan Hurley ar siúl ó Mheitheamh 2017 go Meitheamh 2018. Toghadh an Cmhrl Patrick Gerard Murphy, Méara Chontae Chorcaí mar Mhéara Chontae Chorcaí i mí an Mheithimh 2018.

Fáiltiú an Mhéara

I mí Aibreáin 2018, réachtáil an Cmhrl Declan Hurley, a bhí ina Mhéara ar Chontae Chorcaí ag an am, Fáiltiú Méara chun na daoine seo a leanas a cheiliúradh:

- Cody Barrett – Buaiteoir Boinn Óir i gCraobhchomórtas Karate an Domhain (Faoi 9 mbliana d’aois)
- Pat Kinevane – Aisteoir tar éis dó Dámhachtain Laurence Oliver a bhaint amach i 2016 as Éacht den Scoth in Amharclannaíocht Chleamhnaithe.
- Criú Chabhlach na hÉireann ar an L.E EITHNE.
- Banna Céilí Sheandroma – A bhain Craobh na hÉireann do Bhanna Céilí Sinsearach 3 bliana as a chéile.
- Banna Céilí Crossfield – A bhain Craobh na hÉireann sa chatagóir faoi 18 mbliana (3 bliana as a chéile freisin).
- James Deane Killavullen – Tar éis dó an Corn Domhanda i Formula Drift a bhaint.
- Meánscoil Mhuire Mala – Bhí an bua ag ceathrar cailíní sa rás sealáochta 200m i gCraobhchomórtas Sinsearach Scoileanna na Mumhan.
- Ditch Your Carbon Cup Print – CBS an Rátha.
- James Sugrue Mallow – Buaiteoir Chraobhchomórtas Dheisceart Éireann sa Ghalf.
- Mairead Martin, Ceann Toirc – Craobhchomórtas Gailf na mBan i Laighean.

- Peil na mBan Chorcaí – Craobhchomórtas na Mionúr A Pheil na mBan.
- Callum Walsh – Bonn Óir i nDornálaíocht Éadrom-Mheáchain na hEorpa.
- Grúpa Comhaltas Chillín an Chrónáin – Grúpa 15 go 18 i gCraobh na hÉireann.
- Grúpa Comhaltas Chillín an Chrónáin – Buaiteoirí i nGrúpa 12 go 15 i gCraobh na hÉireann.
- Palace Players, Cill Uird (Léiritheoir: Danny Buckley) – Sraithchomórtas Drámaíochta na hÉireann.
- Club Badmantain Óige Bhántír.
- Joey Shaw (Taekwondo).
- Comhaltas Bhaile an Spidéil.
- Relentless Crew.
- CLG Chnoc na Graí Buaiteoirí Chraobhchomórtas Peile na gClubanna Sóisearacha.
